# Suíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl

# Plean Bainistíochta 2008 – 2018



Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

OPW

# Suíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl

# Plean Bainistíochta 2008 – 2018

Iúil, 2008


Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

OPW

# Ráiteas Misin

Suíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl a chosaint agus a chaomhnú, agus tuiscint dó a chur chun cinn, trí chreat bainistíochta a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh cinnte de go gcaomhnófar a Shár-Luach Uilíoch do na glúine reatha agus do ghlúine amach anseo.

United Nations
Educational, Scientific and
Cultural Organization

PATRIMONIO MUNDIAL · PATRIMOINE MONDIAL · WORLD HERITAGE

# CLÁR ÁBHAR

## Brollach

## Achoimre Feidhmiúcháin

## Caibidlí

1. **Réamhrá**
   1.1 Réamheolas ar an bPlean Bainistíochta .......... 1
   1.2 Cuspóir an Phlean Bainistíochta .......... 1
   1.3 Ullmhú an Phlean Bainistíochta .......... 2

2. **Cur síos ar agus Stair Sceilg Mhichíl**
   2.1 Réamhrá .......... 5
   2.2 Suíomh .......... 6
   2.3 Teorainn an tSuímh Oidhreachta Domhanda .......... 7
   2.4 Geolaíocht .......... 7
   2.5 Cur síos ar Ghnéithe Príomhúla .......... 7
   2.6 Stair Ghairid Sceilg Mhichíl .......... 11
   2.7 Oidhreacht Nádúrtha Sceilg Mhichíl .......... 14

3. **Tábhacht an tSuímh**
   3.1 Tábhacht Sceilg Mhichíl .......... 18
   3.2 An Bonn Cirt le hInscríobh .......... 21
   3.3 Fíordheimhneacht agus Sláine Sceilg Mhichíl .......... 22

4. **An Creat Bainistíochta**
   4.1 Úinéireacht .......... 25
   4.2 Cosaintí Reachtúla .......... 25
   4.3 Treoir agus Cairteacha Idirnáisiúnta .......... 28
   4.4 Bainistíocht Suímh .......... 29
   4.5 Saincheisteanna Bainistíochta .......... 43

5. **An Plean a Chur i bhFeidhm**
   5.1 Straitéis um Chur i bhFeidhm .......... 49
   5.2 Léiriú Intinne .......... 49
   5.3 Cuspóirí agus Gníomhartha chun torthaí an Léirithe Intinne a Bhaint amach .......... 49

5.4 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Phlean Bainistíochta ...................... 59

## Aguisíní

Aguisín 1: Tábla 1 — Achoimre ar an gClár Gníomhaíochta, 2008–2018.................................. 69
Aguisín 2: Léarscálacha de Theorainn an tSuímh agus Ainmniúcháin de Limistéir Chaomhantais Fiadhúlra....... 73
Aguisín 3: Cur síos ar Ghnéithe Príomhúla ........................................................................................ 76
Aguisín 4: Achoimre ar Iniúchtaí Seandálaíochta, 1986–2007 ............................................. 89
Aguisín 5: Oibreacha Caomhantais Déanta go dtí Seo ............................................................... 97
Aguisín 6: Eolas ar Oidhreacht Nádúrtha ................................................................... 105
Aguisín 7: Eolas Ginearálta ........................................................................................... 111
Aguisín 8: Achoimre ar an bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí ................................................................ 112
Aguisín 9: Teagmhálacha agus Láithreáin Ghréasáin Úsáideacha ........................................................................... 115

## Leabharliosta

## Liosta na bhFigiúirí


Fig. 1 — Suíomh an tsuímh
Fig. 2 — Plean de Chlós na Mainistreach ar Sceilg Mhichíl ag taispeáint suíomh na gcillíní, aireagail, séipéal, *leachta* agus leithreas na manach. Taispeáinte freisin tá an bealach iontrála láithreach chuig an gclós agus dhá cheann níos luaithe
Fig. 3 — Léarscáil de Theorainn Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl.
Fig. 4 — Sceilg Mhichíl: Ginearálta
Fig. 5 — Ainmniúcháin de Limistéir Chaomhantais Fiadhúlra.
Fig. 6 — Breac-chuntas ar thochailtí, 1986–2001.


## Liosta Plátaí


Pl. 1 — Amharc ón aer den Mhainistir ar Sceilg Mhichíl, ón taobh thoir.
Pl. 2 — Amharc ón aer de Sceilg Mhichíl, ón taobh theas, ag léiriú an dá bhinn, Diallait Chríost agus Bóthar an Tí Solais.
Pl. 3 — Cuid Uachtarach na gCéimeanna Theas, ag dul suas go dtí an Mhainistir.
Pl. 4 — Amharc ón aer den Mhainistir, ag léiriú an chlóis inmheánaigh (ag taispeáint shuíomh na gcillíní, na n-aireagal, an tséipéil agus *leachtanna* Ghairdín Íochtarach na Manach le hiarsmaí de chillín níos sine (G)). Taispeánann an t-amharc seo barr na gCéimeanna Thoir agus bealach isteach bunaidh na Mainistreach freisin.
Pl. 5 — Amharc ón naoú haois déag den Teach Aíochta agus den chros suite lasmuigh de bhealach isteach na Mainistreach, a foilsíodh in *Notes on Irish Architecture*.
Pl. 6 — An chéad phlean mionchruinn den Mhainistir ar Sceilg Mhichíl, a foilsíodh in *Notes on Irish Architecture* sna 1870í.
Pl. 7 — Amharc de Shéipéal Naomh Mhichíl, a léiríonn balla coinneála intite ar an taobh theas, a foilsíodh in *Notes on Irish Architecture*.
Pl. 8 — Puifín (*Fratercula artica*).
Pl. 9 — Rón Glas (*Halichoerus grypus*).
Pl. 10 — Coireán Mara (*Silene uniflora*) ag fás in aice leis na céimeanna.
Pl. 11 — Lus Bealtaine Mara (*Tripleurospermum maritimum*).
Pl. 12 — Amharc de Sceilg Mhichíl agus den Sceilg Bheag ón mórthír.
Pl. 13 — Maidin luath sa Mhainistir, ag léiriú Reilig agus chillíní na Manach.
Pl. 14 — Ag oibriú chun na struchtúir ar an mBinn Theas a chobhsú.
Pl. 15 — Ag oibriú ar an mBinn Theas le cabhair téad agus faoi mhaoirseacht Oifigeach Sábháilteachta lánaimseartha.
Pl. 16 — Obair shuirbhéireachta ar Ghairdín Íochtarach na Manach roimh thochailt agus i ndiaidh bhaint an fhásra.
Pl. 17 — Taifeadadh iar-thochailte i nGairdín Íochtarach na Manach.
Pl. 18 — An Teach Solais Íochtarach atá fós in úsáid.
Pl. 19 — Amharc de Bhóthar an Tí Solais Uachtarach agus an Teach Solais Uachtarach, nach n-úsáidtear a thuilleadh.
Pl. 20 — Cuairteoirí laistigh de chlós na mainistreach.
Pl. 21 — Treoraí ag labhairt le cuairteoirí sa Mhainistir.
Pl. 22 — Amharc ón aer den Mhainistir, ag léiriú an chlóis inmheánaigh agus Gairdín Uachtarach agus Íochtarach na Manach.

Pl. 23 — Clós inmheánach na mainistreach.
Pl. 24 — Amharc ón aer de na Céimeanna Thoir.
Pl. 25 — Amharc ón aer de na Céimeanna Thuaidh.
Pl. 26 — Amharc ón aer de na Céimeanna Theas, ag dul go Diallait Chríost.
Pl. 27 — Amharc de na Céimeanna Theas ón mBinn Theas.
Pl. 28 — Amharc ón aer de Ghairdín Uachtarach na Manach.
Pl. 29 — Amharc ón aer d'fhoirceann thiar na Mainistreach, ag léiriú na mballaí coinneála.
Pl. 30 — Amharc de Chillíní A, B agus C laistigh den chlós inmheánach.
Pl. 31 — Amharc de Chillíní E agus F laistigh den chlós inmheánach.
Pl. 32 — Cruinneachán inmheánach Chillín F, ag léiriú an dín choirbéalta agus bacáin chloiche ag gobadh amach.
Pl. 33 — Amharc den Sceilg Bheag ó fhuinneog thoir Shéipéal Naomh Mhichíl.
Pl. 34 — Reilig na Manach laistigh den chlós inmheánach.
Pl. 35 — Sistéal uisce suite díreach faoi bhun Chillín B sa chlós inmheánach.
Pl. 36 — Diosca bréifneach ligníte agus iarsma d'fháinne/briocht a fuarthas san Aireagal Mór.
Pl. 37 — Biorán fáinne cré-umha (ón aonú haois déag) faighte laistigh de bhalla cloiche singile ag an mbealach isteach níos luaithe sa Bhalla Coinneála Uachtarach.
Pl. 38 — Rud déanta de chnámh snoite (píosa imeartha, b'fhéidir) a fuarthas i nGairdín Íochtarach na Manach.
Pl. 39 — Méaróga rollta ag uisce faighte i gcomhar le *leacht* sa Mhainistir.
Pl. 40 — Pláta círe cnáimhe maisithe (naoú/deichiú haois) faighte ar an dromchla laistigh de Shéipéal Naomh Mhichíl.
Pl. 41 — Sligí de photaireacht mheánaoiseach ó Ghairdín Íochtarach na Manach.
Pl. 42 — An tAireagal Beag roimh thochailt agus oibreacha caomhantais.
Pl. 43 — Amharc ón aer de Léibheann an Aireagail Bhig tar éis tochailte, comhdhlúthaithe agus oibreacha caomhantais.
Pl. 44 — An ceannbhrat cosantach ag Cuainín na Croise.

## Liosta na dTáblaí

Tábla 1 — Achoimre ar Chlár Gníomhaíochta 2008–2018.
Tábla 2 — Tochailtí ar Sceilg Mhichíl 1986–2007.
Tábla 3 — Sonraí d'Áireamh Speicis Éin an SPA

# BROLLACH



Tá áthas orm an Plean Bainistíochta seo a fhoilsiú do Sceilg Mhichíl, ceann de thrí Shuíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO ar oileán na hÉireann. Is cuí go gcuirtear an tábhacht a bhaineann le hainmniú suímh mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda i gcuimhne dúinn: Breathnaíonn UNESCO ar inscríobh suíomh le hairíonna oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha a mheastar go mbaineann 'Sár-Luach Uilíoch' leo, i.e. a mbaineann 'tábhacht chultúrtha agus/nó nádúrtha leo atá chomh heisceachtúil sin go dtrasnaíonn sí teorainneacha náisiúnta agus go mbaineann tábhacht choiteann leo do ghlúine reatha agus na todhchaí an duine daonna iomláin.  Mar sin, tá cosaint bhuan na hoidhreachta seo ríthábhachtach don phobal idirnáisiúnta ina iomláine'. Cuireann an sainmhíniú seo i gcuimhne dúinne go bhfuil dualgas orainn an suíomh uathúil agus iontach seo a chosaint, ní hamháin ar son na glúine seo nó ar son mhuintir na hÉireann, ach ar son ghlúine uile na náisiúntachtaí uile as seo amach.

Tá ullmhú an phlean seo chun an Suíomh Oidhreachta Domhanda iontach seo a chaomhnú ina chéim thábhachtach ar thuras a thosaigh nuair a lonnaigh na chéad manach ar Sceilg Mhichíl, rud a tharla chomh luath leis an séú haois, b'fhéidir.

Tá sé d'aidhm ag an bPlean Bainistíochta Sár-Luach Uilíoch an tsuímh a chosaint agus a chaomhnú agus é a chur i láthair ar bhealach inbhuanaithe, measúil, rud a chuirfidh ar chumas pobail áitiúla agus cuairteoirí taitneamh a bhaint as a shaibhreas cultúrtha agus spioradálta. Bhí na beartais sa phlean seo treoraithe ag próiseas de chomhairliúchán leathan poiblí. Léirigh líon na bhfreagraí ar an bpróiseas sin mian na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí a chinntiú go gcaomhnófar airíonna speisialta an tSuímh Oidhreachta Domhanda seo do na glúine atá fós le teacht. Tá sé de fhreagracht orainn oibriú le chéile chun na beartais agus na gníomhartha a ndéantar cur síos orthu sa straitéis um chur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochtaa chur i gcrích.

Gabhaim fíor-bhuíochas leis na comhlachtaí agus daoine éagsúla uile a rinne obair chrua chun an plean seo a tháirgeadh, go háirithe baill Ghrúpa Stiúrtha Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl, na tríocha freagróir a nocht a gcuid tuairimí mar fhreagra ar an iarratas ar thuairimí ón bpobal agus oifigigh UNESCO. Táim cinnte go mbeidh an cháipéis seo ina huirlis bhainistíochta rí-luachmhar do na daoine uile a mbeidh baint acu le caomhnú agus cur i láthair leanúnach na háite uathúla agus speisialta seo.



John Gormley TD.
An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

# Achoimre Feidhmiúcháin

D'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ) Plean Bainistíochta Sceilg Mhichíl 2008–2018 i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) i ndiaidh próiseas comhairliúcháin leathan. Is é aidhm an phlean an Suíomh Oidhreachta Domhanda (WHS), ar a dtugtar Sceilg Mhichíl, a chosaint agus a chaomhnú. Tugann an plean eolas ar ghnéithe éagsúla de bheartas bainistíochta Sceilg Mhichíl, lena n-áirítear caomhnú agus cur i láthair, bainistíocht cuairteoirí, na cosaintí reachtúla atá tugtha dó agus na breithnithe forbartha a bhfuil gá leo chun an suíomh a chosaint as seo amach.

Leagann an plean amach na cuspóirí príomhúla agus an fhís fhadtréimhseach do bhainistiú Sceilg Mhichíl, tugann sé stair ghairid an tsuímh agus déanann sé cur síos ar na gnéithe cultúrtha agus oidhreachta nádúrtha príomhúla lena mbaineann. Sainmhíníonn sé Sár-Luach Uilíoch an tsuímh agus an bonn cirt le hinscríobh an tsuímh ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO. Molann sé creat beartais do bhainistiú, caomhnú agus cosaint éifeachtúil an tsuímh don todhchaí, a chaomhnóidh freisin tábhacht doláimhsithe agus chultúrtha an tsuímh ar mhaithe le pobail áitiúla agus cuairteoirí.

Tugann Caibidil 1 réamheolas ar an bplean, an cuspóir leis agus conas a ullmhaíodh é. Tugtar cur síos gairid ar Sceilg Mhichíl agus cúlra stairiúil agus gnéithe geolaíocha príomhúla an tsuímh i gCaibidil 2. Leagtar amach tábhacht agus luachanna, oidhreacht chultúrtha, oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht doláimhsithe Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl i gCaibidil 3. Déantar cur síos ar an suíomh mar shár-eiseamláir de lonnaíocht luath-mheánaoiseach thar a bheith dea-chaomhnaithe. Deirtear gur chaith na manaigh tréimhse chomh fada sin ar an suíomh go bhfuil braistint spioradáltachta ann atá chomh láidir gur féidir le haon duine a chaitheann am ar an oileán í a bhrath. Léiríonn sé cleachtais antoisceacha an mhanachais Chríostaí a bhí ina ghné den Afraic Thuaidh, den Neasoirthear agus den Eoraip, ar bhealach nach féidir le haon suíomh eile é a léiriú.

Déileáiltear le creat bainistíochta reatha an tsuímh i gCaibidil 4. Tá an suíomh, seachas limistéar an tí solais, faoi úinéireacht an Stáit. Is é an RCORÁ an comhlacht Stáit atá freagrach as cúrsaí a bhaineann le beartas oidhreachta faoin gCoinbhinisiún Oidhreachta Domhanda. Leagann an chaibidil seo amach raon na gcosaintí atá ag an suíomh: reachtaíocht náisiúnta, meicníochtaí áitiúla, treoirlínte idirnaisiúnta, treoir reachtúil agus neamhreachtúil. Aithnítear roinnt saincheisteanna bainistíochta is gá aghaidh a thabhairt orthu faoin bplean. Clúdaítear an straitéis um chur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta i gCaibidil 5. Déantar cur síos ar an bplean mar uirlis chun na beartais agus cuspóirí éagsúla uile a bhaineann le caomhnú an oileáin a chur i bhfeidhm agus a chomhordú. Tugtar léiriú intinne, a leagann amach cuspóirí príomhúla an phlean agus na gníomhartha a bhfuil gá leo chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

# CAIBIDIL 1

## RÉAMHRÁ



## 1.1 Réamheolas ar an bPlean Bainistíochta

Forbraíodh an Plean Bainistíochta seo chun Suíomh Oidhreachta Domhanda (WHS) Sceilg Mhichíl a chosaint agus a chaomhnú. Tugann an plean aghaidh ar shaincheisteanna oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha ar bhealach comhtháite. Tháirg an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ), Éire, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP), an plean, agus forbraíodh é i gcomhairle le grúpaí leasmhara áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara eile. Clúdaíonn an plean oileán Sceilg Mhichíl, seachas an teach solais íochtarach (atá in úsáid) agus a chúirtealáiste agus limistéar an héileapad leis an aonad stórála in aice láimhe.

Moltar sna Treoirlínte Oibríochtúla a d'eisigh an Coiste Oidhreachta Domhanda gur chóir go mbeadh creata bainistíochta leordhóthanacha, córas bainistíochta doiciméadaithe agus reachtaíocht chuí i bhfeidhm ag na Stáit uile is Páirtithe chun stádas Oidhreachta Domhanda na suíomh inscríofa a chosaint. Cuireann an plean seo creat ar fáil do bhainistiú forghníomhach an tsuímh, rud a dhéanann cinnte go gcoinneofar agus go gcaomhnófar a Shár-Luach Uilíoch do ghlúine na todhchaí.



*Pl. 1 - Amharc ón aer den Mhainistir ar Sceilg Mhichíl, ón taobh thoir.*

## 1.2 Cuspóir an Phlean Bainistíochta

Leagann Plean Bainistíochta Sceilg Mhichíl 2008–2018 amach na cuspóirí príomhúla agus fís na todhchaí do bhainistiú Sceilg Mhichíl. An misean atá aige ná an suíomh mórthaibhseach seo a chaomhnú, a choinneáil agus a chur i láthair de réir caighdeáin idirnáisiúnta trí chreat bainistíochta a chur i bhfeidhm a chosnóidh a Shár-Luach Uilíoch. Tá sé d'aidhm ag an bplean a chinntiú go dtuigfear airíonna uathúla agus tábhacht dhomhanda an tsuímh chun go gcaomhnófar agus go gcosnófar na sócmhainní cultúrtha agus stairiúla a fuarthas le hoidhreacht.

Forbraíodh an Plean Bainistíochta thar thréimhse dhá bhliain, agus cuimsíonn sé na nithe seo a leanas:

- stair ghairid agus cur síos ar ghnéithe príomhúla na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha ar Sceilg Mhichíl;
- aithint na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar luachanna príomhúla an tsuímh;
- beartais do bhainistiú éifeachtúil an tsuímh as seo amach a choinneoidh tábhacht spioradálta agus chultúrtha an tsuímh.

Tabharfaidh an plean seo treoir do bhainistíocht laethúil agus fhadtréimhseach Sceilg Mhichíl. Beidh sé ina cháipéis oibre is féidir athbhreithniú tráthrialta a dhéanfar air, agus cuirfear isteach breiseanna nó déanfar leasuithe de réir mar a athróidh imthosca.

## 1.3 Ullmhú an Phlean Bainistíochta


Bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Grúpa Stiúrtha WHS Sceilg Mhichíl in 2006 chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú an Phlean Bainistíochta de réir dhualgais Éireann faoin gCoinbhinsiún Oidhreachta Domhanda. Ar an ngrúpa, bhí saineolaithe teicniúla ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí, le tacaíocht riaracháin agus bainistíochta tionscadal curtha ar fáil ag Aonad um Beartas Oidhreachta agus Cosaint Ailtireachta an RCORÁ.  Tá an RCORÁ agus an OOP comhfhreagrach as cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta.

Le linn ullmhú an Phlean Bainistíochta, bhuail an grúpa le chéile go rialta chun teacht ar chomhaontú faoi na tosaíochtaí príomhúla. Sheol an Grúpa Stiúrtha dréacht-phlean i mí Iúil 2007 le haghaidh comhairliúchán poiblí. Bhí an tréimhse chomhairliúcháin ar siúl idir 19 Iúil 2007 agus 28 Meán Fómhair 2007. Bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí fógraí a chur sna nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, preaseisiúint, foilsiú an Dréacht-Phlean Bainistíochta ar láithreán gréasáin an RCORÁ (http://www.environ.ie) agus scaipeadh breis agus 100 cóip den cháipéis chomhairliúcháin ar pháirtithe leasmhara agus eagraíochtaí ábhartha. Fuarthas breis agus 30 aighneacht mar fhreagra ar chéim chomhairliúcháin phoiblí an ullmhaithe de Dhréacht-Phlean Bainistíochta Sceilg Mhichíl. Bhain na haighneachtaí a fuarthas le réimse leathan agus éagsúil, agus fuarthas ionchur suntasach ó ghrúpaí leasmhara pobail, pearsanra gairmiúil agus teicniúil, institiúidí gairmiúla, comhlachtaí urraithe ag an Stát, cosúil leis an gComhairle Oidhreachta, ball de Dháil Éireann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údarás áitiúil, treoraithe, acadóirí agus an pobal níos leithne.

Rinne an Grúpa Stiúrtha na tuairimí uile a fuarthas a mheas agus chuir siad san áireamh iad le linn ullmhú an phlean seo.  Rinne an grúpa comhairliúchán le gníomhaireachtaí cosúil leis an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, Fáilte Éireann, freisin i ndáil le tuairimí faighte faoi thurasóireacht inbhuanaithe le linn na céime comhairliúcháin. Chomh maith leis sin, cuireann an plean moltaí san áireamh a tháinig ó réamhthorthaí mhisean frithghníomhach UNESCO chuig Sceilg Mhichíl, a rinneadh i mí na Samhna 2007. Cuireadh an plean faoi bhráid Ionad Oidhreachta Domhanda UNESCO go foirmiúil i mí Iúil 2008.

# Caibidil 2

## Cur síos ar agus Stair Sceilg Mhichíl



## 2.1 Réamhrá

Tá an suíomh is mórthaibhsí de na suímh mhanachúla luath-mheánaoiseacha uile ar oileán ag Sceilg Mhichíl, agus tá Mainistir dea-chaomhnaithe agus Díseart iargúlta ann. Chabhraigh iargúltacht an oileáin le hiarsmaí na mainistreach a chaomhnú agus a chosaint. Tá tábhacht ollmhór gan tomhas ag baint le Sceilg Mhichíl de bharr staid bhuanchoimeádta agus fíordheimhnithe na n-iarsmaí sin. Ionadaíonn sé saothar cultúrtha uathúil a léiríonn tréimhse shuntasach sa stair agus sibhialtacht atá imithe as.



*Pl. 2 - Amharc ón aer de Sceilg Mhichíl, ón taobh theas, ag léiriú an dá bhinn, Diallait Chríost agus Bóthar an Tí Solais.*

Tá cáil idirnáisiúnta ar Sceilg Mhichíl freisin mar is ceann de na suímh is tábhachtaí do phórú éanlaith mhara in Éirinn é. Soláthraíonn na fánaí géara carraigeacha agus aillte áiteanna neadaithe do speicis ar nós an Fhulmaire, an Saidhbhéar agus an Fhoracha, agus neadaíonn an Gearr Úisc, an Chánóg Dhubh, agus an Puifín i dtalmhóga agus poill eile ar fud an oileáin.

## 2.2 Suíomh

| | |
|---|---|
| Tír | Éire |
| Contae | Ciarraí |
| Baile Fearainn | Sceilg Mhichíl |
| Ainm Oidhreachta Domhanda | Sceilg Mhichíl |
| Bliain Inscríofa | 1996 |
| Comhordanáidí Náisiúnta | Domhanfhad: 10°, 32', 19.5 secs Aduaidh<br>Domhanleithead: 51°, 46'; 19.5 secs Aniar<br>Tag. Eangaí Náisiúnta: 024812 060654 (An Mhainistir) |

Tá oileán Sceilg Mhichíl suite thart ar 11.6 km amach ó Cheann Bhólais, an pointe is faide siar de chuid Leithinis Uíbh Ráthach i gCo. Chiarraí, Éire.





*Fig. 1 - Suíomh an tsuímh*

## 2.3 Teorainn an tSuímh Oidhreachta Domhanda

Tá oileán Sceilg Mhichíl thart ar 21.9 heictéar i méid. Tá teorainn an WHS go docht timpeall an oileáin le crios maolánach cruthaithe go nádúrtha ag an Aigéan Atlantach. Ní chuimsíonn teorainn an WHS an t-oileán níos lú i gcóngar dó, an Sceilg Bheag, nó an limistéar mara mórthimpeall air. Cé go meastar go mbaineann tábhacht mhór nádúrtha leis na limistéir seo, ní mheastar go mbaineann Sár-Luach Uilíoch leo nó go bhfuil siad suntasach go leor le hiad a ainmniú mar Suíomh Oidhreachta Domhanda. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar theorainn an WHS, ámh, de réir mar a dhéanfar forbairt bhreise ar bhainistíocht na hoidhreachta nádúrtha.

## 2.4 Geolaíocht

Tugann stacaí Oileáin na Sceilge, atá 218m os cionn an Aigéin Atlantaigh, léiriú iontach ar an gcaidreamh idir an tírdhreach agus an gheolaíocht. Tá an tSean-Ghaineamhchloch Rua bhuanfasach as a bhfuil na hoileáin déanta mar shlat droma na réigiún sléibhtiúil i ndeisceart Chiarraí agus iarthar Chorcaí freisin, lena n-áirítear na Cruacha Dubha agus an Cheacha. Ag an tús, ní raibh sna carraigeacha sin ach dríodar sil-leagtha ag aibhneacha tuilteacha le linn na tréimhse Dheamhónaí thart ar 400 milliún bliain ó shin. Tá topagrafaíocht láithreach an réigiúin, de ghleannta fadaithe soir soir ó thuaidh go siar siar ó dheas deighilte ag iomairí idir eatarthu, mar thoradh ar thréimhse d'fhilleadh agus de thógáil sléibhte thart ar 100 milliún bliain ó leagadh síos an dríodar bunaidh. D'ardaigh leibhéil na mara ina dhiaidh sin, rud a chruthaigh gaotha doimhne mara an iardheiscirt, cosúil leis an Ribhéar agus Bá Bheanntraí agus a scoith oileáin na Sceilge ón mórthír.

Chomhbhrúigh na gluaiseachtaí tógála sléibhe an charraig dhríodair isteach i sraitheanna crua agus mín-snáitheacha de ghaineamhchloch agus slinn agus cruthaíodh línte móra de scoilteadh, siúntaí agus éascadh. De réir a chéile, creimeadh an chloch timpeall ar na héasclínte móra i lár Sceilg Mhichíl agus thit sí as, ag fágáil lagraigh i gcruth U ina diaidh 130 méadar os cionn na farraige, ar a dtugtar 'Diallait Chríost' inniu. Tá dhá bhinn fágtha, ceann ar gach taobh den ghleann: tá an Mhainistir suite ar an mbinn thoir thuaidh, 185m in airde; tá an Díseart suite ar an mbinn thiar theas, 218m in airde. Chruthaigh creimeadh le hais éasclínte agus línte scoilteachta na trí chaladh ar an oileán freisin.

## 2.5 Cur síos ar Ghnéithe Príomhúla

Tá dhá shuíomh phríomhúla ar Sceilg Mhichíl: Mainistir mhór, dea-chaomhnaithe tógtha díreach faoi bhun ardán carraigeach ard fánánach ar thaobh thoir an oileáin, agus Díseart tógtha ar shliastáin arda ar an mBinn Theas.

Téann trí staighre fhada (Céimeanna Thoir, Céimeanna Theas agus Céimeanna Thuaidh) suas go dtí an Mhainistir ó thrí chaladh éagsúla. Ag an mbun, is céimeanna gearrtha amach as an gcarraig iad agus níos déanaí suas tá siad tógtha as cloch shingil. Scriosadh bun na gCéimeanna Thoir agus cuid íochtarach na gCéimeanna Theas le linn thógáil an phiara agus Bhóthar an Tí Solais sna 1820í.



*Pl. 3 - Cuid Uachtarach na gCéimeanna Theas,
ag dul suas go dtí an Mhainistir.*

Cuimsíonn an Mhainistir clós inmheánach ina bhfuil dhá aireagal, séipéal moirtéil, seacht gcillín (cúig acu atá slán) agus iarsmaí de leithreas choirceogach, sistéil uisce, reilig, *leachtanna,* crosa agus leaca croise. Tá dhá léibheann ann chomh maith ar a dtugtar Gairdín Uachtarach agus Gairdín Íochtarach na Manach. Tacaíonn ballaí arda coinneála leis na léibhinn, ar a bhfuil gach rud tógtha.

Ar an taobh eile den oileán, téann céimeanna gearrtha as an gcarraig agus sliastáin suas go dtí an Díseart. Cuimsíonn an Díseart sraith d'ardáin, trasnuithe, clóis agus léibhinn tógtha go crógach ar léibhinn chairéalaithe díreach faoi bhun na binne. Tá a ghnéithe bunaidh ag Léibheann an Aireagail fós: aireagal, altóir, *leacht*, binse, sistéil agus scrín fhéideartha. Fuarthas crosa agus leac croise ag an suíomh seo freisin. Áit eile ar an oileán, bainteach leis an ndreapadh, tá gnéithe manachúla breise. (Tugtar cur síos iomlán ar ghnéithe manachúla Sceilg Mhichíl in Aguisín 2.)




*Pl. 4 - Amharc ón aer den Mhainistir, ag léiriú an chlóis inmheánaigh (ag taispeáint shuíomh na gcillíní, na n-aireagal, an tséipéil agus leachtanna,*
*Ghairdín Íochtarach na Manach, le hiarsmaí de chillín níos sine (G)). Taispeánann an t-amharc seo barr na*





*Fig. 2 - Plean de chlós na mainistreach ar Sceilg Mhichíl ag taispeáint shuíomh na gcillíní, na n-aireagal, an tséipéil,*
*na leachtanna agus leithreas na manach. Taispeáinte freisin tá an bealach iontrála láithreach chuig an gclós agus dhá cheann níos luaithe*

## 2.6 Stair Ghairid Sceilg Mhichíl

### 2.6.1 Tagairtí is Luaithe

**Ciallaíonn an focal *Sceillic*** carraig, go háirithe carraig ghéar. Déantar an chéad tagairt do Sceilg sa stair i bhfinscéal mar áit adhlactha Ir, mac Mhíle, a bádh i rith theacht i dtír na Mailíseach.


Déanann Françoise Henry, acadóir cáiliúil, tagairt do théacs ón ochtú nó ón naoú haois, ina ndéantar tagairt do thréimhse achrainn idir Ríthe Iarthar Mhumhan agus Ríthe Chaisil. Deirtear go ndearna Duagh, Rí Iarthar Mhumhan "éalú go Scellecc". Deirtear go mbaineann an imeacht seo leis an gcúigiú haois ach níl aon tslí chun a fháil amach an raibh mainistir lonnaithe ar an oileán ag an am sin. Agus é ag scríobh i 1756, luaigh Charles Smith go raibh an mhainistir bunaithe ag Naomh Fionnán, a mhair sa séú haois.

### 2.6.2 Stair Dhoiciméadach Luath


Is í an fhianaise dhoiciméadach is luaithe *The Martyrology of Tallaght*, a scríobh Mealruain roimh dheireadh na hochtú haois. Déanann sé comóradh ar bhás manaigh ón Sceilg darbh ainm dó Suibhni ("Suibhni ó Scelig"). Is cosúil ón tagairt seo do Sceilg i bhféasteolaíocht ceann de na mainistreacha is cáiliúla in Éirinn go raibh Sceilg dea-bhunaithe cheana féin faoin am sin. D'fhéadfadh go raibh mainistir bunaithe anseo chomh luath leis an séú haois, ach de bharr easpa fianaise ní féidir dátú níos cruinne a thabhairt.

Déantar tagairt don Sceilg in *Annála Inse Faithleann* faoin mbliain 824 agus in *Annála Uladh* chomh maith ag tabhairt tuairisce ar scrios na Mainistreach ag na Lochlannaigh. In 882 déanann *Annála Inse Faithleann* tagairt do "Flann, mac Chellach, ab ó Scelec".

Tiomnaíodh an Mhainistir do Naomh Micheál uair éigin sa deichiú haois. Tugtar é seo le tuiscint ag dhá thagairt don Mhainistir in *Annála Ríochta na hÉireann* ó na Ceithre Máistrí. Deirtear sa chéad cheann "Aois ár dTiarna, 950, fuair Bláthmhac ón Sgeillic bás"; deir an dara ceann "Aois ár dTiarna, 1044, fuair Aedh ó Scelic-Mhichil bás". Sa tslí sin is féidir glacadh leis gur tharla an tiomnú do Naomh Micheál idir na blianta 950 agus 1044 AD. I mainistreacha ba ghnáthúil séipéal nua a thógáil chun tiomnú a cheiliúradh agus tá an chuma ar ailtireacht na coda is sine den séipéal, ar a dtugtar Séipéal Naomh Mhichíl, gur tógadh le linn na tréimhse sin é.



*Pl. 5 - Amharc ón naoú haois déag den Teach Aíochta agus den chros suite lasmuigh de bhealach isteach na Mainistreach, a foilsíodh in 'Notes on Irish Architecture'.*



*Pl. 6 - An chéad phlean mionchruinn den Mhainistir ar Sceilg Mhichíl, a foilsíodh in 'Notes on Irish Architecture' sna 1870í.*



*Pl. 7 - Amharc de Shéipéal Naomh Mhichíl, a léiríonn balla coinneála intite ar an taobh theas, a foilsíodh in 'Notes on Irish Architecture'.*

Tá tagairt déanta do Shéipéal Naomh Mhichíl i *'The History and Topography of Ireland'*, le Giraldus

Cambrensis a bhí in Éirinn ag deireadh an dara haois déag. Tugann a chuntas faoin soláthar míorúilteach d'fhíon phobail a bhí ar fáil don Aifreann laethúil i Séipéal Naomh Mhichíl le tuiscint go raibh cónaí leanúnach ar dhaoine sa mhainistir ag an am.

### 2.6.3 Forbairtí Níos Déanaí

Mar sin féin, go luath sa tríú haois déag, tháinig meath ar an aeráid ghinearálta agus bhí sé sin ina chúis le haimsir níos fuaire agus méadú ar líon na stoirmeacha ar an bhfarraige mórthimpeall ar an Sceilg. Chuir sé sin, mar aon leis an athrú in Eaglais na hÉireann ó struchtúr mainistreach go deoise, deireadh le coilíneachtaí oileáin díseartacha na hÉireann, agus an toradh a bhí air seo ná gur bhog pobal Sceilg Mhichíl chuig an mórthír ag Baile an Sceilg ar deireadh. Is dóchúil nár tharla sé seo d'aon iarracht amháin ach thar tréimhse ama.

Is dóchúil gur leanadh ar aghaidh ag úsáid an oileáin mar spleáchríoch de Mhainistir Bhaile an Sceilg, le Mainistir an oileáin i seilbh roinnt manach le linn mhíonna an tsamhraidh. I litreacha an phápa tugadh "Prióir Agaistíneach Naomh Mhichíl, Roche (de Rupe)" ar phrióir Bhaile an Sceilg fós. Caithfidh chomh maith go raibh na hAgaistínigh gníomhach ag cur chun cinn agus ag bainistiú oilithreachtaí chuig an oileán agus ag cothabháil na bhfoirgneamh ann.

D'fhan Sceilg Mhichíl i seilbh na manach Agaistíneach go dtí 1578 nuair a scoir Banríon Eibhlís I mainistreacha áirithe a bhí faoi chosaint Iarla Deasmhumhain mar gheall ar na héirithe amach i nDeasumhain. Uaidh sin thit oileáin na Sceilge isteach i seilbh saolta go teaghlach na mBuitléarach.

Cé nach raibh an mhainistir ann níos mó, leanadh ag úsáid an oileáin mar láthair oilithreachta. I 1756, thug Charles Smith a chéad tuairisc scríofa ar an gcarraig. Déanann sé tagairt do na hoilithreachtaí deacra agus dainséaracha agus deir sé "many persons, about twenty years ago, came from the remotest parts of Ireland to perform these penances, but the zeal of such adventurous devotees has very much cooled of late".

Go luath sna 1820í cheannaigh an Bardas um Phort Átha Cliath a Chaomhnú agus a Fheabhsú (réamhtheachtaí Choimisinéirí Soilse na hÉireann) an t-oileán ó John Butler ón gCoireán faoi ordú ceannaigh éigeantaigh chun dhá theach solais a thógáil ar thaobh an Atlantaigh. Bhíothas ábalta teacht orthu seo le cúnamh calaidh fheabhsaithe a tógadh ar an taobh thoir agus bóthar a réabadh amach as na cliatháin ghéara ar thaobh theas agus ar thaobh thiar an oileáin.

I 1880, ghlac an OOP na hiarsmaí mainistreach faoi chaomhnóireacht agus chuir sé tús le tionscadal chun struchtúir intite a dheisiú. Ó shin, lean an OOP ar aghaidh lena chuid iarrachtaí chun na hiarsmaí mainistreach a choinneáil agus a chaomhnú. Cheannaigh an Stát an tOileán i 1989 ó Choimisinéirí Soilse na hÉireann, seachas an teach solais íochtarach (atá in úsáid) agus a chúirtealáiste agus limistéar an héileapad leis an stór in aice láimhe. Choimeád na Coimisinéirí ceart slí ar an mbóthar chomh maith.

## 2.7 Oidhreacht Nádúrtha Sceilg Mhichíl

### 2.7.1 Éanlaith

Leis na céadta bliain anuas, tá oileáin na Sceilge aitheanta mar dhá cheann de na suímh is tábhachtaí in Éirinn do phórú éanlaith mhara. Tá méid na gcoilíneachtaí éanlaith mhara agus líon na speiceas éagsúil atá i láthair ar na hoileáin seo an-suntasach, ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. In éineacht le hoileáin na mBlascaod (cúig oileán) agus Oileán na gCánóg, tá roinnt de na grúpaí póraithe is mó de Chánóg Dhubh agus Gearr Úisc ar domhan ar Sceilg Mhichíl. I measc na speiceas eile d'éanlaith mhara a bhíonn ag pórú ar Sceilg Mhichíl tá an Fulmaire, an Saidhbhéar, an Fhoracha agus an Puifín. (Le sonraí breise a fháil ar éanlaith mhara, féach Aguisín 6.)

Tá Sceilg Mhichíl aitheanta go traidisiúnta mar áit neadaithe an Fhabhcúin Ghoirm, ach ní phóraíonn na héin sin anseo gach bliain. Taifeadadh go mbíonn péire amháin de Chág Cosdearg ag pórú anseo. Taifeadadh go mbíonn líonta beaga d'Fhiacha Dubha, Riabhóg Chladaigh agus Clochrán ag pórú anseo freisin.



Mar gheall ar an tábhacht éaneolaíoch lena mbaineann, tá Sceilg Mhichíl ainmnithe mar Anaclann Dúlra Reachtúil, Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta é. (Tá tuilleadh eolais ar ainmniúcháin i gCaibidil 4.)

*Pl. 8 - Puifín (Fratercula artica).*

### 2.7.2 Mamaigh


Taifeadadh roinnt mamaigh éagsúla ar Sceilg Mhichíl thar na blianta. Bíonn Rónta Glasa ina suí ar bhinsí cloiche timpeall an oileáin, agus cé nach mbaineann tábhacht le líon na rónta sin ar scála náisiúnta, cuireann siad leis an éagsúlacht i bhfána an oileáin. Tá an speiceas seo liostaithe faoi Iarscríbhinn II de Threoir Gnáthóg an AE agus déantar monatóireacht ar phobal Éireannach an speicis go rialta. I measc na mamach eile a taifeadadh tá an Coinín agus an Luch Thí. Tá an Coinín nua go leor ar an oileán; níor tugadh isteach é go dtí luath sa naoú haois déag.



*Pl. 9 - Rón Glas (Halichoerus grypus).*

### 2.7.3 Fásra

Clúdaíonn gnáthóga le fásra bocht, cosúil le haillte carraigeacha mara agus carraig lom, formhór Sceilg Mhichíl. Tá an fásra a bhíonn ann mar an fásra tipiciúil a fhásann faoi choinníollacha mara an-nochta, teoranta ag ithir thearc, talamh ghéar, cáitheadh farraige agus gaotha arda. I measc na speiceas coitianta plandaí tá Rabhán, Coireán Mara agus Cabróis na gCloch, agus tá paistí d’Fheisciú Dearg, Copóg agus Lus Bealtaine Mara ann go minic. Tuairiscíonn Lavelle (1997) 38 speiceas d’ardphlandaí (féach Aguisín 6).




*Pl. 10 - Coireán Mara (Silene uniflora) ag fás in aice leis na céimeanna.*



*Pl. 11 - Lus Bealtaine Mara (Tripleurospermum maritimum).*

# CAIBIDIL 3

# TÁBHACHT SCEILG MHICHÍL



## 3.1 Tábhacht Sceilg Mhichíl

De réir Airteagal 1 de Choinbhinsiún Oidhreachta Domhanda 1972, i dtéarmaí chatagóir na réadmhaoine a leagtar amach, meastar go bhfuil Sceilg Mhichíl ina ghrúpa foirgneamh. Bhí an t-oileán uile inscríofa ar an Liosta Oidhreachta Domhanda, mar sin féin, de réir alt 47 de na Treoirlínte Oibríochtúla do chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Oidhreachta Domhanda, is féidir breathnú air mar thírdhreach cultúrtha a mbaineann luach leis freisin. Mar sin, léiríonn sé 'oibreacha comhcheangailte an dúlra agus an duine....a mbaineann sár-luach uilíoch leo ón dearcadh stairiúil [agus] aeistéitiúil'. Is í an idirghníomhaíocht sin idir manaigh Sceilg Mhichíl agus topagrafaíocht an oileáin i dtimpeallacht a bhí crua go fisiceach a thugann a shár-luach cultúrtha don suíomh.



*Pl. 12 - Amharc de Sceilg Mhichíl agus den Sceilg Bheag ón mórthír.*

### 3.1.1 Luach Nádúrtha

Mar gheall ar nádúr féin Oileáin na Sceilge, cuirtear áit shábháilte ar fáil do phobail éanlaith mhara ríthábhachtacha, inar féidir leo neadacha a thógáil agus éanlaith óg a bheathú. Cuireann an tAigéan Atlantach mórthimpeall air áit bheathaithe shaibhir ar fáil agus mar gheall air is deacair don duine daonna rochtain a fháil ar an oileán agus coinnítear na hoileáin saor ó chreachadóirí. Cé nach mbaineann tábhacht náisiúnta leis na plandaí soithíocha ar an oileán, cuireann siad le háilleacht agus éiceolaíocht Sceilg Mhichíl.

### 3.1.2 Luach Cultúrtha

Tá an suíomh is mórthaibhsí de na suímh mhanachúla luath-mheánaoiseacha uile ar oileán ag Sceilg Mhichíl. Mar gheall ar iargúltacht Sceilg Mhichíl, tá sé thar a bheith dea-chaomhnaithe, agus sin an chúis go bhfuil sé uathúil.

Mar a luadh nuair a ainmníodh mar WHS é, is saothar ealaíonta uathúil é an Mhainistir agus an Díseart ar Sceilg Mhichíl agus tugann siad fianaise eisceachtúil dúinn faoi shibhialtacht atá imithe as. Is eiseamláir den chéad scoth iad de lonnaíocht mhanachúil luath-mheánaoiseach atá lánchaomhnaithe, agus tá an ailtireacht uathúil mar gheall ar leibéal a caomhnaithe. Léiríonn sé céim shuntasach i stair na tógála. Le linn oibreacha caomhantais agus deisithe, bhí sé indéanta mionscrúdú a dhéanamh ar na struchtúir agus teacht ar chroineolaíocht choibhneasta do na cillíní. Tá an fhorbairt de theicnící saoirseachta cloiche singile soiléir agus mar sin, tugann an suíomh seo doiciméadú uathúil den chineál seo ailtireachta agus tógála dúinn.

### 3.1.3 Luach Doláimhsithe

Treisíonn topagrafaíocht dhrámata an oileáin agus comhtháthú na ngnéithe manachúla éagsúla laistigh den tírdhreach seo uathúlacht an tsuímh seo. Toisc go raibh na manaigh ar an oileán ar feadh tréimhse chomh fada, d'fhág siad níos mó ná iarsmaí fisiceacha dúinn. Mar gheall orthu, tá braistint láidir spioradáltachta san áit is féidir le haon duine a bhfuil an deis agus an phribhléid aige nó aici am a chaitheamh ann a bhrath. Tugann na hiarsmaí fisiceacha fianaise faoi éachtaí iontacha na manach, agus ní féidir ach iontas agus uamhan a bhrath mar gheall orthu. Treisíonn fad an oileáin ón mórthír agus a neamh-inrochtaineacht rialta mar gheall ar an Aigéan Atlantach guagach an bhraistint d'iargúltacht agus de bheith i bhfad ón ngnáthshaol.



*Pl. 13 - Maidin luath laistigh den Mhainistir, ag léiriú Reilig agus chillíní na Manach.*

Nuair a d'fhág na manaigh an t-oileán agus nuair a bhunaigh siad an lonnaíocht mhanachúil ag Baile an Sceilg, bhí ról tábhachtach ag Sceilg Mhichíl ina saolta creidimh fós. Ar feadh na tréimhse meánaoisí

leanadh ar aghaidh ag tabhairt urraime don suíomh agus tháinig forbairt ar an urraim sin. De réir a chéile, d'éirigh sé cáiliúil ar fud na hEorpa mar áit speisialta oilithreachta, agus bhí sé sin i gcuimhne na ndaoine go dtí an naoú haois déag.

Sa tréimhse i ndiaidh na meánaoise, bhí dhá theach solais ar leithligh suite ar Sceilg Mhichíl a chuir maolán solais ar fáil do longa a bhí ag dul thart. Mar sin, daingníodh áit thábhachtach Sceilg Mhichíl i stair mhara na hÉireann.

### 3.1.4 Luach Socheacnamaíoch

Cinnte is íocóin den réigiún agus foinse de mhórtas áitiúil é Sceilg Mhichíl, ach is cuid thábhachtach den gheilleagar áitiúil níos leithne é freisin. Cabhraíonn an t-oileán le geilleagar Leithinis Uíbh Ráthach agus na réigiún mórthimpeall uirthi. Gintear ioncam trí shaoráidí agus seirbhísí a chur ar fáil do thurasóirí sa cheantar. Trí fheabhas a chur ar eispéireas an chuairteora de réir mar a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta seo, tabharfar tacaíocht bhreise don phobal áitiúil agus don réigiún.

## 3.2 An Bonn Cirt le hInscríobh

Breathnaíonn UNESCO ar inscríobh suíomh le hairíonna oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha a mheastar go mbaineann 'Sár-Luach Uilíoch' leo, i.e. a mbaineann 'tábhacht chultúrtha agus/nó nádúrtha leo atá chomh heisceachtúil sin go dtrasnaíonn sí teorainneacha náisiúnta agus go mbaineann tábhacht choiteann leo do ghlúine reatha agus na todhchaí an duine daonna iomláin. Mar sin, tá cosaint bhuan na hoidhreachta seo ríthábhachtach don phobal idirnáisiúnta ina iomláine'.

Tá critéir bheachta forbartha ag an gCoiste Oidhreachta Domhanda chun maoin a inscríobh ar an Liosta Oidhreachta Domhanda. I 1996 d'inscríobh UNESCO Sceilg Mhichíl ar an Liosta Oidhreachta Domhanda agus tá sé ar cheann de thrí Shuíomh Oidhreachta Domhanda ar oileán na hÉireann. Tugann an liostú seo aitheantas don suntas uilíoch a bhaineann leis an tírdhreach cultúrtha seo agus an tábhacht a bhaineann lena chosaint de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

I 1996 nuair a mhol ICOMOS— comhlacht comhairleach UNESCO— gur chóir Sceilg Mhichíl a inscríobh ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO ar bhonn chritéir (iii) agus (iv), luaigh siad 'Is eiseamláir iontach, agus ar go leor bealaí uathúil, é Sceilg Mhichíl de lonnaíocht reiligiúnach luath a lonnaíodh d'aon ghnó ar charraig phirimidiúil sa aigéan, atá caomhnaithe mar gheall ar thimpeallacht shuntasach. Léiríonn sé cleachtais antoisceacha an mhanachais Chríostaí a bhí ina ghné den Afraic Thuaidh, den Neasoirthear agus den Eoraip, ar bhealach nach féidir le haon suíomh eile é a léiriú.

**Critéar (iii)**
… fianaise uathúil nó ar a laghad eisceachtúil a thabhairt faoi thraidisiún cultúrtha nó sibhialtacht atá beo nó atá imithe as.

**Critéar (iv)**
... bheith ina shár-eiseamláir de chineál foirgnimh, grúpa ailtireachta nó teicneolaíochta nó tírdhreach a léiríonn céim(eanna) suntasach(a) i stair an duine daonna.


## 3.3 Fíordheimhneacht agus Sláine Sceilg Mhichíl

Mar gheall ar iargúltacht an oileáin, caomhnaíodh agus cosnaíodh é ó oibreáin scriosta a raibh tionchar diúltach acu ar fhormhór na suíomh eile ón tréimhse sin. Rinneadh athruithe nuair a bhí tógálaithe na dtithe solais ann le linn na 1820í, ach bhí sé indéanta na hathruithe sin a dhoiciméadú trí iniúchtaí a dhéanamh. Mar gheall ar na hathruithe déanta ag an am, an timpeallacht fhoircneach agus brú méadaithe ó chuairteoirí, tá clár oibreacha caomhantais ar siúl ó dhéanach sna 1970í chun na struchtúir a chomhdhlúthú agus a dheisiú. Is é an fhealsúnacht a chuireann bonn faoin obair seo ná go gcoinneofar agus go gcaomhnófar na gnéithe bunaidh uile *in situ*. Le linn an phróisis inscríofa d'aithin UNESCO gur thug an cur chuige seo i ndáil leis an obair urrús faoi fhíordheimhneacht an tsuímh.

Cé nár luadh é tráth an inscríofa, is saincheist thábhachtach í an tsláine ar gá aird a thabhairt uirthi. Is ionann sláine agus tomhas d'iomláine agus de leibhéal sláine na hoidhreachta nádúrtha agus/nó cultúrtha agus a hairíonna. I gcás Sceilg Mhichíl, tá dhá chineál sláine i gceist: sláine struchtúrach-stairiúil, is é sin, gur fhorbair na struchtúir thar am; agus sláine amhairc-aeistéitiúil, is é sin le rá, an íomhá d'íocóin a coinníodh.

# Caibidil 4

## Creat Bainistíochta



## 4.1 Úinéireacht

Tá Suíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl faoi úinéireacht an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil thar ceann mhuintir na hÉireann, seachas limistéar an tí solais dá dtagraítear i gCuid 1.1. Is é an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an comhlacht Stáit freagrach as beartas a bhaineann le hoidhreacht tógtha agus nádúrtha an tsuímh faoin gCoinbhinsiún Oidhreachta Domhanda. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as bainistiú an tsuímh.

## 4.2 Cosaintí Reachtúla

Tá cosaint agus caomhnú Sceilg Mhichíl rialaithe ag raon reachtaíochta náisiúnta, meicníochtaí áitiúla, treoirlínte idirnáisiúnta agus treoracha reachtúla agus neamhreachtúla. I measc na bhforálacha reachtaíochta sin, tá Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004, an tAcht um Fhiadhúlra 1976 agus 2000, Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, Treoracha éagsúla ón AE agus cairteacha idirnáisiúnta.

### 4.2.1. Reachtaíocht Náisiúnta

#### Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004

Is Séadchomhartha Náisiúnta é Sceilg Mhichíl de réir mar a shainítear in Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (arna leasú) é. Forálann cód reachtach na Séadchomharthaí Náisiúnta do chosaint agus caomhnú Séadchomharthaí Náisiúnta agus do chaomhnú rudaí seandálaíochta sa Stát. Sa tslí sin, tugann sé cosaint reachtúil do ghnéithe seandálaíochta oidhreacht tógtha an náisiúin.

Tugtar an leibhéal is airde de chosaint reachtúil do Sceilg Mhichíl. Is Séadchomhartha Náisiúnta faoi úinéireacht an Stáit é, agus baineann tábhacht náisiúnta lena chaomhnú mar gheall ar a leas stairiúil, ailtireachta, traidisiúnta, ealaíonta nó seandálaíochta.

Faoi fhorálacha Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (arna ionadú le hAlt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004), tá cead i scríbhinn roimh ré ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag teastáil le haghaidh aon oibreacha i ndáil le séadchomhartha náisiúnta a bhfuil an tAire nó údarás áitiúil ina úinéir nó ina chaomhnóir air nó a bhfuil ordú caomhantais i bhfeidhm ina leith, a dhéanfadh aon cheann de na nithe seo a leanas:

- a scartálfadh, a bhainfeadh, a d'athghloitfeadh, a d'athródh nó a chuirfeadh Séadchomhartha Náisiúnta ó dhealramh, nó a dhéanfadh damáiste dó nó a chuirfeadh isteach air ar aon bhealach nó,
- a mbeadh tochailt, treabhadh nó suaitheadh na talún laistigh, thart timpeall ar nó gar don Séadchomhartha Náisiúnta i gceist leis nó,
- a d'athnuafadh nó a d'athchóireodh an Séadchomhartha Náisiúnta nó,
- a mbeadh díol an tSéadchomhartha Náisiúnta nó aon chuid de le haghaidh onnmhairithe, nó onnmhairiú an tSéadchomhartha nó onnmhairiú aon chuid de i gceist leis.

Chun a chinntiú go gcuirtear an raon is leithne is féidir de chúiseanna imní seandálaíochta san áireamh, ní mór don Aire dul i gcomhairle le Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann roimh chead den leithéid seo a thabhairt.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir lena leithéid de chead a thabhairt nó a dhiúltú, féadfar go gcaithfidh an tAire bheith meabhrach de roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach nach bhfuil teoranta chucu:

- caomhnú, cosaint nó cothabháil na hoidhreachta seandálaíochta, ailtireachta, stairiúla nó cultúrtha, nó na saoráidí de Shéadchomhartha Náisiúnta nó a bhaineann leis an Séadchomhartha Náisiúnta;
- aon tairbhe chomhshaoil, chultúrtha, shóisialta, chaitheamh aimsire nó eacnamaíoch a mbainfeadh an Stát nó an limistéar ina bhfuil an Séadchomhartha Náisiúnta suite as;
- an gá eolas maidir le séadchomharthaí náisiúnta nó maidir le hoidhreacht go ginearálta a bhailiú nó a scaipeadh.

### Na Achtanna um Fhiadhúlra 1976 agus 2000

Faoi fhorálacha na nAchtanna thuas tá Sceilg Mhichíl faoi réir dhá ainmniúchán caomhnaithe dúlra mar seo a leanas:

### 1. Anaclann Dúlra

Tá anaclanna dúlra ar thailte faoi úinéireacht an Aire nó an Stáit ainmnithe ag Ordú Bunaíochta faoi Alt 15 den Acht um Fhiadhúlra 1976, arna leasú ag an Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000. Ainmníodh Sceilg Mhichíl mar Anaclann Dúlra Reachtúil i 1988 (I.R. Uimh. 235/1988).

Faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, ní mór talamh atá ainmnithe mar Anaclann Dúlra a bhainistiú de réir na gcuspóirí is cúis lena hainmniú. De réir an Ordaithe Bunaíochta d'Anaclann Dúlra Sceilg Mhichíl, tá an t-oileán ina:

> 'ghnáthóg phóraithe do speicis áirithe d'éanlaith mhara agus is dóchúil go mbainfeadh an ghnáthóg réamhráite tairbhe as dá nglacfaí bearta chun é a chosaint agus tá sé inmhianaithe an talamh réamhráite a bhunú mar anaclann dúlra agus ní bheadh bainistiú ceart na talún réamhráite mar anaclann dúlra eisiata ag aon leas nó ag aon duine i nó thar an talamh réamhráite sin, ar mhaithe le caomhnú na gnáthóige réamhráite...'

### 2. Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (Molta)

Moladh Sceilg Mhichíl a ainmniú mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) (Cód Suímh 1954). Is ionann NHA agus an t-ainmniú bunúsach chun fiadhúlra a chosaint in Éirinn. Tá siad sainithe in Alt 2 den Acht um Fhiadhúlra 1976, arna leasú ag Alt 6 den Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000, mar 'limistéar ar fiú é a chaomhnú do cheann nó níos mó de speiceas, cumainn, gnáthóga, tírghnéithe, nó gnéithe geolaíocha nó geomorfacha, nó mar gheall ar éagsúlacht na n-airíonna nádúrtha ar fáil ann'. Tugtar cosaint do NHAanna faoi roinnt alt den Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000, lena n-áirítear srianta agus coisc ar oibreacha áirithe a dhéanamh. De ghnáth, liostaítear NHAanna i bPlean Forbartha Contae freisin.

**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000–2006**

Tá cód pleanála reachtach nua-aimseartha, éifeachtúil ag Éirinn a chuireann cosaint chuimsitheach comhshaoil agus caomhantais ar fáil. Tá Sceilg Mhichíl cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2006 agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, agus trí fheidhmiú fheidhmeanna an údaráis phleanála ábhartha, i.e. Comhairle Contae Chiarraí, agus í ag cur phróiseas daonlathachach agus comhchomhairleach a Phlean Forbartha Contae i gcrích. Tugtar cuireadh do agus cabhraítear leis na hEagraíochtaí Stáit, Leathstáit agus Neamhrialtasacha uile a bhfuil leas acu san oidhreacht tógtha agus nádúrtha páirt a ghlacadh i bpróiseas an Phlean Forbartha Contae agus sna próisis a bhaineann le hiarratais phleanála agus achomhairc. Dréachtaítear an Plean Forbartha Contae i ndiaidh próiseas comhairliúcháin leathan agus ionchuir ón bpobal áitiúil. Cuirtear an Dréacht-Phlean Forbartha atá mar thoradh air sin ar taispeáint go poiblí ar feadh tréimhse sonraithe ama. Ní mór don údarás áitiúil na tuairimí a fhaightear mar chuid den phróiseas oscailte, trédhearcach seo a mheas.

Cuireann Plean Forbartha Contae Chiarraí 2003-2009 na beartais straitéiseacha reatha ar fáil don chontae. Leagann an plean amach roinnt cuspóirí sna codanna a bhaineann le hOidhreacht Tógtha agus Timpeallacht Nádúrtha. Tá oidhreacht ailtireachta uathúil sa chontae, agus tuigeann an t-údarás áitiúila an gá í a chosaint trí na cuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- séadchomharthaí seandálaíochta agus suímh atá ainmnithe sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna a chaomhnú;
- suímh seandálaíochta a aithint;
- limistéir a mbaineann leas seandálaíochta leo a chosaint;
- feabhas a chur ar fheasacht an phobail agus treoir chomhairleach a sholáthar.

Cuimsíonn na cuspóirí pleanála leathana seo socruithe chun moltaí ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, ó Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile a chur san áireamh maidir le hainmniú agus caomhnú séadchomharthaí agus suímh seandálaíochta sa chontae.

Le chéile, cuireann struchtúir seandálaíochta, gnéithe nádúrtha, an ghnáthóg éagsúil agus an fásra ar Sceilg Mhichíl ceann de na tírdhreacha is mórthaibhsí in Éirinn ar fáil. Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe seo i gcomhthéacs an tírdhreacha iomláin agus déanann sí iarracht tírdhreach agus áilleacht fhisiceach an limistéir a chosaint agus a fheabhsú trí na cuspóirí seo a leanas a chuimsiú faoin gCuid den Phlean Forbartha Contae a bhaineann leis an Timpeallacht Nádúrtha:

- deimhin a dhéanamh de nach gceadófar de ghnáth forbairtí a mbeadh drochthionchar tromchúiseach acu ar na limistéir liostaithe. Níl sé intuigthe go gciallaíonn ainmniú suímh go gcuirfear cosc iomlán ar gach forbairt. Mar sin féin, beidh sé intuigthe go mbeidh cosc ar chineálacha áirithe forbairtí a dhéanfadh damáiste don limistéar.

- Deimhin a dhéanamh de go gcuireann aon togra forbartha i gcóngar do Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC), Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) ainmnithe, nó a chuirfeadh isteach orthu ar aon slí, go leor eolais ar fáil a thaispeánann conas a chuirfidh a mholtaí isteach ar an ngnáthóg, agus conas a fheabhsófar é go cuí.
- Luach caomhantais na suíomh atá roghnaithe mar SPAanna, chomh maith le haon suímh eile a fhéadfaí a ainmniú mar SPAanna i rith shaol an phlean, a chothabháil.
- Luach caomhantais na suíomh uile a mholtar iad a ainmniú mar NHAanna i rith shaol an phlean a chothabháil.

### 4.2.2 Treoir Éanlaithe an AE

Ainmníodh Sceilg Mhichíl agus an Sceilg Bheag mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) (I.R. Uimh 48 / 1986: Cód Suímh IE 0004007) faoi Threoir Éanlaithe an AE(79/409 /CEE). Is éard atá i gceist le SPA ná limistéar a mheastar go mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leis d'éanlaith, arna ainmniú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le hOrdú. Chun go mbeadh suíomh ainmnithe mar SPA, ní mór dó critéir áirithe a chomhlíonadh, cosúil le bheith mar shuíomh ina mbíonn 10,000 péire éin go rialta agus suíomh ina mbíonn 1 faoin gcéad nó níos mó de phobal iomlán speicis atá ainmnithe in Iarscríbhinn I den Treoir Éanlaithe.

Tá an SPA ainmnithe toisc go mbailíonn 20,000 éanlaith mhara ar oileáin na Sceilge, agus toisc go mbíonn an Chánóg Dhubh, an Gearr Úisc, an Gainéad agus an Puifín ann. (Féach Aguisín 6 le haghaidh sonraí.) Le chéile, tá SPAanna agus Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), atá ainmnithe faoin Treoir Gnáthóg (Treoir Uimh. 92/43/CEE ón AE), mar chuid de "Natura 2000", gréasán de limistéir chosanta ar fud an Aontais Eorpaigh.

Forálann Airteagal 4.1 den Treoir Éanlaithe go gcaithfidh Ballstáit na limistéir is oiriúnaí a rangú mar SPAanna. Chuir Rialacháin C.E. (Caomhnú Éanlaithe Fiáine)1985 (I.R. Uimh. 291 de 1985) an tAirteagal seo i ngníomh in Éirinn ar dtús. D'athraigh an Treoir Gnáthóg forálacha forfheidhmiúcháin na SPAanna. Tá sé seo curtha i ngníomh in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (I.R. Uimh. 94/1997) agus a leasuithe i 1998 agus in 2005 (I.R. Uimh. 233/1998 agus Uimh. 378/2005). De réir Airteagal 6 den Treoir Gnáthóg, ní mór measúnacht chuí a dhéanamh ar aon oibreacha, pleananna nó tionscadail.

Chun suímh a mbaineann tábhacht éiceolaíoch leo a chosaint, féadfar srian a chur le gníomhaíochtaí áirithe laistigh de limistéir ainmnithe. Aithníodh na gníomhaíochtaí seo (ar a dtugtar gníomhaíochtaí infhógartha, gníomhaíochtaí a dhéanann damáiste nó gníomhaíochtaí ar gá toiliú a fháil ina leith) mar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh éiceolaíocht suímh a scriosadh, nó a d'fhéadfadh í a athrú, a lot nó cur isteach uirthi ar shlí shuntasach. Athraíonn liosta na ngníomhaíochtaí seo ag brath ar na gnáthóga agus speicis i láthair. (Féach Aguisín 6 le haghaidh liosta de ghníomhartha infhógartha.)

Tá reachtaíocht thánaisteach á hullmhú in Éirinn faoi láthair a mholann limistéar SPA na Sceilge a mhéadú chun an limistéar mara idir na hoileáin agus mórthimpeall orthu a chuimsiú. (Féach Aguisín 2 le haghaidh léarscála d'Ainmniúcháin de Limistéir Chaomhantais Dúlra.) Tabharfaidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) den RCORÁ tosaíocht do thiomsú Plean Bainistíochta Caomhantais

cúig bliana do SPA na Sceilge. Cuirfidh an plean seo tábhacht éiceolaíoch an tsuímh i gcomhthéacs ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Déanfaidh sé cur síos ar an suíomh, le fócas ar na gnéithe is cúis lena ainmniú, sa chás seo, éanlaith mhara ag pórú. Déanfar cur síos freisin ar ghnáthóga, flóra, fána agus ar an úsáid a bhaineann daoine as.

Tabharfaidh an plean caomhantais breac-chuntas ar na cuspóirí príomhúla do chaomhnú na leasanna cáilitheacha. Déanfaidh sé measúnú freisin ar na saincheisteanna bainistíochta a fhéadfaidh dul i gcion ar na gnéithe dúlra ar gá iad a chaomhnú agus míneoidh sé na straitéisí chun na cuspóirí caomhantais a bhaint amach. Molfar straitéisí bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo.

## 4.3 Treoir Idirnáisiúnta agus Cairteacha

Tugann an Coinbhinsiún Oidhreachta Domhanda a bhaineann le Cosaint Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha an Domhain treoir idirnáisiúnta faoi chaomhnú Suímh Oidhreachta Domhanda. Tugann na treoirlínte seo treoracha a chuireann bonn faoi bhainistíocht Sceilg Mhichíl agus déanann siad cur síos ar dhualgais an Stáit is Páirtí faoin gCoinbhinsiún Oidhreachta Domhanda, mar shampla, go gcaithfidh sé Plean Bainistíochta a ullmhú don suíomh agus tuairiscí tráthrialta a thabhairt.

Leagann cairteacha idirnáisiúnta caighdeáin aitheanta amach do phobal na hoidhreachta tógtha, ag obair chun suímh oidhreachta cultúrtha a chaomhnú agus a chosaint. Leag an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Suímh (ICOMOS), cumann gairmithe ar fud an domhain, prionsabail ghinearálta amach do chaomhnú séadchomharthaí agus oidhreachta stairiúla i 1964. Tugtar Cairt na Veinéise ar an gcáipéis seo. Ó shin ceapadh agus ritheadh a lán cairteacha eile chun gnéithe eile d’oidhreacht chultúrtha a chlúdach, cosúil le fíordheimhneacht, caomhnú, cosaint agus bainistiú. Tá feidhm ag Comhairle na hEorpa freisin maidir le cáipéisí treorach a tháirgeadh do chaomhnú oidhreachta cultúrtha.

Cuireann ICOMOS Éireann, an comhlacht náisiúnta, cairteacha idirnáisiúnta ICOMOS chun cinn, tacaíonn sé le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Oidhreachta Domhanda agus cothaíonn sé coimeád freagrach na Suíomh Oidhreachta Domhanda. Is féidir le Ranna Rialtais comhairliúchán a dhéanamh leis faoi chúrsaí a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha, agus na cairteacha agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta. Thug cairteacha ábhartha, a liostaítear in Aguisín 7, treoir don chur chuige maidir le caomhnú an tsuímh agus do na beartais bhainistíochta a leagtar amach sa phlean seo.

## 4.4 Bainistíocht Suímh

### 4.4.1 An Creat Bainistíochta Suímh Reatha

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as bainistiú cúrsaí agus oibreacha oibríochtúla ar Sceilg Mhichíl. Sannadh an fhreagracht as an gcreat reachtaíochta agus beartais don oidhreacht tógtha agus nádúrtha don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Déanann an dá eagraíocht idirchaidreamh chun cur chuige comhtháite a chur ar fáil maidir le bainistiú an tsuímh. Buaileann an dá eagraíocht le chéile ar bhonn rialta chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna leathana ar shlí éifeachtúil, chomhordaithe.

Déanann an Plean Bainistíochta iarracht cobhsaíocht a bhaint amach idir caomhnú na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha, bainistíocht cuairteoirí agus feasacht mhéadaithe i measc an phobail.

### 4.4.2 Bainistíocht Oidhreachta Cultúrtha

#### An Struchtúr um Bainistiú Oidhreachta Cultúrtha

Tá bainistiú na hoidhreachta cultúrtha ar oileán Sceilg Mhichíl faoi dhualgas Oifig na nOibreacha Poiblí. Tugann Seirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta an RCORÁ ionchur seandálaíochta faoi chaomhnú agus cur i láthair an tsuímh trí mheán comhaontú seirbhíse leis an OOP. Tionóltar cruinnithe oibreacha limistéir gach cúpla mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hoibreacha uile sa limistéar ina bhfuil Sceilg Mhichíl suite. Tionóltar cruinnithe rialta, mar a éilítear, idir an OOP, an RCORÁ agus an fhoireann tionscadail chun clár oibreacha gach bliana agus riachtanais theicniúla a phlé.

#### An Fhoireann Tionscadail d'Oibreacha Caomhantais

Ar an bhfoireann tionscadail do na hoibreacha caomhantais tá ailtire caomhantais, seandálaí agus innealtóir struchtúir agus tá saineolas agus taithí shuntasach acu go léir ar a réimsí faoi seach. Faightear comhairle bhreise ó shaineolaithe laistigh den RCORÁ agus den OOP. Nuair is gá, coimisiúnaítear saineolaithe ón earnáil príobháideach chun obair speisialtóra a dhéanamh ar an suíomh agus taobh amuigh de. Tá an phríomh-fhoireann idir-dhisciplíneach agus tá dlúthchaidreamh oibre le feiceáil eatarthu i gcónaí. Tá maoirseacht na hoibre ina freagracht roinnte agus braitheann an fhreagracht ar chineál na n-oibreacha atá ar bun. Déanann foirne beaga na hoibreacha agus iad faoi stiúir saoir chloiche le hardthaithí, atá cáilithe i dtógáil agus deisiú na saoirseachta a úsáideann cloch shingil.

#### An Creat Caomhantais

Le linn na n-oibreacha caomhantais uile, tugtar aird ar na cairteacha agus cáipéisí idirnáisiúnta éagsúla a chuireann creat ar fáil do chaomhnú séadchomharthaí stairiúla agus Suímh Oidhreachta Domhanda. Feidhmíonn na cairteacha agus cáipéisí seo mar threoirlínte agus cuireann siad bonn faoin obair. Mar sin féin, nuair atá aon obair á déanamh, caithfear aird a thabhairt ar choinníollacha agus srianta iarbhír an tsuímh.

Ní mór reachtaíocht a bhaineann le séadchomharthaí náisiúnta agus fiadhúlra a chomhlíonadh nuair atá oibreacha caomhantais á ndéanamh. Tá na hoibreacha uile faoi réir thoiliú an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus déantar athbhreithniú rialta orthu. Maidir le reachtaíocht fiadhúlra agus Treoracha ábhartha, tagann foireann na n-oibreacha le chéile leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hoibreacha a dhéantar agus a dtionchar ar oidhreacht nádúrtha an oileáin, agus chun pleanáil don chéad séasúr eile nó don todhchaí a dhéanamh tráth maith roimh ré.


Ó thosaigh clár reatha na n-oibreacha, chloígh an fhealsúnacht taobh thiar de chaomhnú leanúnach an tsuímh go docht le creat inghlactha idirnáisiúnta. Pléadh an cur chuige ar glacadh leis go mionsonrach leis an ionadaí ó UNESCO tráth an mheasúnaithe Oidhreachta Domhanda. Bhí UNESCO lán sásta nach gcuirfeadh na hidirghabhálacha molta isteach ar fhíordheimhneacht an tsuímh; thug an cur chuige céanna

treoir do na hoibreacha uile a rinneadh ó shin.

### Fealsúnacht a chuireann bonn faoin gClár Oibreacha

Mar gheall ar staid chrua aimsire agus roinnt fachtóirí nádúrtha, tá stair fhada ann d'intitim agus atógáil na n-iarsmaí manachúla, go háirithe na ballaí coinneála. Ag tosach an chláir oibreacha reatha, rinneadh suirbhé mionsonrach struchtúrach agus innealtóireachta ar bhallaí coinneála na Mainistreach. Sholáthar sé eolas bunlíne don fhoireann a d'fhéadfaidís é a úsáid ina gcuid oibre. Bunaithe ar an suirbhé seo, tiomsaíodh liosta d'oibreacha struchtúracha riachtanacha agus cuireadh in ord tosaíochta iad, agus úsáideadh é sin mar theimpléad do chomhdhlúthú struchtúrach an tsuímh.

I gcás Sceilg Mhichíl, is é cobhsaíocht struchtúrach ceann de na saincheisteanna is bunúsaí. Go dtí go mbeidh an struchtúr cobhsaithe, ní féidir aon oibreacha caomhantais eile a dhéanamh seachas oibreacha sealadacha feabhsaithe nó coinneála. Ní féidir breathnú ar chothabháil agus cur i láthair mionsonrach go dtí go mbeidh cobhsaíocht bainte amach.



*Pl. 14 - Ag oibriú chun na struchtúir ar an mBinn Theas a chobhsú.*

Ag tosach gach séasúir tagann an fhoireann tionscadail le chéile chun an clár a phlé agus chun gach gné de na hoibreacha a phleanáil. Déantar an mhéid is lú idirghabhála is féidir, le haird tugtha i gcónaí ar an riachtanas de chobhsaíocht struchtúrach. Is é caomhnú an tsuímh an cuspóir bunúsach i gcónaí.

Caomhnaítear gach struchtúr, ach amháin i gcásanna eisceachtúla ina gcaitear cuid den fhoirgneamh a

bhaint chun é a chaomhnú. D'fhéadfadh tochailt seandálaíochta nó cobhsú struchtúrach a bheith i gceist leis na cásanna sin. I gcásanna annamha mar sin, deantar taifead iomlán ar an struchtúr agus an stratagrafaíocht lena mbaineann, agus baintear agus atógtar an chuid riachtanach, ag úsáid na gcloch céanna sa phatrún céanna.

I gcás go mbíonn tacaíocht struchtúrach ag teastáil chun an séadchomhartha a chaomhnú, agus go dtaispeánann an tochailt struchtúir bhunaidh bhallaí, caomhnaítear agus ardaítear iad, de réir mar is gá, chuig leibhéal ag a mbíonn siad ábalta tacú go sábháilte le gach gné den tógáil bhunaidh. I gcás go mbíonn na ballaí á gcaomhnú, de ghnáth cuirtear ciseal íobartach de shaoirseacht cloiche singile ar a mbarr. Cosnaíonn sé sin an méid atá fágtha den tsaoirseacht bunaidh ó dhamáiste.

## Sábháilteacht na nOibreacha

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as sábháilteacht tríd is tríd ar Sceilg Mhichíl. Tá gach ball den fhoireann ar an oileán ag obair de réir an Achta um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005 agus reachtaíocht ábhartha chúntach Sláinte agus Sábháilteachta. Ag leibhéal áitiúil, tá saoiste an tsuímh freagrach as na nósanna imeachta sábháilteachta ginearálta a luaitear i Ráiteas Sábháilteachta Sceilg Mhichíl a chur i bhfeidhm ar an láithreán ó lá go lá. Tá na nósanna imeachta sábháilteachta le fáil i gcáipéisí éagsúla agus cloítear leis na nósanna imeachta seo le treoir ó shainchonraitheoir seachtrach le cabhair ó Aonad Sláinte agus Sábháilteachta an OOP. Tugtar aird ar leith ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta a thabhairt maidir le bheith ag obair ar uisce nó in aice leis.



*Pl. 15 - Ag oibriú ar an mBinn Theas le cabhair téad agus faoi mhaoirseacht Oifigeach Sábháilteachta lánaimseartha.*

Tá sainchonraitheoir freagrach as gníomhaíochtaí speisialtóra cosúil le rochtain le téad agus úsáid úmacha sábháilteachta. Tá an oiliúint agus an trealamh cuí ag gach duine atá ag obair ar Sceilg Mhichíl

chun cur ar a gcumas an obair a dhéanamh ar shlí shábháilte. Ag tosach gach séasúir, tugtar scileanna sábháilteachta gach fostaí a oibríonn ar Sceilg Mhichíl cothrom le dáta. Maidir le 'hOibriú ar Airde' déantar measúnú bliantúil ar na fostaithe oibreacha uile agus cuirtear oiliúint orthu gach bliain chun cur ar a gcumas na tascanna is gá a dhéanamh.



*Pl. 16.- Obair shuirbhéireachta ar Ghairdín Íochtarach na Manach roimh thochailt agus i ndiaidh bhaint an fhásra.*

Ag tosach gach séasúir cláraítear trealamh sábháilteachta, marcáiltear é agus déantar scrúdú air agus coimeádtar taifead faoi ar chomhad in oifig an tsuímh. Déanann an sainchonraitheoir cinnte de go gcomhlíonann an trealamh sábháilteachta go léir an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta ábhartha.

Tá plean éigeandála mionchruinn, a dréachtaíodh i gcomhaontú leis na gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha, i bhfeidhm do Sceilg Mhichíl. Ag tosach gach séasúir bíonn cleachtadh oiliúna ar siúl d'fhoireann uile an OOP.

### Oibreacha Caomhantais

Tá achoimre ar na hoibreacha déanta go dtí seo, ón naoú haois déag go dtí 2008, leagtha amach in Aguisín 4.

### Suirbhé agus Taifeadadh

Déantar suirbhéanna tomhaiste agus suirbhéanna griangrafadóireachta roimh thús na n-oibreacha uile. Déanann an fhoireann caomhantais an-chuid den obair seo, agus mar gheall ar an gcineál tír-raoin i

gceist, baintear úsáid leathan as suirbhéanna plánchláir. Taifeadtar pleananna, próifílí gearrtha agus airdí ar scálaí éagsúla le linn tochailte; úsáideadh suirbhéanna uirlise chun na gnéithe a thaifeadadh i ndiaidh tochailte.



*Pl. 17 - Taifeadadh iar-thochailte i nGairdín Íochtarach na Manach.*

Coimisiúnaíodh suirbhé fótagraiméadrach (1:1000) den oileán i 1982, agus ina dhiaidh sin ceanglaíodh é leis an Eangach Náisiúnta. Níor chuir sé sin go leor sonraí geografacha ar fáil, áfach, go háirithe i ndáil leis an mBinn Theas. Mar sin, rinneadh suirbhé LiDAR i mí na Samhna 2007, a chuir suirbhé beacht bunlíne ar fáil do na limistéir uile ar an oileán. Ba ionann an leibhéal clúdaigh den Phríomh-Mhainistir agus den Bhinn Theas agus 100 pointe in aghaidh an mhéadair chearnaigh, agus chuir sé sin taifead ardghléine de na struchtúir uile sna limistéir

seo ar fáil.

Le linn an phróisis chaomhantais, déantar taifead gairmiúil fótagrafach freisin, ón talamh agus ón aer. Le deich mbliana anuas, taifeadadh na hoibreacha go gairmiúil ar scannán freisin. Beidh na taifid seo ina gcuid lárnach de chartlann oifigiúil Sceilg Mhichíl.

**Iniúchtaí Seandálaíochta**

Bhí ról tábhachtach ag an tseandálaíocht sa chlár d'oibreacha caomhantais déanta ar Sceilg Mhichíl ó cuireadh tús leis an gclár go luath sna 1980í. Bhí raon feidhme na hoibre seandálaíochta ar Sceilg Mhichíl go dtí seo socraithe, a bheag nó mór, ag na riachtanais chaomhantais. Measadh go raibh an straitéis seo mar an straitéis is cuí mar gheall ar an limistéar teoranta ar fáil do thochailt ar an oileán géar seo agus riocht slán na struchtúr, an Mhainistir ach go háirithe, nach féidir cur isteach air. Téann an cur chuige seo le ceann de na prionsabail bhunúsacha de straitéis an RCORÁ chun cosaint a thabhairt dár n-oidhreacht seandálaíochta chríochta: 'níor chóir do bhailiú eolas seandálaíochta, in aon chúinsí, aon chuid níos mó den oidhreacht seandálaíochta a scriosadh ná mar is gá'.  Laistigh den na paraiméadair seo, ba é aidhm an tseandálaí ar Sceilg Mhichíl leas iomlán a bhaint as na deiseanna curtha ar fáil ag na hidirghabhálacha a raibh gá leo chun gnéithe an tsuímh a chaomhnú, chun léargas nua a sholáthar faoin lonnaíocht mhanachúil uathúil seo.

Thar na blianta, chuaigh ionchur seandálaíochta ó mhonatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar oibreacha go tochailt seandálaíochta iomlán. Ghlac roinnt seandálaithe páirt, lena n-áirítear baill foirne na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta agus sainchomhairleoirí príobháideacha (féach Aguisín 4, Tábla 2 agus Fig. 2). Tá achoimre ar iniúchtaí seandálaíochta idir 1986 agus 2007 ar fáil in Aguisín 4.

## Rudaí Iniompartha

An beartas atá ann ná rudaí oidhreachta a choinneáil ar an oileán a mhéid is féidir. Bhí roinnt cásanna ina raibh damáiste déanta do rudaí, mar shampla, an cros mór in aice leis an Aireagal Beag, agus déileáladh leis sin *in situ*. Déantar monatóireacht leanúnach ar riocht rudaí den chineál seo, agus má mheastar go mbíonn siad i mbaol, bainfear rudaí oidhreachta den oileán chun iad a choinneáil slán.

I roinnt cásanna tá rudaí iniompartha le damáiste déanta dóibh ró-leochaileach le hiad a fhágáil nochta ag an suíomh. Ina measc siúd tá crosa beaga, iarsmaí de chloch saoirsithe agus crosa le damáiste déanta dóibh. Déantar na rudaí uile den chineál seo a thaifeadadh go hiomlán, a chaomhnú nuair is cuí agus a stóráil i dtimpeallacht oiriúnach chun go gcaomhnófar iad go fadtréimhseach. Tá catalóg de na nithe cloiche seo á déanamh agus coinneofar iad in aonaid stórála saintógtha in Iosta Séadchomharthaí Náisiúnta an OOP i gCill Airne ina mbeidh siad inrochtana le linn uaireanta oibre, trí choinne a dhéanamh roimh ré.

Thángthas ar a lán déantán le linn tochailtí ar Sceilg Mhichíl thar na blianta, agus tháinig siad uile ón Mainistir. Déantar na déantáin agus samplaí seandálaíochta a fhaightear le linn tochailte a stóráil in áitreabh na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta (RCORÁ) le linn na tréimhse tuairiscithe iar-thochailte. I ndiaidh taifeadta, caomhnaithe agus foilsithe, aistreofar na déantáin chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann chun iad a stóráil go fadtréimhseach.

## Innealtóireacht

Bhí sé riachtanach na struchtúir a chomhdhlúthú i roinnt áiteanna ina raibh intitim na mballaí coinneála ag cur chobhsaíocht na struchtúr os a gcionn i mbaol nó ina bhféadfadh sé a bheith dainséarach do chuairteoirí ar an suíomh. Sa bhreis air sin, bhí roinnt ballaí ann ón naoú haois déag a bhí ar chaighdeán fíor-íseal, agus in áiteanna áirithe, dainséarach, agus bhí sé riachtanach na ballaí sin a athsholáthar.

Deacracht amháin i gceist leis an obair a dhéanamh is ea an easpa de chlocha oiriúnacha ar an oileán. In a lán cásanna, nuair a thit na ballaí bunaidh, scaipeadh líon mór cloch uathu síos na fánaí géara thíos fúthu agus isteach san fharraige. Fiú amháin nuair a bhí ballaí iomlán, ach i staid dhainséarach, bhí roinnt de na clocha briste agus ní raibh sé indéanta iad a athúsáid. Go mór mhór, tá ganntanas de chlocha níos mó. Ní raibh rogha ann cairéalú a dhéanamh agus mar sin bhí sé riachtanach na clocha a bhí ann a úsáid. Cúitíonn na modhanna innealtóireachta a úsáidtear ar an suíomh don ghanntanas seo de chloch oiriúnach.

Nuair a atógtar ballaí coinneála suas le hairde thart ar 1.5m, is é an modh a úsáidtear ná balla traidisiúnta le haghaidh dhúbailte de chloch shingil líonta isteach le ceangail roghnaithe agus clocha níos lú. I gcás na mballaí coinneála níos airde, meastar go ginearálta go bhfuil sé riachtanach coincréit neartaithe a chur

ann mar thacaíocht, go háirithe nuair atá an bhunshraith lag nó nuair atá brú mór ón ábhar atá á choinneáil. Is é an buntáiste a bhain leis an tacaíocht cúil seo a chur ann ná go raibh líon níos lú cloch ag teastáil ná mar a bheadh ag teastáil le haghaidh balla cloiche singile le haghaidh dhúbailte, agus mar sin, bhíothas in ann líon níos mó de na clocha níos lú a úsáid. Níor úsáideadh coincréit threisithe do struchtúir bhallaí coinneála ach cuid mhaith thíos faoi bhun leibhéil na talún agus níor úsáideadh é ach i gcúinsí srianta nuair a bhí géarghá leis.

## Cothabháil

Tá cothabháil leanúnach ó lá go lá ina páirt lárnach den gclár cothabhála bliantúil ó 1978. Nuair a bheidh an clár oibreacha ar an Mainistir, an Díseart, agus na Céimeanna críochnaithe, dréachtófar clár cothabhála struchtúrtha do gach struchtúr caomhnaithe. (Tá tuilleadh sonraí faoin gclár cothabhála ar fáil in Aguisín 5.)

## Oibreacha atá Fós le Déanamh ar Struchtúir Mhanachúla

Nuair a bheidh na hoibreacha caomhantais ar an mBinn Theas críochnaithe, caithfear na hoibreacha seo a leanas a dhéanamh sula dtosófar an clár oibreacha do struchtúir na dtithe solais ón naoú haois déag:

- Séipéal Naomh Mhichíl: úsáideadh moirtéal stroighne chun an séipéal seo a dheisiú déanach sa naoú haois déag agus tá sé seo ag déanamh díobhála d'fhabraic an fhoirgnimh. Chomh maith leis sin, nuair a cuireadh roinnt de na clocha fuinneoige agus giallchlocha cóirithe ar ais cuireadh isteach go mícheart iad. Caithfear an obair seo a athdhéanamh, caithfear an moirtéal stroighne a bhaint agus caithfear na ballaí a athphointeáil ag úsáid mortéil atá bunaithe ar an moirtéal stairiúil a úsáideadh i gcéaduair.



*Pl.18 - An Teach Solais Íochtarach atá fós in úsáid.*

- Deisiúcháin struchtúir ar an *Necessarium* ó luath sa naoú haois déag chun na céimeanna rochtana chuig an struchtúr a chobhsú.

- Tá oibreacha caomhantais fós le déanamh sa Teach Aíochta ag barr na gCéimeanna Thoir, díreach taobh amuigh den bhealach isteach chuig Gairdín Íochtarach na Manach.



*Pl. 19 - Amharc de Bhóthar an Tí Solais Uachtarach agus an Teach Solais Uachtarach, nach n-úsáidtear a thuilleadh.*

- Obair deisiúcháin agus chothabhála le déanamh ag an stáisiún paidreoireachta mór amach ó na Céimeanna Theas, leathshlí idir Bóthar an Tí Solais agus an Diallait.

## Clár Oibreacha do Struchtúir na dTithe Solais

### Bóthar an Tí Solais, ón gCé chuig an Teach Solais Íochtarach

Tá an bóthar seo ón naoú haois déag in úsáid fós agus san am atá thart bhíodh sé á chothabháil ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann. Ó aistríodh go dtí an Stát é tá Oifig na n-Oibreacha Poiblí i gceannas ar a chothabháil. Tá bail mhaith ar an mbóthar féin. Tá drochbhail ar uchtbhalla an bhóthair in áiteanna. Rinneadh rindreáil agus cuireadh aol ar an uchtbhalla seo i dtosach chun é a chosaint agus a chaomhnú. Anois ní mór an rindreáil a dheisiú in áiteanna mar tá sé beagnach imithe ón aghaidh amuigh níos nochta. Tá mórán den mhoirtéal glanta amach as corp an bhalla, rud atá á lagú go mór.

Coimisiúnaíodh staidéar struchtúrach mionchruinn ar feadh achar iomlán an bhóthair agus an uchtbhalla. Treoróidh torthaí an staidéir cineál agus scála na hidirghabhála a mbeidh gá léi.

Baineann ardán oibreacha leis an bpíosa seo den bhóthar agus os a chionn sin tá struchtúr leithris thirim, an dá cheann tógtha ag tógálaithe na dtithe solais. Tá an t-ardán tar éis titim, ach mar gheall ar a shuíomh díreach os cionn na gcéimeanna rochtana ar an Mainistir, beidh oibreacha feabhsaithe dúshlánach. Cuireadh taca sealadach isteach roinnt blianta ó shin chun aon ghluaiseacht bhreise a chosc agus chun bealach isteach sábháilte a chinntiú do na cuairteoirí. Bainfear an taca seo nuair a dheiseofar struchtúr an ardáin. Tá na hoibreacha a bhfuil gá leo chun an leithreas a chaomhnú éasca go leor.

Samhlaítear freisin go mbeidh sé riachtanach roinnt deisiúchán a dhéanamh ar dhromchla an bhóthair agus ar na claiseanna, a dhéanann an t-uisce a dhraenáil ón dromchla.

### Bóthar an Tí  Solais ón Teach Solais Íochtarach chuig an Teach Solais Uachtarach

Níor baineadh mórán úsáide as an mbóthar seo ó cuireadh deireadh le húsáid an Tí Solais Uachtaraigh i mí na Bealtaine 1870, ach mar gheall ar sciorrthaí talún, tá a lán den chuid lárnach tar éis titim. Tá sé seo ag cur leis an ualach ar an mbóthar in áiteanna, ag cur brú breise ar an mballa coinneála. Tá cuid den uchtbhalla tite nó i mbail dhainséarach. Níl measúnacht mhionchruinn ar an achar seo den bhóthar, le hanailís struchtúrach iomlán san áireamh, déanta fós. Is léir, áfach, go mbeidh gá le hoibreacha suntasacha san áit seo, agus go mbeidh gné seandálaíochta ag baint leis na hoibreacha.

### An Teach Solais Uachtarach agus struchtúir bhainteacha

Tá an Teach Solais Uachtarach ina fhothrach agus tá drochbhail air. Tá suirbhé mionchruinn le déanamh fós, ach beidh sé riachtanach measúnú struchtúir a dhéanamh ar gach foirgneamh mar chuid de. Beidh comhdhlúthú struchtúrach agus caomhnú de dhíth ar an teach solais agus a struchtúir bhainteacha.



*Pl. 20 - Cuairteoirí laistigh de chlós na mainistreach.*

### 4.4.3 Bainistiú agus Monatóireacht Oidhreachta Nádúrtha

Tá cuntais ar éanlaith mhara ag pórú ar oileáin na Sceilge ag dul siar chomh fada leis na 1700í, ach ní dhearnadh suirbhéanna níos córasaí agus cláir chun fáinní a chur ar éanlaith go dtí déanach na 1950í agus ar aghaidh. Rinne suirbhéanna bliantúla, déanta ag an NPWS idir 1990 agus 2002, éanlaith mhara ag pórú a áireamh, rinneadh measúnacht ar tháirgiúlacht bhliantúil na Saidhbhéar agus cuireadh fáinní ar an gCánóg Dhubh, ar an nGearr Úisc agus ar an bPuifín.

Thug suirbhé 2000 na nÉan Mara an t-eolas is fearr go dtí seo ar na pobail de Chánóg Dhubh agus Gearr Úisc. Cuireann na teicnící a forbraíodh le linn an tsuirbhé seo modh cainníochtúil ar fáil chun suímh neadaithe faoin talamh atá in úsáid a mhapáil. (Féach Aguisín 6 le haghaidh na dtorthaí ar mhonatóireacht ar éanlaith mhara.)

Cuireann áirimh náisiúnta meastacháin ar fáil faoi mhéid an phobail den gach speiceas d'éanlaith mhara ag pórú in Éirinn, agus is féidir tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta gach cóilíneachta ar leith (cosúil leis an gcóilíneacht ar oileáin na Sceilge) a mheasúnú trí leas a bhaint as an eolas sin. Déanann na háirimh

cinnte de go gcosnaítear suímh faoi Airteagal 4 de Threoir Éanlaithe an AE freisin. Taispeánann an t-eolas ar líon na n-éan ar Sceilg Mhichíl, atá bailithe ó 1990, nach bhfuil an clár oibreacha atá ar bun ag an OOP ag cur isteach ar na coilíneachtaí éan atá ag pórú ann. Tá idirchaidreamh leanúnach ar siúl idir an NPWS agus an OOP chun a chinntiú go leanfaidh rudaí mar seo. Tá an Rón Glas i measc na speiceas atá liostaithe ar Iarscríbhinn II de Threoir Gnáthóg an AE, agus mar sin tá sé faoi réir suirbhéanna náisiúnta rialta freisin.

Déanann an NPWS idirchaidreamh leis an údarás áitiúil i ndáil le haon saincheisteanna forbartha a bhaineann leis an gcé agus i ndáil le saincheisteanna bainistíochta dramhaíola a d'fhéadfadh dul i gcion ar ghnáthóga nádúrtha ar an oileán.

### 4.4.4 Bainistíocht Cuairteoirí agus Turasóireacht Inbhuanaithe

#### Rochtain ar Sceilg Mhichíl

Is é beartas an Rialtais an leibhéal rochtana is airde is féidir ar na suímh oidhreachta tógtha uile faoi chúram an OOP a chur ar fáil do chuairteoirí. Mar gheall ar shuíomh Sceilg Mhichíl, thart ar 11.6km amach ó Cheann Bhólais san Aigéan Atlantach, agus topagrafaíocht an oileáin, níl sé indéanta rochtain uilíoch a chur ar fáil. De bharr dálaí aimsire agus farraige ní féidir le báid an t-oileán a bhaint amach go rialta ó dheireadh na Bealtaine to dtí deireadh Mheán Fómhair. Tagann báid go dtí an oileán ó Bhaile an Ridire, an Caladh, Baile an Sceilg agus Doire Fhíonáin. Tá rochtain ar an oileán rialaithe ag córas ceadanna feidhmithe ag an OOP.

Go dtí seo, bhí fad an tséasúir chuairteora ag brath ar dhálaí aimsire agus ar chúrsaí praiticiúla a bhain le bunú na seirbhíse treorach. Ó 2007, ar bhonn bliantúil, leag an OOP an tréimhse amach a mbeidh seirbhís treorach ar fáil ar an oileán lena linn, más féidir é sna dálaí aimsire. Is í seo an tréimhse a dtabharfar 'an séasúr' air a bhfuil tagairt déanta di ar na ceadanna a eisítear le bádóirí gach bliain chun cead a thabhairt dóibh cuairteoirí a thabhairt chuig an oileán. Mar a bhí sna blianta roimhe seo, chun an oileán a chosaint go leanúnach agus chun cosc a chur ar dhamáiste do shéadchomharthaí, agus go háirithe chun sláinte agus sábháilteacht na gcuairteoirí a chinntiú, ní bheidh sé ceadaithe rochtain a fháil ar an oileán taobh amuigh den tréimhse sainithe. Dímholann an OOP rochtain ar an oileán ag árthaí príobháideacha.

I dteannta na gcuairteoirí a fhaigheann rochtain ar an oileán trí oibreoirí áitiúla báid, ligeann líon beag longa cúrsála a bpaisinéirí amach ar an oileán freisin. Faoi láthair, déanann dhá ghníomhaire loingseoireachta, a dhéanann ionadaíocht ar thrí long cúrsála, iarratas bliantúil ar chead chun paisinéirí a ligean amach ar oileáin na Sceilge. Ní féidir ach 100 paisinéir ó gach árthach cuairt a thabhairt ar an oileán, agus iompraíonn RIB ón long chuig an gcé iad. Tá na cuairteanna seo sceidealta do 6.00/7.00am agus ní mór dóibh a bheith críochnaithe faoi 11.00am, an t-am ag a shroicheann na paisinéirí iompartha ag na bádóirí an t-oileán, de ghnáth. De réir na dtaifead, tháinig dhá árthach i dtír in 2007, ceann amháin in 2006 agus dhá cheann in 2005.

Ó Lúnasa 2008 ar aghaidh beidh cead arís ag cuairteoirí dul isteach ar an mBinn Theas. Go réadúil, is



*Fí. 21 – Treoraí ag labhairt le cuairteoirí sa Mhainistir.*

beag duine a dhéanann iarracht an dreapadh deacair seo a dhéanamh. De ghnáth, bíonn taithí dreapadóireachta ag na daoine a dhéanann an iarracht seo. Samhlaítear nach dteastóidh ach ó líon beag cuairteoirí cuairt a thabhairt ar limistéar na Binne Theas. Déanfar monatóireacht ar rochtain phoiblí ar an limistéar seo, go háirithe i ndáil le saincheisteanna sábháilteachta, agus féadfar rochtain a rialú de réir mar is gá.

## Líon na gCuairteoirí

Sa tréimhse idir 1978 agus 1994 tháinig méadú suntasach ar líon na gcuairteoirí ar an oileán. As seo, d’éirigh ardú infheicthe ar mhéid an damáiste déanta don suíomh, trí thionóisc agus d’aon toil araon. Sa chomhthéacs seo, chuir an OOP tús le hidirbheartaíocht le bádóirí áitiúla i 1994 chun plean aontaithe a chur le chéile chun teorainn a chur le líon na gcuairteoirí in aghaidh an lae, chun an Séadchomhartha Náisiúnta a chaomhnú.

I 1994, shocraigh an OOP nár chóir ach 180 cuairteoir a cheadú in aghaidh an lae. Toisc go raibh ar chumas fhormhór na mbád a bhí ag oibriú ag an am dáréag a iompar, bheadh cúig bhád déag ag teastáil chun uaslíon na gcuairteoirí a bhaint amach. Mar sin féin toisc go raibh naoi mbád déag ag tabhairt cuairteoirí chuig Sceilg Mhichíl i 1994 nó tar éis tiomantas airgid a thabhairt chun é sin a dhéanamh i 1995, d'aontaigh an OOP cead a thabhairt do naoi mbád déag cuairteoirí a iompar chuig an oileán i 1995. Mar sin féin, aontaíodh go n-ísleofaí an figiúr seo go huaslíon cúig bhád déag faoi mar a d'éireodh na bádóirí as.

Aontaíodh go n-eiseofaí ceadanna chun cuairteoirí a thabhairt chuig an oileán go daoine aonair, dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe, agus go mbeadh na ceadanna le hathnuachan gach bliain agus faoi réir coinníollacha áirithe. Leanann an OOP ar aghaidh ag úsáid an chórais cheadanna seo chun smacht éifeachtúil a choiméad ar líon na gcuairteoirí ar an suíomh agus chun cobhsaíocht a bhaint amach idir an gá an Séadchomhartha Náisiúnta a chaomhnú agus an gá rochtain ag cuairteoirí a éascú. D'fhormhuinigh UNESCO na líonta cuairteoirí idirbheartaithe i 1995 nuair a bhí an t-ainmniú do stádas Oidhreachta Domhanda á mheas. Tá sé d'aidhm ag an OOP leanúint ar aghaidh ag feidhmiú an tsocraithe seo go ceann i bhfad mar sin féin déanfar athbhreithniú ar na critéir i gceist le ceadanna a thabhairt do bháid cuairteoirí a thabhairt chuig an oileán sa todhchaí. Is é meánlíon na gcuairteoirí in aghaidh an tséasúir sa tréimhse ó 1995 c. 11,100, agus i ndiaidh monatóireacht a dhéanamh air thar thrí shéasúr déag, meastar go bhfuil an figiúr seo inbhuanaithe maidir le cosaint a thabhairt don Séadchomhartha Náisiúnta.

## Sábháilteacht cuairteoirí

Tá dainséir bhunúsacha i gceist le cuairt a thabhairt ar Sceilg Mhichíl agus mar gheall ar chineál an tsuímh, ní mór bheith cúramach i gcónaí. Sa chomhthéacs seo iarrtar ar chuairteoirí smaoineamh arís sula dtugann siad leanaí óga chuig an oileán. Má thugann daoine fásta leanaí óga go dtí an oileán tá sé tábhachtach go ndéanann an duine/na daoine fásta cinnte go bhfuil na leanaí faoina gcúram sábháilte. Ar mhaithe le sábháilteacht caithfidh cuairteoirí fanacht ar bhealaí aitheanta do chuairteoirí fad agus atá siad ar an oileán.

Uaireanta tá sé deacair dul i dtír ar an oileán agus nuair atáthar ar an oileán, faightear rochtain ar an Mainistir le thart ar 600 céim. Cé go ndéantar na céimeanna seo a chothabháil go rialta, tá siad neamhrialta agus de dhéantús cloiche singile agus mar gheall air sin ní féidir leo caighdeáin an lae inniu a chomhlíonadh.

Saincheist thábhachtach eile a bhaineann le sábháilteacht ná an méid ama a chaitheann cuairteoirí ar an oileán. Ní mór go leor ama a thabhairt do chuairteoirí chun dreapadh suas na céimeanna agus dul ar thuras treoraithe timpeall na Mainistreach roimh theacht anuas chun an bád a fháil ar ais go dtí an mórthír. Níl sé beartaithe ráillí láimhe a chur isteach ar an oileán, mar meastar go gcuirfidís isteach ar shláine an tsuímh. Mar sin féin, cuireann comharthaíocht ar an oileán cuairteoirí ar an eolas faoi na guaiseacha bunúsacha i gceist le cuairt a thabhairt ar an oileán.

Tá an OOP tiomanta do chinntiú go gcoinnítear leibhéil arda sláinte agus sábháilteachta do chuairteoirí ar an oileán. Bunaíodh naisc dhlútha le heagraíochtaí tarrthála aeir agus mara an limistéir agus leis an ngarda cósta áitiúil.  Le linn shéasúr 2008, i gcomhar le heagraíochtaí sin den leithéid sin, coimisiúnóidh an OOP druil aslonnaithe sábháilteachta iomlán chun an plean éigeandála reatha a threisiú agus chun treoir a thabhairt dó.

## An tSeirbhís Treorach

Tugadh seirbhís rialta treorach isteach i 1987 agus tá sé ag oibriú gach séasúr ó shin. Faoi láthair, bainistíonn an OOP an tseirbhís treorach. Is é príomhfheidhm na seirbhíse treorach an suíomh a chosaint, stair, seandálaíocht agus tábhacht na lonnaíochta manachúla a mhíniú, líon na gcuairteoirí i gclós na mainistreach a rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí, líon na mbád a thagann i dtír agus dálaí aimsire. Féadfar iarraidh ar na treoraithe cabhrú le tionscadail taighde freisin.

De bharr nádúr iargúlta an tsuímh, ní mór do na treoraithe cónaí ar an oileán i rith an tséasúir. Tá 5 threoraí fostaithe, le cois saoiste atá bunaithe ar an mórthír. De ghnáth, caitheann na treoraithe coicís ar an oileán le seachtain shaor. Bíonn triúr treoraithe ag obair ar an oileán ag aon uair, ach amháin ag tús an tséasúir nuair nach mbíonn gá ach le beirt.

Cé gurb é cosaint an tSéadchomhartha Náisiúnta príomhról na dtreoraithe, tugann siad eolas do chuairteoirí freisin agus cabhraíonn siad leo tuiscint a fháil ar an suíomh. Tá breis eolais le fáil ar an bpainéal eolais ag an áit a dtosaíonn na céimeanna suas go dtí an Mainistir.

Déanann na treoraithe monatóireacht leanúnach ar an méid cuairteoirí laistigh den gclós inmheánach. Má mheasann siad go bhfuil na figiúirí seo ró-ard, déantar rialú ar theacht isteach. Laistigh den Mhainistir, is féidir le cuairteoirí rochtain iomlán a fháil ar Ghairdín Uachtarach na Manach. Níl cead ag cuairteoirí dul isteach go dtí Gairdín Íochtarach na Manach ar mhaithe le sábháilteacht, ach is féidir an gairdín seo go léir a fheiceáil ó lastuas. Tá an clós inmheánach go hiomlán inrochtana ag cuairteoirí, seachas achar beag ar an taobh theas den Aireagal Mór. Ní féidir dul isteach chuig Léibheann an Aireagail Bhig ar mhaithe lena chosaint, ach is féidir le cuairteoirí féachaint air.

### Turasóireacht Inbhuanaithe

Ag dul le Cairt Idirnáisiúnta Turasóireachta Cultúrtha ICOMOS 1999, is é ceann de na cuspóirí príomhúla le Sceilg Mhichíl a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe é 'a thábhacht agus an gá é a chaomhnú a chur in iúl don phobal is óstach agus do chuairteoirí'. Faoi láthair, tagann a lán turasóirí chuig Leithinis Uíbh Ráthach mar gheall ar Sceilg Mhichíl, agus baineann an ceantar a lán tairbhí socheacnamaíocha as sin. Tá cuairt ar Sceilg Mhichíl agus ar an limistéar mórthimpeall air ina heispéireas taitneamhach agus oideachasúil don chuairteoir. Fanann formhór na gcuairteoirí ar an réigiún ar an mórthír, ónar féidir a lán gnéithe suntasacha de Sceilg Mhichíl a fheiceáil. Cuireann an OOP comharthaíocht eolais do Sceilg Mhichíl ar fáil do thurasóirí ar an mórthír agus ag na calaí. Bíonn na treoraithe cónaitheacha freagrach as bainistiú na dturasóirí ar an oileán le linn an tséasúir chuairteora.

Tuigtear go bhfuil sé riachtanach tionscnaimh turasóireachta a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus ní mór cur chun cinn agus bainistiú turasóireachta inbhuanaithe sa cheantar a spreagadh. Chun é sin a éascú, bhuail an OOP agus an RCORÁ le Fáilte Éireann chun tionscnaimh turasóireachta don réigiún a phlé. Tá sé ar intinn ag Fáilte Éireann idirchaidreamh a dhéanamh le líonraí turasóireachta áitiúla chun plean turasóireachta a fhorbairt don cheantar a chomhlíonann riachtanais reatha na dturasóirí agus an réigiúin, a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn sláine chultúrtha an oileáin agus a bhainistíonn riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta riachtanacha. Tabharfaidh an plean aghaidh freisin ar uasghrádú agus comhtháthú an mhínithe reatha ar oileáin na Sceilge atá ar fáil ar an mórthír do chuairteoirí nach bhfuil ar a gcumas cuairt a thabhairt ar an oileán.

### 4.4.5 Bainistíocht Dramhaíola

Mar is cuí, déanann an OOP idirchaidreamh leis an údarás áitiúil i ndáil le bainistiú dramhaíola ar Sceilg Mhichíl. Baintear an dramhaíl uile den oileán ar bhonn seachtainiúil, más féidir leis an aimsir, agus diúscraítear agus/nó athchúrsáiltear í de réir mar is cuí agus de réir mar a aontaítear le hOifigeach Comhshaoil Chomhairle Contae Chiarraí.

## 4.5 Saincheisteanna Bainistíochta

Tabharfar aghaidh ar chaomhnú, cosaint comhshaoil, bainistíocht cuairteoirí, turasóireacht inbhuanaithe agus saincheisteanna eile a aithneoidh Grúpa Stiúrtha Sceilg Mhichíl i bPlean Bainistíochta Sceilg Mhichíl.

Úsáidfear na saincheisteanna seo chun bonn a chur faoi chuspóirí agus plean gníomhaíochta Sceilg Mhichíl do na cúig bliana go deich mbliana amach romhainn agus ar bhonn níos fadtréimhsí.

### 4.5.1 Saincheisteanna Caomhantais a bhaineann le hOidhreacht Tógtha


Beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht carta nuair a thosófar ar an obair ar an mbóthar idir an dá theach solais. Scuabadh an cartadh seo síos ar an mbóthar ón talamh os a chionn thar am. Ní bheidh fadhb i gceist le stóráil tosaigh an charta: úsáidfear roinnt de i limistéir inar scuabadh an t-ábhar bunaidh. Ag deireadh na n-oibreacha, déanfar aon chartadh fágtha a dhiúscairt ar bhealach cuí, i gcomhairle leis an OOP, RCORÁ agus an údarás áitiúil.

### 4.5.2 Saincheisteanna Oidhreachta Nádúrtha

Tá dhá rud phríomhúla a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar éin ag neadú agus gnáthóga, is iad sin cuairteoirí agus oibreacha caomhantais. Le linn an phríomhshéasúir chuairteora, d’fhéadfadh suas le 180 duine in aghaidh an lae cuairt a thabhairt ar an oileán. Mar gheall ar líon na ndaoine, d’fhéadfaí cur isteach ar éin ag neadú agus damáiste a dhéanamh do ghnáthóga trí iad a shatailt. Mar sin féin, tá gluaiseachtaí cuairteoirí ar an oileán rialaithe den chuid is mó ag cineál an tír-raoin féin. Is deacair rochtain a fháil ar limistéir nach dtéann céimeanna nó bóithre reatha ann mar gheall ar na fánaí géara a bhíonn éagobhsaí go minic. Ar mhaithe le sábháilteacht, iarrann treoraithe ar chuairteoirí fanacht ar na

# CAIBIDIL 5

## AN PLEAN A CHUR I BHFEIDHM



bealaí cuairteoirí aitheanta an t-am ar fad. Cabhraíonn sé sin le cur isteach agus dochar do ghnáthóga a íoslaghdú. Níl cuairteoirí a fhaigheann rochtain ar an oileán lasmuigh den séasúr aitheanta rialaithe faoi láthair, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le fadhbanna.

Tá ar chumas oibreacha damáiste a dhéanamh do ghnáthóga, le cois cur isteach go díreach ar éin ag neadú, lena n-áirítear trí iad a easáitiú agus a adhlacadh.  Faoi láthair, buaileann an fhoireann oibreacha le pearsanra an NPWS ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibreacha a rinneadh agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist don oidhreacht nádúrtha mar gheall orthu agus chun oibreacha don todhchaí a phleanáil. Taispeánann an t-eolas ar líon na n-éan atá bailithe ó 1990 nach raibh tionchar diúltach ag an gclár oibreacha a cuireadh i gcrích go dtí seo ar chóilíneachtaí éanlaithe ag pórú. Déanfaidh obair shuirbhéireachta leanúnach monatóireacht leanúnach air sin.  Chuir na hoibreacha caomhantais gnáthóg bhreise ar fáil d'éin a dhéanann a neadacha i mballaí cloiche singile.

Tá tabhairt isteach plandaí nó ainmhithe nach bhfuil ar fáil ar an oileán faoi láthair ina gníomh infhógartha faoin SPA do Sceilg Mhichíl. D'fhéadfadh mamaigh cosúil le Francaigh, Minceanna, Gráinneoga agus Cait dochar mór a dhéanamh do chóilíneachtaí éanlaithe ag pórú. Úsáidfidh NPWS bealaí cuí chun a chur in iúl go soiléir do gach duine a thugann cuairt ar Sceilg Mhichíl nár chóir aon speiceas planda nó ainmhí a scaoileadh ar an oileán.

### 4.5.3 Saincheisteanna a bhaineann le Bainistíocht Cuairteoirí agus Turasóireacht Inbhuanaithe

Tugtar aird i gcónaí ar shábháilteacht na gcuairteoirí a thugann cuairt ar an oileán. Ní mholtar do dhaoine seachas úinéirí báid a fheidhmíonn faoi réir chóras ceada an OOP rochtain a fháil ar Sceilg Mhichíl; mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú trí úsáid a bhaint as árthaí príobháideacha. Leanann an OOP air ag déanamh monatóireachta ar an tsaincheist seo ar bhonn rialta.

D'fhéadfadh na cuairteoirí féin agus forbairt seirbhísí do chuairteoirí tionchar diúltach a imirt ar Shuímh Oidhreachta Domhanda. Mar gheall ar shuíomh agus topagrafaíocht Sceilg Mhichíl tá srian leis an bhforbairt, agus mar sin tá an tionchar sin íseal, ach féadann cuairteoirí cur isteach ar na séadchomharthaí nó gnáthóga agus speicis agus d'fhéadfadh róphlódú dochar a dhéanamh do chaomhnú an tsuímh. Is dúshlán leanúnach é cobhsaíocht a bhaint amach idir caomhnú an oileáin agus na tairbhí socheacnamaíocha i gceist don cheantar mar gheall ar an turasóireacht. Cuspóir príomhúil a bhaineann le bainistiú oidhreachta nó a suntas agus an gá í a chaomhnú a chur in iúl don phobal is óstach agus do chuairteoirí.

**Suíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl a chosaint, a chaomhnú agus tuiscint dó a chur chun cinn**

uile, ní mór cobhsaíocht a bhaint amach idir an gá saoráidí a chur ar fáil do chuairteoirí, treoraithe agus foirne tionscadail agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag struchtúir shealadacha, comharthaíocht agus leithris ar thírdhreach an oileáin.

### 4.5.5 Athrú Aeráide

Is cúis imní mhéadaitheach é tionchar an athraithe aeráide ar Oidhreacht Dhomhanda i measc an phobail oidhreachta, agus tuigtear gurb é ceann de na fachtóirí is mó a d'fhéadfadh caomhnú suímh oidhreachta a

**Cuspóir 1: Creat bainistíochta éifeachtúil a chur i bhfeidhm chun Sár-Luach Uilíoch Sceilg Mhichíl a chosaint**

dhéanamh do struchtúir seandálaíochta. D'fhéadfadh tionchar soisialta agus cultúrtha a bheith ag athrú aeráide freisin. Féadann athrú aeráide dul i gcion ach go háirithe ar an oidhreacht nádúrtha, le báisteach throm, athruithe i bhfeineolaíocht (an tráth ag a dtarlaíonn rudaí cosúil le bláthú) agus athruithe ar chumraíocht an éiceachórais ag cur isteach ar phatrúin phóraithe speiceas agus séasúir fáis phlandaí, i measc eile.

Go dtí seo, ní raibh mórán tionchair ag athrú aeráide ar Sceilg Mhichíl. Mar gheall ar a shuíomh, áfach, d'fhéadfadh láidreacht mhéadaithe stoirmeacha agus gaoithe an-chuid damáiste a dhéanamh dó. Le linn shéasúr 2007, ba ghaotha aduaidh iad formhór na ngaoth agus ní hionann sin agus na gaotha a taifeadadh sna tríocha bliain roimhe sin. Bhí tionchar aige sin ar chumas na n-oibrithe roinnt de na hoibreacha caomhantais a dhéanamh. Bíonn tionchar ag an méadú ar dhálaí dona aimsire ar chumas na gcuairteoirí teacht i dtír ag cé an oileáin freisin. Beidh ar na húdaráis chuí dlúthmhonatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar Sceilg Mhichíl sa todhchaí chun tionchair fhéideartha an athraithe aeráide a mhaolú.

### 4.5.6 Straitéis Taighde

Tá snáitheanna éagsúla taighde ar siúl ó cuireadh tús le hoibreacha ar an oileán. Beidh na torthaí orthu seo cuimsithe i bhfoilseachán comhtháite a anailíseoidh agus a mhíneoidh an t-eolas a bailíodh go dtí seo. Cuirfidh sé sin bonn faoi straitéis taighde fhoirmiúil a cheapfar don oileán uile.

### 4.5.7 Feasacht agus Cur Chun Cinn

Níl mórán eolais ar fáil faoi Sceilg Mhichíl agus an limistéar mórthimpeall air. Teastaíonn ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an fhadhb seo a réiteach agus tá bearta curtha i bhfeidhm acu chun é sin a chur chun cinn. Faoi láthair, tá eolas do chuairteoirí ar fáil ar láithreán gréasáin Oidhreacht Éireann, cothabháilte ag an OOP (http://www.heritageireland.ie) agus i leabhrán eolais an OOP *Suímh Oidhreachta Éireann*. Tá tuilleadh eolas faoi Shuímh Oidhreachta Domhanda Éireann ar fáil ar láithreán gréasáin an RCORÁ freisin: http://www.environ.ie. Tá eolas ar fáil ar

**Cuspóir 2: Idirchaidreamh le grúpaí leasmhara áitiúla agus páirtithe ábhartha eile a fheabhsú.**

Ba chóir do na cainteanna reatha le Fáilte Éireann maidir le plean turasóireachta comhtháite a fhorbairt don cheantar cabhrú le dul i ngleic leis an easpa eolais reatha.

### 4.5.8 Saincheisteanna a bhaineann le Struchtúr Bainistíochta

Tá an clár caomhantais á chur i gcrích ag an OOP agus an RCORÁ i gcomhar lena chéile, mar a luadh roimhe seo, tá saincheisteanna maidir le bainistíocht cuairteoirí agus rochtain faoi shainchúram an OOP, agus déanann an NPWS monatóireacht ar shaincheisteanna a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha. Cé go raibh an struchtúr seo éifeachtúil go dtí seo, bainfear tairbhe as ceapadh Foireann Bainistíochta Suímh chun bainistíocht laethúil Sceilg Mhichíl a chomhordú go héifeachtach agus chun idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí leasmhara.

**Cuspóir 3: Cultúr oidhreachta an oileáin a chaomhnú agus a Shár-Luach Uilíoch a choinneáil.**

## 5.1 Straitéis um Chur i bhFeidhm

Úsáidfear an Plean Bainistíochta mar uirlis chun beartais agus cuspóirí éagsúla a chur i bhfeidhm go héifeachtúil. Ní bheidh sé ina phlean críochta; beidh sé ina cháipéis bheo a fhorbróidh thar am agus beidh gá le hathbhreithnithe agus leasuithe rialta, le tacaíocht ó na heagraíochtaí agus daoine ábhartha.

## 5.2 Léiriú Intinne

Táthar ag iarraidh na torthaí seo a leanas a bhaint amach i rith shaol an phlean.

- Cur i bhfeidhm éifeachtúil na ngníomhartha leagtha amach sa phlean.
- Leithroinnt na n-acmhainní riachtanacha, daonna agus airgeadais, chun na riachtanais aitheanta sa phlean a chomhlíonadh.
- Monatóireacht éifeachtúil agus tuairisciú tráthrialta ar staid chaomhantais Sceilg Mhichíl.
- Eolas a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus cabhrú le gach duine taitneamh níos mó a bhaint as an oileán.
- Rochtain shlán, éifeachtach ar Sceilg Mhichíl a sholáthar.

**Cuspóir 4: Oidhreacht nádúrtha an oileáin a aithint agus a chaomhnú**

- Feasacht an phobail agus a thuiscint do Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl a fheabhsú trí láithreán gréasáin faisnéiseach a bhaineann go sonrach leis an suíomh a bhunú.
- Straitéis creat taighde a bhunú don oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha araon.
- Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta i ndiaidh cúig bliana.

Chun na torthaí sa Léiriú Intinne a bhaint amach sna deich mbliana amach romhainn, beidh sé riachtanach na cuspóirí agus gníomhartha éagsúla — a leagtar amach i gCuid 5.3 thíos — a chur i bhfeidhm.

## 5.3 Cuspóirí agus Gníomhartha chun torthaí an Léirithe Intinne a Bhaint amach

Léiríonn na cuspóirí agus gníomhartha príomhúla a mholtar sa phlean seo do Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl fís agus tosaíochtaí an Ghrúpa Stiúrtha, ag cur na dtuairimí agus na ndearcaí a cuireadh in iúl le linn an phróisis chomhairliúcháin leathain san áireamh. Tá clár gníomhaíochta do chur i bhfeidhm na gcuspóirí seo leagtha amach i dTábla 1 in Aguisín 1.

## Cuspóir Fadtréimhseach

### Réasúnaíocht

Déanfaidh Éire cinnte de go gcosnófar agus go gcaomhnófar Suíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg

Mhichíl, de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta, le treoir chuí ón gCoiste Oidhreachta Domhanda, ón Ionad Oidhreachta Domhanda agus ó Chomhlachtaí Comhairleacha cosúil le ICOMOS agus IUCN.

## Cuspóirí Bainistíochta

### Réasúnaíocht

Chun a chinntiú go gcomhlíonfar dualgais na n-ainmniúchán náisiúnta agus idirnáisiúnta de Shuíomh Oidhreachta Domhanda, ní mór creat bainistíochta éifeachtúil a chur i bhfeidhm.  Sa chomhthéacs seo, tá sé beartaithe Foireann Bainistíochta Suímh a cheapadh, a bheidh freagrach as bainistíocht éifeachtach, éifeachtúil Sceilg Mhichíl ó lá go lá.  Bheadh idirchaidreamh le leasanna áitiúla ábhartha ina ghné d'fheidhm na foirne bainistíochta freisin. Beidh an Fhoireann Bainistíochta Suímh ina pointe fócasach do shaincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn shaol an Phlean Bainistíochta, agus d'fhreastalódh sé ar chruinnithe leis na bádóirí, an Sainchoiste Comhairleach molta agus aon chruinnithe ábhartha eile.

**Cuspóir 5:   Tábhacht an WHS a chur chun cinn chun a chinntiú go leanfar leis an gcur chuige comhordaithe ag ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla eile le freagracht as beartais náisiúnta a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí a dhéanamh a d'fhéadfadh dul i gcion ar Sceilg Mhichíl agus an limistéar mórthimpeall air**

ó lá go lá a bhaineann le Sceilg Mhichíl.

G2: Maoiniú, acmhainní agus tacaíocht loighciúil leordhóthanach a chur ar fáil chun leanúint ar aghaidh le hoibreacha caomhantais, mar is gá, chun an oileán a bhainistiú go héifeachtúil, chun an oidhreacht nádúrtha agus tógtha a chosaint agus chun tuiscint don oileán a chur chun cinn.

G3: Grúpa um Chur i bhFeidhm Phlean Bainistíochta WHS Sceilg Mhichíl a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí agus na ngníomhartha leagtha amach sa phlean, chun an Plean Bainistíochta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Choinbhisiúin Oidhreachta Domhanda ag an suíomh agus ar thuairisciú tráthrialta.

G4. Tuarascáil bhliantúil leis an nGrúpa um Chur i bhFeidhm a tháirgeadh ar Sceilg Mhichíl gach bliain.

### Réasúnaíocht

Glactar leis go bhfuil cumarsáid rialta idir pobail agus leasanna áitiúla riachtanach. Déanfaidh an Grúpa

um Chur i bhFeidhm agus an Fhoireann Bainistíochta Suímh idirchaidreamh le gníomhaireachtaí poiblí, údaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí leasmhara, de réir mar is gá.

**Gníomhartha**

G5. Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí poiblí, e.g. an Chomhairle Oidhreachta agus Fáilte Éireann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, pobail áitiúla agus grúpaí leasmhara, de réir mar is gá, chun cur i bhfeidhm éifeachtúil an Phlean Bainistíochta a chinntiú.

G6. Bualadh le bádóirí áitiúla ar bhonn bliantúil roimh an séasúr turasóireachta. An clár oibre a bheidh

**Cuspóir 6: Bainistíocht éifeachtúil cuairteoirí ar Sceilg Mhichíl**

léargas a thabhairt ar chuspóirí don séasúr le teacht agus cúrsaí ábhartha eile a phlé.

## Cuspóirí Caomhantais

**Réasúnaíocht**

Mar gheall ar thimpeallacht dhian Sceilg Mhichíl, beidh gá le clár leanúnach d'oibreacha caomhantais chun cobhsaíocht na struchtúr a choinneáil. Beidh clár oibreacha na todhchaí dírithe ar struchtúir na dtithe solais agus déanfar é ar bhonn céimnithe. Dréachtófar sonraíocht mhionchruinn do gach céim de na hoibreacha i gcomhthéacs an chláir chaomhantais, i gcomhairle le Sainchoiste Comhairleach. Tabharfaidh an Sainchoiste sin comhairle faoin gclár foilsiúcháin, faoi dhea-chleachtas do na hoibreacha agus saincheisteanna oidhreachta nádúrtha uile agus faoi na creata taighde leagtha amach faoi Chuspóir 12. Beidh saineolaithe ábhartha ó réimsí éagsúla, cosúil le caomhantas ailtireachta, seandálaíocht thionsclaíoch, éiceolaíocht agus oidhreacht nádúrtha ar an Sainchoiste Comhairleach. Beartaítear go mbeadh téarma oifige idir trí agus cúig bliana ag an Sainchoiste Comhairleach agus go mbualfadh sé go rialta leis an bhFoireann Bainistíochta Suímh agus leis an bhFoireann Tionscadail.

**Cuspóir 7: Caighdeán cuí rochtana ag cuairteoirí agus míniúcháin dóibh a chur ar fáil**

Sceilg Mhichíl, agus tabharfar chun críche iad in 2008. Beidh clár oibre na todhchaí dírithe ar na struchtúir iar-mheánaoiseacha áiteanna eile ar an oileán. Anois, comhtháthófar an t-eolas a bailíodh ó na hiniúchtaí seandálaíochta uile a rinneadh go dtí seo le torthaí na hanailíse tógála agus suirbhéanna mionchruinne topagrafacha agus eile chun anailís dhomhain a thabhairt ar fhorbairt chultúrtha na lonnaíochta manachúla. Táirgfear tuairisc stratagrafach ar na tochailtí seandálaíochta agus stórálfar i Rannóg Cartlainne na RCORÁ é. Beidh cuntas iomlán ar na tochailtí uile sa tuairisc seo le léaráidí míniúcháin, catalóg de na rudaí a fuarthas agus tuairiscí speisialtóra.

Déanfar dul chun cinn ar obair chun foilseachán a tháirgeadh a chuimseoidh torthaí na n-oibreacha uile a rinneadh agus meastóireacht ar na torthaí sin i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta, d'fhonn é a fhoilsiú le linn shaol an phlean. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an gclár oibre uaillmhianach seo

d'fhoilseacháin agus d'oibreacha, i bhfianaise na n-acmhainní ar fáil.

### Gníomhartha

G7. Suirbhé réamh-oibreacha iomlán agus sonraíocht mhionchruinn do gach céim d'oibreacha sa todhchaí a dhréachtú, sula gcuirfear tús le haon obair ar an suíomh.

G8. Clár cothabhála foirmiúil, struchtúrtha a ullmhú do na struchtúir chaomhnaithe uile.

G9. Tuairisc stratagrafach mhionchruinn ar na tochailtí seandálaíochta a tháirgeadh le bheith stóráilte sa Rannóg Cartlainne, an RCORÁ agus le bheith foilsithe ar an láithreán gréasáin.

G10. Taifead iomlán, costaithe de na hoibreacha caomhantais agus tochailtí a rinneadh ó 1978 i leith a fhoilsiú le linn shaol an phlean. Beidh an foilseachán ar bhonn céimnithe, mar a mhol an grúpa um chur i bhfeidhm, agus cuirfear ar fáil ar an láithreán gréasáin molta do Sceilg Mhichíl é.

G11. A chinntiú go dtugtar cúram cuí do rudaí oidhreachta ó Sceilg Mhichíl.

G12. Téarmaí tagartha a dhréachtú agus Sainchoiste Comhairleach a cheapadh chun comhairle a thabhairt faoi dhea-chleachtas do na hoibreacha uile, don chlár foilsiúcháin agus do thaighde amach anseo.

## Cuspóir 8: Tuiscint ar Sceilg Mhichíl agus an limistéar timpeall air agus léirthuiscint dó a mhéadú

Tá oidhreacht nádúrtha shaibhir ag Sceilg Mhichíl. Go háirithe, is limistéar tábhachtach do phórú éanlaith mhara é. Tugann a ainmniúchán mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus Anaclann Dúlra aitheantas don stádas sin. Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar líon na héanlaithe mara agus cosc a chur ar chur isteach nó damáiste is gníomhaíocht daoine is cúis leis. D'fhéadfadh tabhairt isteach speiceas eachtrannach dochar a dhéanamh do bhithéagsúlacht an oileáin, agus mar sin tá sé tábhachtach cosc a chur ar theacht isteach speiceas dá leithéid.

### Gníomhartha

G13. Plean caomhantais cúig bliana a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do SPA na Sceilge.

G14. Comhoibriú dlúth, lena n-áirítear cruinnithe rialta, a choinneáil idir an fhoireann tionscadail, an tseirbhís treorach agus an NPWS.

G15. Iarratas a dhéanamh ar thoiliú do ghníomhaíocht infhógartha, de réir mar is gá. (Féach Aguisín 6 le haghaidh liosta de ghníomhaíochtaí infhógartha.)

G16. Measúnú cuí a chinntiú d'aon phlean nó tionscadal (ar bhonn aonair nó comhcheangailte) ar dóchúil go mbeadh tionchar suntasach aige ar na speicis agus gnáthóga a ainmníodh an SPA dá mbarr.

G17. Clár monatóireachta don Chánóg Dhubh agus don Ghearr Úisc a fhorbairt i gcomhar le clár oibreacha na todhchaí.

G18. Na héin mhara uile a bhíonn ag pórú (seachas speicis oíche) a áireamh gach dhá bhliain.

G19. Páirt a ghlacadh sa chéad suirbhé eile ar éanlaith mhara póraithe in Éirinn agus sa Bhreatain.

G20. Suirbhé a dhéanamh ar an bhfásra, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar aon speiceas is dóchúil go raibh sé saothraithe ag na manaigh.

**Cuspóir 9: Leibhéal ard de shábháilteacht phoiblí a chur ar fáil ar an oileán**

G22. A chinntiú go gcoinnítear an t-oileán slán ó speicis a thugtar isteach. Plean gníomhaíochta a thiomsú chun déileáil le tabhairt isteach speiceas is creachadóirí trí thionóisc nó d'aon ghnó.

G23. Idirchaidreamh a dhéanamh le Coimisinéirí Soilse na hÉireann chun a chinntiú go ndéantar an líon is lú eitiltí héileacaptair is féidir le linn shéasúr póraithe na n-éan.

## Cuspóirí Reachtúla agus Beartais

### Réasúnaíocht

Tá dualgais ar leith maidir le rialuithe pleanála agus beartais chomhshaoil i gceist ó ainmníodh Sceilg

**Cuspóir 10: Tírdhreach Sceilg Mhichíl a chothabháil agus a fheabhsú**

ríthábhachtach go dtugtar aitheantas leanúnach do thábhacht an stádais WHS seo. Caithfidh ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla cur chuige comhaontaithe a úsáid.

### Gníomhartha

G24. An Plean Bainistíochta a ghlacadh mar chreat do na beartais, pleananna don todhchaí agus cinntí i ndáil le Sceilg Mhichíl.

G25. Ní mór don Stát a chinntiú go gcomhlíontar na forálacha reachtúla ábhartha uile maidir le cosaint an tsuímh.

G26. An t-údarás áitiúil a spreagadh chun aitheantas a thabhairt do stádas an Phlean Bainistíochta seo ina Phleananna Forbartha Contae.

G27. Feasacht ar na himpleachtaí agus freagrachtaí a bhaineann le hainmniú an tsuímh mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda a mhúscailt trí mheán gníomhaireachtaí stáit, údaráis áitiúla agus comhlachtaí reachtúla eile.

G28. A chinntiú go mbíonn reachtaíocht thánaisteach i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do mhéadú

**Cuspóir 11: Monatóireacht a dhéanamh ar na fachtóirí a d’fhéadfadh dul i gcion ar thimpeallacht tógtha agus nádúrtha Sceilg Mhichíl**

## Cuspóirí maidir le Turasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Cuairteoirí

### Réasúnaíocht

Tá sé ríthábhachtach cobhsaíocht a bhaint amach idir straitéisí turasóireachta don réigiún agus caomhnú Sceilg Mhichíl. Tá se tábhachtach turasóireacht chultúrtha a aithint agus tacú léi a mhéid agus a théann sí leis an bpríomhdhualgas maidir le caomhnú, cothabháil, cosaint agus fadmharthain an tSuímh Oidhreachta Domhanda seo.

### Gníomhartha

G29. Idirchaidreamh a dhéanamh le Fáilte Éireann agus líonraí turasóireachta áitiúla agus iad ag forbairt straitéis turasóireachta don cheantar níos mó.

G30. Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar líon optamúil na gcuairteoirí ar an oileán ag dul

**Cuspóir 12: Creat taighde a bhunú do Sceilg Mhichíl**

G31. Ar mhaithe le comhoibriú agus chun a chinntiú go gcuirtear oibleagáidí caomhnaithe in iúl do ghníomhaireachtaí turasóireachta, leanúint ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh le Fáilte Éireann agus comhlachtaí turasóireachta áitiúla.

### Réasúnaíocht

Chun a chinntiú go mbíonn eispéireas sábháilte agus faisnéiseach ag cuairteoirí nuair a thugann siad cuairt ar an suíomh agus go gcuirtear seirbhís ardchaighdeáin ar fáil dóibh. Tá sé ríthábhachtach líon na gcuairteoirí a bhainistiú go gníomhach ionas nach mbeidh tionchar diúltach ag líon na gcuairteoirí ar an oileán.

### Gníomhartha

G32. Séasúr sainithe bliantúil a bhunú a mbeidh an t-oileán oscailte do chuairteoirí lena linn.

G33. Seirbhís treorach ardchaighdeáin a chothabháil chun feabhas a chur ar eispéireas cuairteoirí trína chinntiú go bhfuil cláir oiliúna ábhartha ar fáil do na treoraithe.

G34. Staidreamh cuairteoirí a bhailiú do gach séasúr agus treochtaí a anailísiú.

G35. Oibriú chun íos-teorainn ama de dhá uair go leith a bhunú le haghaidh cuairteoirí ar an oileán le linn laethanta le gnáth-dhálaí aimsire.

G36. Leanúint ar aghaidh ag baint cobhsaíochta amach idir an gá an Séadchomhartha Náisiúnta a chaomhnú agus an gá rochtain ag an bpobal a éascú tríd an scéim ceadanna a fheidhmiú maidir le cuairteoirí a thabhairt chuig an oileán le linn shéasúr na gcuairteoirí.

G37. Na critéir a aithint ar chóir iad a chur i bhfeidhm nuair atáthar ag tabhairt ceadanna do bháid sa todhchaí le cuairteoirí a thabhairt chuig an oileán.

G38. Bualadh le bádóirí gach bliain roimh an séasúr chun aon saincheisteanna a phlé. Scaipfear miontuairiscí na gcruinnithe ar pháirtithe ábhartha.

G39. Scoileanna tumadóireachta áitiúla, eagraíochtaí bádóireachta príobháideacha agus clubanna luamhaireachta a chur ar an eolas faoi na paraiméadair riachtanacha i gceist le rochtain a fháil ar an oileán.

G40. Leanúint ar aghaidh ar rialú líon na n-árthach príobháideach níos mó a bhfuil cead acu rochtain a fháil ar an oileán.

G41. Monatóireacht a dhéanamh ar theacht i dtír árthaí ócáideacha agus príobháideacha ag an oileán, agus gníomh a dhéanamh nuair is cuí.

## Cuspóirí maidir le Cur Chun Cinn agus Tuiscint

### Réasúnaíocht

Chun ár n-oidhreacht a chosaint ní mór dúinn eolas a fháil faoina méid agus a tábhacht roimh ré. Tá

oidhreacht nasctha go dlúth lenár mbraistint d'ionannas agus deimhníonn sí ár gcomharbas stairiúil, cultúrtha agus náisiúnta.

### Gníomhartha

G42. Sraith de bhileoga ilteangacha a fhoilsiú le scaipeadh ar an bpobal.

G43. Láithreán gréasáin a bhunú do Sceilg Mhichíl chun eolas ábhartha a chur ar fáil faoi shuntas an tsuímh, nuashonruithe tráthrialta a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm an phlean agus cuairteoirí a ullmhú dá gcuairt ar an oileán.

G44. Feabhas a chur ar scaipeadh an eolais faoi Sceilg Mhichíl trí ábhair i meáin éagsúla a chur ar fáil a bhaineann leis an oileán, a bheidh inrochtana ag an bpobal nuair a fhoilseofar go hiomlán é. Idir an dá linn, déanfar aon iarratas réasúnta ar eolas a mheas ar an ngnáthbhealach gairmiúil.

G45. Clár for-rochtana oideachais a bhunú.

G46. Leanúint ar aghaidh ag tacú le léachtaí poiblí/seimineáir chás-staidéir agus ag tabhairt léachtaí agus seimineár dá leithéid, faoi na hoibreacha caomhantais agus stair an oileáin.

G47. Méadú ar fheasacht an phobail ar shuímh seandálaíochta thábhachtacha eile sa cheantar chun eispéireas na gcuairteoirí a leathnú.

G48. Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla, cosúil le siúlóidí/turais chuig suímh stairiúla shuimiúla ar Leithinis Uíbh Rathach.

G49. Idirchaidreamh a dhéanamh le Fáilte Éireann chun eolas agus míniú ardchaighdeáin amach ón láithreán a chinntiú do chuairteoirí.

### Réasúnaíocht

Dualgais sláinte agus sábháilteachta reachtúla a chomhlíonadh agus foráil a dhéanamh do shábháilteacht na ndaoine uile a thugann cuairt ar an oileán.

### Gníomhartha

G50. Leanúint ar aghaidh ag obair le gníomhaireachtaí práinnfhreagartha chun cnámha scéil tarrthála éagsúla a ullmhú.

G51. Coinneoidh an OOP ráiteas sábháilteachta cothrom le dáta don oileán, i gcomhréir le reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta, mar chuid den mheasúnacht riosca atá le bheith déanta ar an oileán.

G52. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbíonn rochtain shábháilte ar an oileán le linn an tséasúir trí

obair chothabhála rialta a dhéanamh ar an gcé agus ar na céimeanna agus trí chomharthaíocht chuí a chur ar fáil ag an gcé agus ag na céimeanna chuig an mBinn Theas. An caladh agus na céimeanna ar Sceilg Mhichíl a chothabháil le linn shéasúr oifigiúil na gcuairteoirí.

## Cuspóirí maidir le Tírdhreach agus Suíomh

### Réasúnaíocht

Chun dea-chleachtas i gcaomhantas a chinntiú, chun nach ndéanfar aon damáiste don suíomh agus chun nach gcuirfear isteach ar a shláine ar aon bhealach.

### Gníomhartha

G53. (i) Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cóiríocht eile a chur ar fáil ar an láithreán;
(ii) A chinntiú go dtéann na bothanna oibre sealadacha le tírdhreach an oileáin.

G54. An straitéis bainistíochta dramhaíola reatha maidir le baint agus athchúrsáil dramhaíola, a aontaíodh le Comhairle Contae Chiarraí, a choinneáil.

G55. Leanúint ar aghaidh ag déanamh idirchaidreamh rialta le hoifigeach comhshaoil an údaráis áitiúil.

G56. Staidéar indéantachta a choimisiúnú maidir leis an bhféidearthacht leithris a chur ar fáil do chuairteoirí nach mbeadh tionchar acu ar thírdhreach an WHS.

## Cuspóirí maidir le Monatóireacht

### Réasúnaíocht

Beidh forbairt straitéisí oiriúnaitheachta chun déileáil le hathrú aeráide domhanda ina ghné phríomhúil de chosaint agus caomhnú an tsuímh sa todhchaí. Ní féidir straitéisí den chineál sin a fhorbairt gan chlár monatóireachta agus breathnóireachta chun bonn a chur fúthu.


### Gníomhartha

G57. I gcomhar le ICOMOS Éireann, creat a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar athrú aeráide.

G58. A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar aon tionchar féideartha d'athrú aeráide ar Sceilg Mhichíl agus go gcuirfear san áireamh é nuair a fhorbrófar an Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide.

G59. Monatóireacht rialta a dhéanamh ar mheath na struchtúr.

# AGUISÍNÍ



# AGUISÍN 1:

## TÁBLA 1 - ACHOIMRE AR CHLÁR GNÍOMHAÍOCHTA, 2008–2018.

| Cuspóirí an Phlean Bainistíochta Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| Cuspóir 1: Creat bainistíochta éifeachtúil | G1. Foireann Bainistíochta Suímh | RCORÁ, OOP | Bliain 1 | Foireann bainistíochta |
| a chur i bhfeidhm chun | | | ceaptha | a cheapadh. |
| Sár-Luach Uilíoch Sceilg Mhichíl a chosaint.<br>Maoiniú agus | | G2. Maoiniú, acmhainní | RCORÁ, OOP | Ar siúl go leanúnach |
| | agus tacaíocht loighciúil leordhóthanach a chur ar fáil | | | acmhainní ar fáil |
| | G3: Grúpa um Chur i bhFeidhm Phlean Bainistíochta an bPlean Bainistíochta a bhunú. | RCORÁ, OOP | Bliain 1 | Grúpa bunaithe |
| | G4. Tuarascáil bhliantúil a tháirgeadh ar Sceilg Mhichíl | Chur i bhFeidhm i bhFeidhm | Go Bliantúil | Tuarascáil foilsithe |
| Cuspóir 2: Idirchaidreamh le grúpaí leasmhara áitiúla agus díospóireachtaí ar siúl | G5. Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí poiblí, eagraíochtaí neamhrialtasacha | Páirtithe ábhartha, | Ar siúl go leanúnach RCORÁ, OOP | Bíonn cruinnithe agus agus |
| páirtithe ábhartha eile a fheabhsú | údarás áitiúil, pobail áitiúla agus grúpaí leasmhara chun cur i bhfeidhm éifeachtúil an Phlean Bainistíochta a éascú. | | | agus aithníodh gníomhartha breise |
| miontuairiscí | G6. Bualadh le | OOP, Bádóirí | Go Bliantúil | Scaiptear |
| | bádóirí áitiúla ar bhonn bliantúil, | | | na gcruinnithe |

| Cuspóirí Caomhantais Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| | | | Chur i bhFeidhm | |
| Cuspóir 3: Oidhreacht chultúrtha an oileáin a chaomhnú agus a shár-luach uilíoch críche a choinneáil. | A7. Suirbhé réamh-oibreacha iomlán agus sonraíocht mhionchruinn a dhréachtú do gach céim eile de na hoibreacha. | OOP, RCORÁ, | Ar siúl go leanúnach | Sonraíocht agus Suirbhé tugtha chun |
| foirmiúil, struchtúrtha | G8. Clár cothabhála a ullmhú. | OOP | Bliain 2 ullmhaithe | Clár |
| | G9. Tuairisc stratagrafach mhionchruinn ar na tochailtí seandálaíochta a tháirgeadh. | RCORÁ | Bliain 2 | Tuairisc táirgthe |
| | G10. Taifead de na hoibreacha agus tochailtí a fhoilsiú ar bhonn céimnithe. | OOP, RCORÁ, RCORÁ agus Speisialtóirí | Céim 1- Bliain 3 | Saothair foilsithe agus stóráilte sa Chartlann |
| aghaidh | G11. A chinntiú go dtugtar cúram cuí do rudaí oidhreachta ó Sceilg Mhichíl. | OOP, RCORÁ agus Ard-Mhúsaem na hÉireann | Ar siúl go leanúnach | Déantáin curtha ar chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann, de réir mar is cuí |
| | G12. Téarmaí tagartha a dhréachtú agus Sainchoiste Comhairleach a cheapadh. | OOP, RCORÁ | Bliain 1 bunaithe | Sainchoiste Comhairleach |
| Cuspóir 4: Oidhreacht nádúrtha an oileáin a aithint agus a chaomhnú. | G13. Plean caomhantais cúig bliana a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do SPA na Sceilge. | RCORÁ (NPWS) | Bliain 1 agus 2 | Plean i bhfeidhm |
| | G14. Comhoibriú dlúth, lena n-áirítear cruinnithe rialta, a choinneáil idir an fhoireann tionscadail, an tseirbhís treorach agus an NPWS. | RCORÁ (NPWS), OOP | Ar siúl go leanúnach | Cruinnithe tionólta |
| | G15. Iarratas a dhéanamh ar | RCORÁ (NPWS) | Ar siúl go leanúnach | Toiliú faighte |

| Cuspóirí Caomhantais<br>Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| d’aon phlean nó tionscadal | G16. Measúnú cuí a chinntiú<br>ar dóchúil go mbeadh<br>tionchar suntasach aige ar na speicis<br>agus gnáthóga a ainmníodh an<br>SPA dá mbarr. | RCORÁ (NPWS) | Ar siúl go leanúnach<br>déanta | Measúnachtaí |
| | G17. Clár monatóireachta<br>don Chánóg Dhubh agus don<br>Ghearr Úisc a fhorbairt<br>i gcomhar le clár<br>oibreacha na todhchaí. | RCORÁ (NPWS),<br>OOP | Bliain 1, 2 | Clár monatóireachta<br>i bhfeidhm |
| críche | G18. Na héin mhara uile<br>a bhíonn ag pórú (seachas<br>speicis oíche) a áireamh<br>gach dhá bhliain. | RCORÁ (NPWS) | Bliain 1, 3, 5,<br>7, 9 | Áireamh tugtha chun |
| críche | G19. Páirt a ghlacadh sa chéad<br>suirbhé eile ar éanlaith mhara<br>póraithe in Éirinn agus sa Bhreatain. | RCORÁ (NPWS) | Bliain 3 | Suirbhé tugtha chun |
| críche | G20. Suirbhé a dhéanamh<br>ar an bhfásra, lena<br>n-áirítear iniúchadh a dhéanamh<br>ar aon speiceas is dóchúil<br>go raibh sé saothraithe ag na manaigh. | RCORÁ (NPWS) | Bliain 3 | Suirbhé tugtha chun |
| críche | G21. Oileáin na Sceilge a chuimsiú<br>in áirimh náisiúnta ar an Rón Glas. | RCORÁ (NPWS) | Ar siúl go leanúnach | Áireamh tugtha chun |
| Plean gníomhaíochta<br>monatóireacht | G22. A chinntiú go gcoinnítear an t-oileán<br>slán ó speicis a thugtar isteach.<br>Plean gníomhaíochta a thiomsú<br>chun déileáil le tabhairt isteach speiceas | OOP | RCORÁ (NPWS)<br>Bliain 2 (plean<br>gníomhaíochta) | Ar siúl go leanúnach<br>tiomsaithe,<br>á déanamh ar an gcás |

| Cuspóirí Reachtúla agus Beartais<br>Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| Cuspóir 5: An tábhacht a bhaineann<br>leis an WHS a chur chun cinn chun a chinntiú<br>go leanfar ar aghaidh leis an gcur chuige comhordaithe<br>idir ranna rialtais,<br>gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla eile<br>le freagracht as beartais náisiúnta a dhéanamh | A24. An Plean Bainistíochta<br>a ghlacadh mar chreat do na<br>pleananna don todhchaí agus cinntí | OOP, RCORÁ,<br>údaráis áitiúla<br>beartais,<br>i ndáil le Sceilg Mhichíl | Ar siúl go leanúnach | Creat bainistíochta<br>éifeachtúil i bhfeidhm |
| agus a chur i bhfeidhm agus<br>gníomhaíochtaí a dhéanamh a d'fhéadfadh<br>dul i gcion ar Sceilg Mhichíl agus an limistéar timpeall air. | G25. Na forálacha reachtúla uile<br>atá ann chun an suíomh a chosaint | RCORÁ, OOP,<br>údaráis áitiúla<br>a chomhlíonadh. | Ar siúl go leanúnach | Creat reachtaíochta<br>éifeachtúil i bhfeidhm |
| Rinneadh tagairt don Phlean | G26. An t-údarás áitiúil a spreagadh<br>chun aitheantas a thabhairt do<br>stádas an Phlean Bainistíochta seo<br>ina Phleananna<br>Forbartha Contae. | Contae Chiarraí | RCORÁ, Comhairle | Ar siúl go leanúnach<br>sa Phlean Forbartha<br>Contae |
| gcomhlachtaí uile | G27. Feasacht ar na himpleachtaí<br>agus freagrachtaí a bhaineann le hainmniú an tsuímh<br>mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda<br>a mhúscailt trí mheán gníomhaireachtaí<br>stáit, údaráis áitiúla agus comhlachtaí<br>reachtúla eile. | RCORÁ, OOP, | Ar siúl go leanúnach<br>comhlachtaí ábhartha | Feasacht mhéadaithe<br>i measc na |
| Reachtaíocht<br>bhfeidhm | G28. A chinntiú go mbíonn reachtaíocht<br>thánaisteach i bhfeidhm chun<br>foráil a dhéanamh do mhéadú achar<br>an Limistéir faoi Chosaint<br>Speisialta timpeall ar Sceilg | | RCORÁ | Bliain 1<br>thánaisteach i |

| Cuspóirí maidir le Bainistíocht Cuairteoirí<br>Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| **Cuairteoirí agus Turasóireacht Inbhuanaithe** | | | | |
| Cuspóir 6: Bainistíocht éifeachtúil<br>leanúnach<br>cuairteoirí ar<br>Sceilg Mhichíl. | G29. Idirchaidreamh a dhéanamh le Fáilte Éireann<br>Plean forbartha<br>agus é ag forbairt<br>straitéis turasóireachta. | Suímh, Fáilte Éireann,<br>Líonraí turasóireachta áitiúla | OOP, Foireann Bainistíochta | Ar siúl go<br>turasóireachta<br>i bhfeidhm |
| bhfeidhm | G30. Leanúint ar aghaidh ag<br>déanamh athbhreithnithe ar líon optamúil na gcuairteoirí<br>ar an suíomh ag dul le cosaint an tsuímh. | OOP | Ar siúl go leanúnach | Athbhreithniú i |
| leanúnach<br>inbhuanaithe | G31.Idirchaidreamh a dhéanamh le Fáilte Éireann<br>Rialuithe i bhfeidhm,<br>agus comhlachtaí turasóireachta áitiúla<br>chun a chinntiú go gcuirtear<br>dualgais chaomhantais in iúl<br>do ghníomhaireachtaí a chothaíonn turasóireacht. | turasóireachta áitiúla | OOP, Bainisteoir Suímh,<br>Fáilte Éireann, líonraí | Ar siúl go<br>turasóireacht |
| Cuspóir 7: Caighdeán cuí<br>rochtana ag cuairteoirí<br>agus míniúcháin dóibh a chur ar fáil | G32. Séasúr sainithe<br>bliantúil a bhunú a mbeidh an t-oileán<br>oscailte do chuairteoirí lena linn<br>más féidir é sna dálaí aimsire. | OOP | An Bhliain seo | Séasúr sainithe in<br>2008 |
| Oiliúint shásúil | G33. Seirbhís treorach ardchaighdeáin<br>agus cláir oiliúna ábhartha<br>a choinneáil do na treoraithe. | | OOP | Ar siúl go leanúnach<br>curtha ar fáil |
| agus | G34. Staidreamh cuairteoirí<br>a bhailiú do gach séasúr agus<br>treochtaí a anailísiú. táirgthe | OOP | Ar siúl go leanúnach | Sonraí tiomsaithe<br>anailísithe, tuairisc |
| bhfeidhm | G35. Oibriú chun íos-teorainn<br>ama de dhá uair go leith<br>a bhunú le haghaidh cuairteoirí<br>ar an oileán le linn laethanta | OOP, Bádóirí | Ar siúl go leanúnach | Teorainn ama i |

| Cuspóirí maidir le Bainistíocht Cuairteoirí agus Turasóireacht Inbhuanaithe | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Sprioc don Chur i bhFeidhm | Táscairí |
|---|---|---|---|---|
| | G37. Na critéir a aithint ar chóir iad a chur i bhfeidhm nuair atáthar ag tabhairt ceadanna do bháid sa todhchaí le cuairteoirí a thabhairt chuig an oileán. | OOP | Bliain 1 | Critéir bunaithe |
| gcruinnithe | G38. Bualadh le bádóirí gach bliain, roimh an séasúr, chun aon saincheisteanna a phlé. | OOP, Bádóirí, Foireann Bainistíochta Suímh scaipthe | Go Bliantúil | Cruinnithe tionólta, miontuairiscí na |
| Fógraí eisithe chuig | G39. Scoileanna tumadóireachta áitiúla, eagraíochtaí bádóireachta príobháideacha agus clubanna luamhaireachta a chur ar an eolas faoi na paraiméadair riachtanacha i gceist le rochtain a fháil ar an oileán. | | OOP | Ar siúl go leanúnach páirtithe ábhartha |
| líon na n-árthaí | G40. Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an gcóras ceadanna a ligeann d'árthaí príobháideacha níos mó rochtain a fháil ar an oileán. | OOP | Bliain 1 agus | Líon na n-árthaí Ar siúl go leanúnach |
| | G41. Monatóireacht a dhéanamh ar | | OOP | Ar siúl go leanúnach |

| Cur Chun Cinn agus Tuiscint Táscairí Cuspóirí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| Cuspóir 8: Tuiscint ar Sceilg Mhichíl agus an limistéar timpeall air agus léirthuiscint dó a mhéadú. | G42. Sraith de bhileog ilteangacha a fhoilsiú le scaipeadh ar an bpobal | OOP | Bliain 1 | Bileoga foilsithe |
| feidhmiú leanúnach | G43. Láithreán a bhunú do Sceilg Mhichíl. | RCORÁ, OOP | Bliain 1 | Láithreán gréasáin ag agus ar siúl go |
| | G44. Ábhair i meáin éagsúla a chur ar fáil a bhaineann leis an oileán. | RCORÁ, OOP | Ar siúl go leanúnach | Cartlann bunaithe i mbliain 2 |
| bunaithe | G45. Clár for-rochtana oideachais a bhunú. | OOP | Bliain 2 | Clár |
| Léachtaí agus | G46. Leanúint ar aghaidh ag tacú le léachtaí poiblí/seimineáir chás-staidéir, agus ag tabhairt léachtaí/seimineáir dá leithéid, faoi na hoibreacha caomhantais agus stair an oileáin. | | RCORÁ, OOP | Ar siúl go leanúnach seimineáir tionólta |
| Líon na gcuairteoirí ar cheantar | G47. Méadú ar fheasacht an phobail ar shuímh seandálaíochta thábhachtacha eile sa cheantar chun eispéireas an chuairteora a leathnú. | turasóireachta áitiúla | Fáilte Éireann, OOP, RCORÁ, líonraí | Ar siúl go leanúnach shuímh eile sa ag dul i méid |
| Siúlóidí/turais | G48. Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla cosúil le siúlóidí/turais chuig suímh stairiúla, shuimiúla ar Leithinis Uíbh Ráthach. | líonraí turasóireachta áitiúla | Fáilte Éireann, OOP, | Ar siúl go leanúnach bunaithe |

| Cur Chun Cinn agus Tuiscint Táscairí Cuspóirí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|
| | G50. Leanúint ar aghaidh ag obair OOP le gníomhaireachtaí práinnfhreagartha | Ar siúl go leanúnach | Plean éigeandála i bhfeidhm, cnámha |
| scéil | chun cnámha scéil tarrthála éagsúla a ullmhú. | | curtha i gcrích |
| Ráiteas sábháilteachta i | G51. Ráiteas sábháilteachta cothrom le dáta a choinneáil don oileán. | OOP | Ar siúl go leanúnach bhfeidhm |
| Céanna agus céimeanna | G52. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú | OOP | Ar siúl go leanúnach |

| Cuspóirí maidir le Tírdhreach agus Suíomh Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|
| Cuspóir 10: Tírdhreach Sceilg Mhichíl a choinneáil agus a fheabhsú | G53. Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cóiríocht eile a chur ar fáil ar an láithreán, agus a chinntiú go dtéann na bothanna oibre sealadacha leis an tírdhreach. | OOP | Bliain 1 Coiríocht aitheanta |
| Ní fhágtar aon dramhaíl ar an suíomh | G54. An straitéis bainistíochta dramhaíola reatha maidir le baint agus athchúrsáil dramhaíola, a aontaíodh le Comhairle Contae Chiarraí, a choinneáil. | OOP, Comhairle Contae Chiarraí | Ar siúl go leanúnach |
| Beidh cruinnithe rialta | G55. Leanúint ar aghaidh ag déanamh idirchaidreamh rialta le hoifigeach Contae Chiarraí comhshaoil an údaráis áitiúil. | OOP, Comhairle | Ar siúl go leanúnach ar siúl |
| Sainchomhairleoirí | G56. Staidéar indéantachta a choimisiúnú maidir leis an bhféidearthacht | OOP | Bliain 1 fostaithe |

| Cuspóirí maidir le Monatóireacht Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| Cuspóir 11-: Monatóireacht a dhéanamh ar na fachtóirí sin aitheanta a d'fhéadfadh dul i gcion ar déanamh orthu thimpeallacht tógtha agus nádúrtha Sceilg Mhichíl. | ICOMOS Éireann, creat a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh | G57. I gcomhar le ICOMOS Éireann ar athrú aeráide. | OOP, RCORÁ, | Bliain 1 Táscairí agus monatóireacht á |
| Straitéis | G58. A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar aon tionchar féideartha d'athrú aeráide ar Sceilg Mhichíl agus go gcuirfear san áireamh é nuair a fhorbrófar an Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide. | RCORÁ | Bliain 2 | Oiriúnaithe don Náisiúnta ar Athrú Aeraide |
| Beidh monatóireacht | G59. Monatóireacht rialta a dhéanamh ar mheath na struchtúr. | | RCORÁ, OOP rialta ar siúl | Ar siúl go leanúnach |

| Cuspóirí Taighde<br>Táscairí | Gníomh | Príomhghníomhaireachtaí | Chur i bhFeidhm | Sprioc don |
|---|---|---|---|---|
| Cuspóir 12: Creat taighde a bhunú do Sceilg Mhichíl. | G61. Feabhas a chur ar eispéireas cuairteoirí nuair a thugann siad cuairt ar an suíomh trí eolas ar an oileán a mhéadú agus trí thaighde a spreagadh agus cinntiú go scaiptear torthaí taighde. | RCORÁ, OOP | Ar siúl go leanúnach | Taighde méadaithe curtha ar fáil don phobal |
| | G62. Tacaíocht a thabhairt | RCORÁ, OOP<br>do chláir taighde náisiúnta. | Ar siúl go leanúnach | Tacaíocht tugtha do chláir |
| | G63. Creat taighde a bhunú a d'iarrfadh rannpháirtíocht ollscoileanna agus páirtithe leasmhara i gcláir taighde. | RCORÁ, OOP, Sainchoiste Comhairleach | Bliain 3 | Comhordaitheoir ann, creat taighde bunaithe |
| críche | G64. An clár taighde ar gheolaíocht agus cairéalú stairiúil a thabhairt chun críche. | RCORÁ | Bliain 3 | Taighde tugtha chun |
| críche | G65. Taighde ar bhailiú agus bainistiú uisce a thabhairt chun críche. | RCORÁ | Bliain 3 | Taighde tugtha chun |
| críche | G66. Taighde a dhéanamh agus a thabhairt chun críche ar ghnéithe gortóireachta na lonnaíochta manachúla. | RCORÁ | Bliain 2 | Taighde tugtha chun |
| críche | G67. Taighde a thabhairt chun críche ar fhorbairt tógála cloiche singile bunaithe ar | RCORÁ, OOP | Bliain 3 | Taighde tugtha chun |





*Fig. 3 —Léarscáil de Theorainn Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl.*





Fig. 4 Sceilg Mhichíl-Ginearálta





*Fig. 5—Ainmniúcháin de Limistéir Chaomhantais Fiadhúlra.*

### Cur síos ar Ghnéithe Príomhúla

#### An Mhainistir

Tá an Mhainistir déanta suas de dhá aireagal, séipéal déanta le moirtéal, sé chillín (ceann atá ina fhothrach), taisí de leithreas coirceogach, sistéil, reilig, *leachtanna,* crosa agus leaca croise. Tá dhá léibheann ann chomh maith ar a dtugtar Gairdín Uachtarach agus Gairdín Íochtarach na Manach. Tá taisí de dhá struchtúr an-luath sa Ghairdín Íochtarach.



*Pl. 22 - Amharc ón aer den Mhainistir, ag léiriú an chlóis inmheánaigh agus*




*Pl. 23 - Clós inmheánach na mainistreach.*

## Rochtain ar an Mainistir

Tá trí rith fada de chéimeanna staighre ag dul suas go dtí an Mhainistir. Bhí gá le trí chaladh le go bhféadfadh na manaigh teacht i dtír go sábháilte tar éis a dturas farraige. Bhraitheadh cé acu caladh a d'úsáidtí chun teacht i dtír ar staid na farraige agus na gaoithe. Bhí bun na rití staighre seo gearrtha amach as an gcloch; bhí na céimeanna déanta le cloch shingil nuair a shroich siad leibhéal nach bhféadfadh stoirm na farraige é a bhaint amach chun damáiste a dhéanamh dóibh.

Bhí bonn na gCéimeanna Thoir réabtha ag tógálaithe na dtithe solais nuair a thóg siad an ché agus Bóthar an Tí Solais. Lastuas den leibhéal seo tá na céimeanna caomhnaithe agus tá bail an-mhaith orthu. Tá iarsmaí struchtúir a d'fhéadfadh a bheith ann chun fothain a thabhairt do bhád nó chun soláthairtí a stóráil, lonnaithe anseo.



*Pl. 24 - Amharc ón aer de na Céimeanna Thoir.*

Bhain tógálaithe na dtithe solais úsáid fhorleathan as na Céimeanna Thuaidh. Tá an chuid íochtarach de na céimeanna atá gearrtha as an gcloch ídithe go maith ag gníomh na farraige. Cuireadh uchtbhalla leis an gcuid is ísle de na céimeanna cloiche singile, atá mar chuid de rith staighre fhada, leanúnach amháin. Táthar tar éis na céimeanna a dheisiú ach de bharr intitim ar an bhfána an-ghéar ní raibh se indéanta na céimeanna uile a athchóiriú agus cuireadh rampaí i roinnt áiteanna. Níl na Céimeanna Thoir ná Thuaidh



inrochtana ag baill an phobail.

Pl. 25 - Amharc ón aer de na Céimeanna Thuaidh.


Úsáideann cuairteoirí an lae inniu na Céimeanna Theas agus tá siad inrochtana ó bhóthar an tí solais. Tagann na Céimeanna Theas agus na Céimeanna Thuaidh le chéile ag Diallait Chríost agus leanann siad mar aon rith amháin suas go dtí an Mhainistir. Tá foirgnimh eile bainteach leis na céimeanna seo. Tá taisí ann de bhallaí a cheaptar a bhí in úsáid chun léibhinn chothroma a chruthú. D'fhéadfadh go raibh na léibhinn seo in úsáid chun bia a fhás. In aice leis na céimeanna tá iarsmaí de stáisiún mór paidreoireachta nó oilithreachta. Tá taisí ann chomh maith d'ardán teach solais agus leithreas teach solais. Ag Diallait Chríost tá 'pluais' nó fothain tógtha.



Pl. 26 - Amharc ón aer de na Céimeanna Theas, ag dul go



*Pl. 27 - Amharc de na Céimeanna Theas ón mBinn Theas.*



*Pl. 28 - Amharc ón aer de Ghairdín Uachtarach na Manach.*

### Na Gairdíní

Tá an bealach isteach go dtí an Mhainistir ag gabháil trí áiteanna ar a dtugtar Gairdín Íochtarach agus Gairdín Uachtarach na Manach. Ní dócha go raibh an bealach isteach trí Ghairdín Uachtarach na Manach atá ann faoi láthair ann an chéad lá, agus d'fhéadfadh gur tógadh é go luath sa naoú haois déag. Bheadh an gairdín seo ina limistéar oiriúnach chun glasraí a fhás: tá a aghaidh ar an deisceart agus tá sé

dea-chosanta ón aimsir. Nuair a bhí tochailt seandálaíochta ar siúl, thángthas ar thaisí de chillín ciorclach cloiche singile ó am an-luath, le pábháil timpeall air, i nGairdín na Manach Íochtarach . Tá an cillín seo an-chosúil leis an gcillín a fuarthas ar Oileán Locháin atá gar do Sceilg Mhichíl. Tugann an fhionnachtain sé seo le tuiscint nach raibh an 'gairdín' in úsáid do churadóireacht amháin. Tá an chuid eile den 'ghairdín' seo an-ghéar ach seans go raibh léibhinn churadóireachta bheaga suite anseo.



*Pl. 29 - Amharc ón aer d'fhoirceann thiar na Mainistreach, ag léiriú na mballaí coinneála.*

## Na Ballaí

Tá a ballaí coinneála ar cheann de phríomhghnéithe na Mainistreach. D'úsáid na manaigh na ballaí ollmhóra seo chun léibhinn a dhéanamh chun foirgnimh a thógáil orthu agus chun iad a fhoithniú ó na gnáthghaotha. Tá na ballaí seo ag titim le fada an lá; thit roinnt acu nuair a bhíodh na manaigh fós ina gcónaí ann.

Tá trí thréimhse tógála ag an mballa coinneála thoir, a léiríonn titim agus atógáil a tharla arís agus arís eile. Is balla coinneála bunaidh é balla coinneála Léibheann an Aireagail Bhig den chuid is mó. Bhí sé tar éis bogadh go suntasach thar na cianta leis an bpíosa ar barr ag titim isteach; cuireadh sraodbhalla leis fadó chun é a chosc ó thitim isteach ar an léibheann. Tá an balla seo cobhsaithe anois *in situ*.

Tá an balla coinneála fada, uachtarach ag féachaint ó dheas déanta suas de dhá chéim de thógáil mhanachúil ar a laghad; deisiú le linn áitiú na dtithe solais go luath sa naoú haois déag (chomh maith le tógáil *necessarium*, nó leithreas tirim do na hoibrithe tógála) agus deisiú déanach sa naoú haois déag. Chuathas i mbun tuilleadh mionoibreacha caomhantais go déanach sna 1970í.

Thit an balla coinneála fada, níos ísle lena aghaidh ó dheas go minic freisin. Bhí an chuid is mó den bhalla coinneála a bhí ag tacú le Gairdín Uachtarach na Manach tite chomh maith agus rinneadh formhór de a atógáil go luath sa naoú haois déag. Bhí sé sin ar tí a thitim freisin, agus atógadh é i rith chlár reatha na n-oibreacha. Tá foirceann thiar an bhalla coinneála ag Gairdín Íochtarach na Manach beagnach mar an balla a bhí ann an chéad lá; mar sin féin, bhí an foirceann thoir tite agus bhí sé riachtanach é a atógáil le linn chlár reatha na n-oibreacha chun an suíomh a chaomhnú.

### Na Bealaí Isteach

Tá dhá bhealach isteach chuig Gairdíní na Manach. Tá an ceann is sine (an Bealach Isteach Íochtarach) ag barr na gCéimeanna Thoir a théann isteach go dtí Gairdín Íochtarach na Manach tar éis a bheith deisithe ach níl sé in úsáid níos mó. Is dóchúil gur tógadh an bealach isteach níos déanaí chuig Gairdín Uachtarach na Manach go luath sa naoú haois déag agus úsáideann cuairteoirí é faoi láthair. Tá trí bhealach isteach (na Bealaí Uachtaracha) chuig an gclós inmheánach. Tá an ceann is sine (tríd an mBalla Coinneála Thoir) achar gearr ó na Céimeanna Thoir. Fágadh é seo ar lár tar éis titim isteach thromchúiseach go luath i stair na Mainistreach. Ina dhiaidh sin, thóg na manaigh bealach isteach ar an taobh theas, ó Ghairdín Íochtarach na Manach, atá tógtha isteach i mballa atá spiacánach thar an ngnáth. Tógadh an bealach isteach seo, nach bhfuil in úsáid níos mó, roimh thógáil an Aireagail Mhóir — an séipéal is luaithe atá fós ar an suíomh. Tá an bealach isteach is déanaí a thóg na manaigh, tógtha ar an taobh theas chomh maith, inrochtana ó Ghairdín Uachtarach na Manach.

### Na hAireagail

### An tAireagal Mór

Tá an gnáthchruth de bhád aisiompaithe ar an aireagal seo, leis an doras ar an mballa thiar. Tá sé tógtha le clocha measartha mór leagtha síos i gcúrsaí cothrománacha. Laistigh de, tá sé dronuilleogach suas go dtí 2.3m in airde; ansin, athraíonn sé go cruinneachán fadaithe. Is léir ó chuma na mballaí gur cuireadh cóta aoil orthu níos déanaí. Tá fuinneog bheag dhronuilleogach sa bhalla thoir. Ar gach taobh den doras, ar a bhfuil ursaineacha claonta, tá an balla línithe le dhá leac mhóra, ingearacha. Tá ballaí an aireagail timpeall 1.2m i dtiús. Ar an taobh amuigh, tá cros déanta de ghrianchloch bhán curtha isteach i gclocha an bhalla beagán os cionn an dorais, ach ní gné bhunaidh é seo.

### An tAireagal Beag

Tá an t-aireagal seo tógtha ar léibheann beag saorga ar an taobh thoir den chlós inmheánach. Tá an taobh istigh den fhoirgneamh tógtha go cúramach, níos cúramaí ná mar a tógadh an tAireagal Mór. Tá an t-aireagal 2.4m x 1.8m laistigh agus 2.4m ar airde. Tá fuinneog bheag dhronuilleogach ar an taobh thoir. Tá ursaineacha claonta ar an doras. Tá na cúinní ceangailte i ngach áit, laistigh agus lasmuigh. Tógadh an foirgneamh seo níos déanaí ná mar a tógadh an tAireagal mór. In aice láimhe tá taisí de chillín coirceogach leithris, rud atá ina struchtúr uathúil i Mainistir ón tréimhse sin.



*Pl. 30 - Amharc de Chillíní A, B agus C laistigh den chlós*

### Na Cillíní Cónaithe

### Cillín A

Is é seo an cillín is mó agus tá sé soiléir go raibh feidhm phobail aige. Tá sé taibhseach maorga le ballaí an-tiubh agus roinnt claonstrupaí mar áis chun tógáil a éascú. Tá na ballaí 1.8m i dtiús ag an mbonn agus tá siad tógtha as clocha beaga cothroma agus tá roinnt cloch ag gobadh amach ar an taobh amuigh den leibhéal uachtarach, arís mar ghné thógála. Tá cloch fardorais dúbailte istigh agus amuigh, ag an doras agus tá an tsean-phábháil bhunaidh ar an gcuid is mó den urlár fós.

Tá an spás istigh 4.6m x 3.8m agus tá an cillín 5m ar airde. Tá sé fo-dhronuilleogach ag leibhéal an urláir ach athraíonn sé seo go cruth ubhchruthach timpeall 1.0m os cionn an urláir. Le haghaidh

stórála tá dhá chófra agus bacáin chloiche ag gobadh amach as an mballa. Go huathúil, tá dhá oscailt fuinneoige, ceann ag féachaint amach ar an mBinn Theas agus ceann eile ag féachaint amach ar an Sceilg Bheag.



Pl. 31 - Amharc de Chillíní E agus F laistigh den chlós

## Cillín B

Tá an cillín seo soir ó Chillín A. Tá sé tógtha go cúramach le clocha móra saoirsithe, ach níl aon chlocha ag gobadh amach, laistigh ná lasmuigh. Tá an taobh istigh ar phlean cearnógach de thomhas 2.75m x 2.75m agus tá sé 3.0m ar airde. Tá na cúinní dea-dhéanta agus téann siad suas go dtí leac mullaigh mór cearnógach. Tá an cillín pábháilte ach tá a lán den phábháil seo ón naoú haois déag. Tá dhá chófra sna ballaí.

## Cillín C

Tá an cillín seo soir ó Chillín B agus tá sé an-chosúil leis. Is dóchúil gurb é an cillín deireanach a tógadh. Tá sé tógtha le clocha móra chomh maith ach níl cuma chomh deas sin air. Tá sé plean beagnach cearnógach aige, le tomhas de 2.75m x 2.6m. Tá na cúinní cearnógach agus téann siad suas go dtí cloch mullaigh dronuilleogach. Níl aon chófraí ná gnéithe ar leith ann. Tá an chuid is mó den tsean-phábháil ann fós agus tá draein ag rith síos lár an chillín thíos faoin bpábháil.



Pl. 32 - Cruinneachán inmheánach de Chillín F, ag léiriú an dín choirbéalta agus

## Cillín D

Tá an cillín seo soir ó Chillín C ach níl sé slán níos mó. Is dóchúil gurb é seo an cillín is luaithe atá sa chlós inmheánach fós agus go raibh sé ina fhothrach cheana féin nuair a tógadh Cillín C. Tá plean de chruth D aige agus tá a chruth leagtha amach ag liaga seasta. Tá cuid den tsean-phábháil le feiceáil i mbéal an dorais fós.



*Pl. 33 - Amharc den Sceilg Bheag ó fhuinneog thoir Shéipéal Naomh Mhichíl*

## Cillín E

Tá an cillín seo soir ó thuaidh ó Chillín D agus tá sé tógtha ag leibhéal níos airde ná na cillíní eile. Tá sé tógtha le clocha cuibheasach beag agus tá pliontaí céimnithe ann agus clocha ag gobadh amach ag an leibhéal uachtarach. Tá sé spásúil go leor ar an taobh istigh, le tomhas 3.65m x 3.58m agus beagnach 4.0m ar airde. Cé go bhfuil sé ar phlean beagnach cearnógach, éiríonn an cruth ciorclach faoi mar a bhaineann sé an díon amach. Tá an chuid is mó den phábháil istigh ón naoú haois déag. Tá roinnt bacáin chloiche ag gobadh amach agus tá poill sna ballaí le haghaidh dhá bhíoma adhmaid do lochta.



*Pl. 34 - Reilig na Manach laistigh den chlós inmheánach.*

### Cillín F

Tá an cillín seo soir ó dheas ó Chillín E agus tá sé tógtha le clocha measartha mór. Tá an cillín 2.98m x 2.75m, leis na cúinní sainithe go dtí thart ar 60cm os cionn an fhardorais, ansin, éiríonn sé ciorclach. Tá cloch le hoscailt chiorclach a chuireann críoch leis an gcruinneachán; ní léir an raibh sé sin ina ghné bhunaidh. Tá trí chófra sna ballaí agus bacáin chloiche ag gobadh amach. Tá pábháil neamhrialta ar an urlár agus tá roinnt clocha ina seasamh ann a leagann amach cuid a bhí ardaithe ar trí thaobh ar a gcodlaíodh na manaigh

### Séipéal Naomh Mhichíl

Tá Séipéal Naomh Mhichíl siar ón Aireagal Mór agus tá sé ar an leibhéal céanna. Thit cuid den séipéal moirtéil seo déanach sa naoú haois déag nuair a thit an balla coinneála ar an taobh theas. Tá an séipéal



*Pl. 35 Sistéal uisce suite díreach faoi bhun Chillín B sa chlós*

ar phlean dronuilleogach, níl cruth an bháid aisiompaithe air mar atá ar na haireagail, agus tá ballaí díreacha agus cúinní géara dronuilleogach aige. Bhíodh díon adhmaid air. Tá fuinneog ar an taobh thoir agus doras ar an taobh thuaidh. Tá fianaise ann de dhá staid tógála ar leith. Cuireadh leathnú le séipéal mórtéil níos lú ag am éigin, agus chuimsigh an leathnú an séipéilín beag. Tógadh an sean-séipéal níos sine le bloic mhóra chloiche, agus tógadh an séipéal níos déanaí le clocha leathfhada leagtha síos go cothrománach le cúrsaí glana. Tógadh an ghaineamhchloch do dhoras agus d’fhuinneog an tséipéil seo ó Oileán Dairbhre. Ta fianaise ann go ndearnadh rindreáil ar an séipéal seo ón taobh amuigh.

Tá trí *leacht* sa Mhainistir. Tógadh an *leacht* ar thaobh thuaidh an Aireagail Mhóir in dhá chéim: tharla an chéim tógála níos luaithe roimh thógáil an aireagail agus cuireadh an dara céim i gcrích i ndiaidh thógáil an aireagail. Tá *leacht* le seasamh aonair ar an taobh theas freisin. Tá an dá chros cloiche is mó atá maisithe bainteach leis an dá struchtúr seo. Tá *leacht* le seasamh aonair in aice leis an mbealach isteach go dtí an Aireagal Beag chomh maith.

### Reilig na Manach

Tá sé seo suite soir ón Aireagal Mór. Tá sé leagtha amach le liaga seasta fada ag a bonn, le líne de chrosa agus leaca croise ina seasamh go ceartingearach ar an taobh thiar. Bhí an reilig níos mó uair amháin ach thit píosa ar an taobh thoir nuair a thit píosa den bhalla coinneála thoir.

### Pábháil

Tá an limistéar a bhfuil na cillíní agus na haireagail timpeall air pábháilte ina iomlán. Úsáideadh leaca móra de ghrianchloch bhán chun limistéar siombalach a leagan amach taobh amuigh den Aireagal Mór. Cuireadh an phábháil síos i dtréimhse na manach agus mar gheall uirthi tá cuma beagnach uirbeach ar an Mainistir. Tá an limistéar pábháilte soir ó Reilig na Manach ina dheisiú ón naoú haois déag.

### Crosa/Leaca Croise

Tá dhá chros maisithe mhóra gar don Aireagal Mór, ceann ar gach taobh, agus tá leac croise beag in aice le gach ceann acu. Tá a lán cros agus leaca croise taobh thiar den Aireagal Mór i Reilig na Manach. Ar an oileán, tá sa bhreis ar 90 cros/leac croise, formhór acu le cruth garbh orthu. Táthar tar éis iad seo a thaifeadadh agus tá catalógú á dhéanamh orthu.

### Cairéalú agus Bailiú Uisce

Bhí an charraig ghéar lastuas den Mhainistir mar an phríomhfhoinse de chloch tógála do na manaigh. Rinneadh cairéalú ar an limistéar thíos faoi freisin. Nuair a bhí an buncharraig fhánánach nochta, d'úsáid na manaigh é chun uisce báistí a bhailiú, ag gearradh trinsí isteach ann chun an t-uisce báistí a stiúradh isteach sna sistéil thíos faoi.

### Na Sistéil

Tá dhá shistéal suite laistigh de chlós inmheánach na mainistreach. Tá siad tógtha ar an mbuncharraig fhánánach nochta agus tá na cliatháin déanta de liaga seasta agus ballaí cloiche singile. Le chéile, is féidir leis na sistéil seo thart ar 450 lítear a stóráil. Tá sistéal eile siar ó Chillín A a aithníodh go mícheart mar uaimh thalún roimh thochailt. Tá sistéal eile lasmuigh den Mhainistir thíos faoi Ghairdín Íochtarach na Manach le hais na Céimeanna Thoir. Is dócha go raibh baint aige sin leis an Teach Aíochta.

### An Teach Aíochta

Ag barr na gCéimeanna Thoir díreach roimh an mbealach isteach chuig Gairdín Íochtarach na Manach tá foirgneamh cloiche singile ar an taobh clé. Tá cruth fadaithe air le doras ar an taobh thoir díreach trasna ó na céimeanna. Tá cófra amháin ann. Is dóchúil gur Teach Aíochta a bhíodh anseo ina gcuirtí lóistín ar fáil do chuairteoirí lasmuigh den Mhainistir. Tá cros mhór chloiche neamh-mhaisithe ar a dtugtar Cros Dunraven bainteach leis an áit seo.

### An Díseart

An chéad uair a luadh go raibh seans ann go raibh struchtúir ar an mBinn Theas ná i Suirbhé Ordanáis 1841, ach ní dhearnadh tagairt d'aireagal dóchúil go dtí gur thug an t-ársaitheoir, an Tiarna Dunraven,

cuairt ar an oileán sna 1850í: 'Gar don phointe is airde den oileán, ar a dtugtar an Spit, fuair mé iarsmaí foirgnimh bhig leis an gcuma go raibh cruth ceathairuilleach air, is dóchúil gur aireagal a bhí ann.'

Rinne Liam de Paor, a rinne staidéar ar thaisí na mainistreach go luath sna 1950í, tagairt éiginnte do struchtúir ar an mBinn Theas. Ina dhiaidh sin fuair an t-acadóir cáiliúil Françoise Henry plean d'iarsmaí an struchtúir ó dhuine de mhaoir na dtithe solais, cé nach raibh sí ábalta dul suas ar an mbinn í féin, agus dheimhnigh an plean sin tuairimí an Tiarna Dunraven.

Spreag an easpa eolais seo faoi struchtúir na Binne Theas Oifig na nOibreacha Poiblí chun a mionstaidéar féin a dhéanamh, a thosaigh i lár na 1980í. D'aimsigh an t-iniúchadh seo struchtúr is Díseart dóchúil é a bhí tógtha ar fhánaí géara na binne. Tá an Díseart déanta suas de thrí léibheann ar leith leis na teidil an Léibheann Ghairdín/Cónaithe, Léibheann an Aireagail agus an Léibheann Seachtrach. Tá an Léibheann Gairdín/Cónaithe agus Léibheann an Aireagail suite in aice a chéile, ar an dá shliastán nádúrtha is fearr de chuid na binne. Tá a gcóngaracht spásúil treisithe ag an tógáil de dhá bhealach eatarthu, ag tabhairt le tuiscint go raibh feidhm ghaolmhar thábhachtach acu. I gcodarsnacht leis sin, tá an Léibheann Seachtrach lonnaithe i bhfad amach ó na léibhinn eile agus is é léibheann is deacra teacht air freisin.

### Rochtain ar an Díseart

Tosaíonn an dreapadh go dtí an Díseart ag Diallait Chríost agus leanann sé céimeanna agus greimeanna láimhe gearrtha as an gcarraig go dtí an Trasnú Íochtarach, thíos faoi Chró na Snáthaide. Ghearr na manaigh céimeanna atá beagnach ingearach amach as an gcarraig, thuas trí scailp sa charraig agus tugtar Cró na Snáthaide ar an bpointe seo. Taobh thuas de seo tá stáisiún machnaimh nó paidreoireachta. Tá dreapadh géar eile suas go dtí an chéad cheann de thrí léibheann. Ag pointe leathshlí suas an dreapadh seo tá bealach ar leith níos bunúsaí, a théann díreach suas go dtí barr na binne. Téann na céimeanna gearrtha as an gcarraig gar do bharr an bhealaigh seo faoin Trasnú Uachtarach, agus tugann sé sin le fios go raibh sé sin mar an bealach bunaidh a d'úsáideadh na manaigh chun barr na binne a bhaint amach roimh thógáil an Dísirt.

### An Léibheann Gairdín/Cónaithe

Tá an léibheann seo i gcruth ae 13m i bhfad agus tá leithead idir 2m agus 4m aige. Ritheann ais fhada an léibhinn go garbh ó thiar thuaidh go dtí thoir theas. Tá an balla coinneála, 1.5m ar airde ag an bhfoirceann thiar thuaidh den ardán, tógtha ar bhuncharraig láidir agus tá bail iontach air. Tá mórán den chuid eile den léibheann tite; tá leibhéal na talún anois faoi bhun an leibhéil ag a mbíodh sé sa sean am. D'fhéadfadh go raibh cillín beag cónaithe san áit seo tráth.

### Léibheann an Aireagail

Tá an dara stáisiún dhíseartach, agus an ceann is tábhachtaí de na trí stáisiún dhíseartacha de chuid na Binne Theas, Léibheann an Aireagail, suite go dronuilleach leis an Léibheann Gairdín/Cónaithe agus 4m os a chionn. Aireagal coirbéalta is ea an príomhfhoirgneamh le bealach caol isteach i lár an bhalla thoir. Laistigh tá sé thart ar 2.3m x 2m. In aice leis an mballa thoir tá iarsmaí d'altóir. Tá dhá bháisín bheaga ceangailte le chéile in aice leis an séipéal. Coimeádann siad seo uisce— acmhainn fíorthábhachtach do

dhíthreabhach san áit chruálach seo. Ghearr na manaigh trinsí ar aghaidheanna nochta na carraige a bhí beagnach ingearach os cionn an léibhinn seo chun an bháisteach a threorú isteach sna báisíní laistíos.

Ag foirceann thiar an léibhinn, timpeall 1.0m soir ó aghaidh na carraige, tá iarsmaí de *leacht* dronuilleogach, 1.1m x 1.6m. Is dóchúil gur altóir sheachtrach a bhí anseo. Tá binse cloiche singile ag rith trasna aghaidh na carraige ag féachaint i dtreo an aireagail. Is cosúil sé go raibh an léibheann seo pábháilte go hiomlán ar dtús. Tá an léibheann tógtha ar shlí atá casta go maith chun go mbeadh ar chumas daoine dul timpeall ar an aireagal féin. Tá a leithéid céanna de shocrú le feiceáil ar Léibheann an Aireagail Bhig laistigh den Mhainistir, ag tabhairt le tuiscint nach foláir go raibh riachtanas tábhachtach creidimh ag baint leis seo. Soir ó Léibheann an Aireagail, tá léibheann fada, caol a dhéanann barrchaolú ar a bhfuil taisí féideartha scríne.

### An Trasnú Uachtarach

Tá sé seo suite lastuas de Léibheann an Aireagail agus téann sé trasna go dtí an dreapadh deireanach gearrtha as an gcarraig a théann suas go barr na binne agus go dtí an Léibheann Seachtrach. Bhí sé pábháilte céad lá agus bhí uchtbhalla ann.

### An Léibheann Seachtrach

Is é an Léibheann Seachtrach an léibheann is iargúlta i measc na dtrí léibheann ar an mBinn Theas. Tá struchtúr an léibhinn seo difriúil ó struchtúr na gceann eile ar an mBinn; i measc na dtaisí saoirseachta, tá balla imill 17m ar fad a fhálaíonn sraith de shliastáin chéimnithe. Níl sé soiléir cén úsáid a bhaintí as an léibheann seo, toisc go mbeadh sé dodhéanta cillín cónaithe a thógáil anseo. D’fheadfadh go raibh sé in úsáid mar thearmann nó áit mhachnaimh. Nó b’fhéidir nár críochnaíodh riamh é.

### Cairéalú ar an mBinn Theas

Tá fianaise shoiléir de chairéalú thíos faoin mBinn Theas agus ar an mbinn féin. Tá fianaise de mhór-chairéalú sa limistéar idir Cró na Snáthaide agus an Léibheann Gairdín/Cónaithe. Tá fianaise de chairéalú thíos faoi bhalla coinneála theas Léibheann an Aireagail freisin, le hardáin tógtha chun na clocha a stóráil roimh iad a thabhairt suas. Ag bun an bhalla coinneála seo tá ardán beag ardaithe; de réir dealraimh, d’úsáideadh na manaigh unlas chun an chloch chairéalaithe a tharraingt suas ón áit sin. Tá cairéalú ar an mBinn Theas ina ábhar fiosraithe agus taighde breise i láthair na huaire.

### Tógáil na dTithe Solais

Is iad príomhghnéithe tógála na dtithe solais ná:

- An Ché Thoir.
- Bóthar an Tí Solais Íochtarach, a théann ón gcé go dtí an teach solais nua-aimseartha agus a bhfuil uchtbhalla ann ar feadh an bhóthair;
- Bóthar an Tí Solais Uachtarach, a théann ón teach solais nua-aimseartha sall is anall ar thaobh thiar an oileáin suas go dtí an Teach Solais Uachtarach. Bhí uchtbhalla aige seo freisin ach tá sé tite in áiteanna;

- An Teach Solais Uachtarach, lena theach, túr solais agus tithe lasmuigh;
- Stáisiún Ceo na fichiú haoise, atá suite ar speir faoi bhun an Tí Solais Uachtaraigh;
- An tArdán Oibre, díreach lastuas den bhóthar ag a dtosaíonn na Céimeanna Theas;
- Leithreas na nOibrithe Tógála, os cionn an Ardáin Oibre, in aice leis na Céimeanna Theas.

## An Mhainistir

Ba hiad na príomhlimistéir a ndearnadh tochailt orthu sa Mhainistir Léibheann an Aireagail Bhig, Gairdín Íochtarach na Manach, foirceann theas Ghairdín Uachtarach na Manach, cúinne thoir-theas an chlóis inmheánaigh, an tAireagal Mór agus an bealach isteach reatha chuig an gclós inmheánach (féach Fig. 6).

Léiríodh go raibh Léibheann an Aireagail Bhig, a ghobann amach ó thuaidh ó choimpléasc príomhúil na gcillíní, ina spás sár-ordaithe leis an aireagal féin ag an lár. Sna píosaí beaga talún idir an aireagal agus aghaidh na carraige ar an taobh thiar agus balla an chlóis ar an taobh thuaidh agus thoir, léirigh tochailt go raibh pábháil, céimeanna (lena n-áirítear céimeanna gearrtha as an gcarraig), léibhinn bheaga tógtha in aice le haghaidh na carraige agus *leacht* tógtha ar an mbuncharraig fhánánach beagán níos mó ná 1.0m ón mbealach isteach chuig an aireagal. Nochtadh iarsmaí cillín bhig, a bhí ina leithreas nó fiailteach, is dócha, go hiomlán, agus fuarthas go raibh páirt de dhraein líneáilte le cloch faoi bhun bhalla thuaidh an aireagail agus go ndeachaigh sé amach chuig an gclós/balla coinneála i dtreo an oirthir.


Bhí i gceist le cuid mhaith den tochailt ar an léibheann seo an fód tais, móinteach ar a raibh fás tiubh de Choireán Mara (*Silene Uniflora*) a bhaint chun na gnéithe struchtúracha a nochtadh, a fágadh *in situ* ansin. Bhí doimhneacht an chisil mhóna seo idir c.0.12m ar thaobh theas an aireagail go c.0.3m in aice le haghaidh na carraige ar an taobh thiar. Léirigh sligí de ghréithe péarla priontáilte le haistreoga a fuarthas ag pointe teagmhála na móna seo agus cisil thíos faoi gur tharla formhór fhás an fhóid ó luath sa naoú haois déag. Rinneadh iniúchadh ar dhoimhneacht iomlán na stratagrafachta i limistéar teoranta ó theas ón aireagal, ina bhfuarthas roinnt píosaí de chnámh duine gar do chros bheag chloiche le cos briste.

Léirigh na tochailtí móra a rinneadh i nGairdín Íochtarach na Manach agus i gcúinne thoir theas an chlóis inmheánaigh conas a d’athraigh agus a d’fhorbair leagan amach an chlóis inmheánaigh ó bunaíodh an mhainistir sa seachtú haois go dtí gur tréigeadh í sa dara haois déag. Sa limistéar seo, bhí gá le hoibreacha innealtóireachta agus caomhantais an-chasta chun na ballaí coinneála/fálaithe inmheánacha agus seachtracha a chomhdhlúthú, a dheisiú agus in áiteanna a athchóiriú. Bhí tochailt seandálaíochta ina dlúthchuid de na hoibreacha seo, agus le cois léargas a fháil ar chroineolaíocht thógáil, thitim agus atógáil na mballaí coinneála, rinneadh scrúdú ar dhá bhealach isteach luatha chuig an gclós inmheánach, ceann amháin sa bhalla theas agus ceann eile sa bhalla coinneála thoir. Ag foirceann thoir an ‘ghairdín’, faoi bhun suas le 4.0m de bhruscarnach ón naoú haois déag, fuarthas na taisí de chillín manachúil. Thit taobh theas an chillín amach nuair a thit balla seachtrach an chlóis fadó, ach bhí an phábháil bhunúsach laistigh de thaisí an chillín agus díreach lasmuigh de ar marthain fós. Rinneadh struchtúr, a ceapadh uair amháin gur uaimh thalún í, a thochailt freisin, agus léiríodh gur sistéal é a bhí ina chuid de chóras casta bailithe agus bainistíochta uisce. Léiríodh gur tógadh na ballaí coinneála, atá ag teorainn thoir agus thuaidh an bhealaigh isteach reatha chuig an gclós inmheánach, sa naoú haois déag.

Rinneadh gearradh amháin a thochailt laistigh de bhalla coinneála an léibhinn i nGairdín Uachtarach na Manach. Léirigh se sin gur tógadh cuid uachtarach an bhalla sa naoú haois déag agus go bhfuil sí ar barr iarsmaí bhalla bunaidh na Mainistreach. Bhí balla na mainistreach, a raibh tiús 1.2m-1.3 air, ina shuí ar bholláin mhóra a bhí suite ar bhuncharraig sa limistéar seo. Ar an léibheann bhí cré steiriúil, ghláir le sliseanna cloiche.



Pl. 36 - Diosca bréifneach lignite agus iarsma d'fháinne/bríocht a fuarthas san Aireagal Mór.




Pl. 37 - Biorán fáinne cré-umha (ón aonú haois déag) faighte laistigh den bhalla cloiche singile ag an mbealach

Rinneadh tochailt theoranta san Aireagal Mór, a thug roinnt fianaise dúinn faoi conas a tógadh é. Leagadh leaca móra gaineamhchloiche síos ar a dtaobhanna ag dul le líne bhallaí an aireagail agus cuireadh cré bholláin taobh thiar daoibh, sa spás a bheadh mar thaobh istigh an struchtúir. Ansin tógadh na ballaí cloiche singile i gcoinne aghaidh sheachtrach na leaca gaineamhchloiche. Thar na céadta bliain, shroich spruadar cré doimhneacht suas le 300mm laistigh den aireagal, agus bhí fianaise ann go ndearnadh dó *in situ* laistigh den aireagal ag leibhéil éagsúla.

## An Bhinn Theas

Bhí tochailt ar an mBinn Theas dírithe ar an 'Stáisiún Paidreoireachta', an Léibheann Gairdín, Léibheann an Aireagail, an Trasnú agus an Léibheann Seachtrach. Rinneadh maoirseacht seandálaíochta ar obair ar na céimeanna, an trasnú faoi Chró na Snáithaide agus an t-ardán lastuas de Chró na Snáthaide freisin (féach Fig. 6).

Nocht an tochailt a rinneadh ar an 'Stáisiún Paidreoireachta' méid iomlán na mballaí fálaithe agus rinneadh tochailt iomlán ar an limistéar laistigh díobh. Bhí




Pl. 38 - Rud déanta de chnámh snoite (píosa imeartha, b'fhéidir)



Pl. 39 - Méaróga rollta ag uisce faighte i gcomhar le

spruadar de dhoimhneacht c. 350mm i gceist, ina raibh Coireán Mara le córas leathan fréamhacha agus clocha ó na ballaí mórthimpeall. Ba chiseal drámatach grianchloiche báine é dromchla cairéalaithe an taoibh istigh, a bhíodh nochta nuair a bhíodh an struchtúr in úsáid.




Pl. 40 - Pláta círe cnámhe maisithe (maoú/deichliú leabís) faighte ar an dromchla laistigh de

Bhí riochtaí éagsúla caomhantais ar bhalla coinneála an Léibhinn Ghairdín, ag brath ar a chaidreamh le línte briste na buncharraige



Pl. 41 - Sligán potaireachta, meánaoiseach

gaineamhchloiche thíos faoi. Mar thoradh air sin, bhí sé riachtanach tochailt síos go dtí an bhuncharraig áit a raibh an balla léibhinn i gte den chuid is mó ag foirceann theas an léibhinn, ach in áiteanna eile rinneadh tochailte chuig ngear-doimhneacht de níos lú ná 500mm. Léirigh an tochailt ord tógála fhoirceann theas an léibhinn. I ndiaidh chairéalú an léibhinn, fágadh céimeanna sa bhuncharraig thíos faoi, ag dul le seilfeanna agus siúntaí nádúrtha sa bhuncharraig. Chuir na céimeanna seo boinn chothroma ar fáil do thógáil an bhalla. Ar dtús, tógadh aghaidh sheachtrach bhalla an léibhinn chuig airde dhá/trí chúrsa gharbha. Ansin, líonadh taobh isteach an léibhinn le píosaí móra agus beaga de chlocha i maitrís de shliseanna cloiche níos lú agus cré. Ansin, ardaíodh balla an léibhinn arís, ach ar bhealach níos leithne, le haghaidh inmheánach ag luí ar an ábhar inlíonta. Cuireadh dramhaíl chairéalaithe bhreise taobh thiar den bhalla de réir mar a tógadh é, ag ardú an léibhinn chuig a airde iomláine. Thar am, thosaigh cuid uachtarach bhalla an léibhinn ag titim isteach; chun dul i ngleic leis sin, tógadh balla tacaíochta laistigh de. Mar gheall ar an mballa tacaíochta seo agus a thrinse bunsraithe, chuaigh leithead inúsáidte an léibhinn ó 0.65m ag an bpointe is cúinge go 2.15m ag an bpointe is leithne. Ní dóchúil go raibh sé indéanta aon chillín nó struchtúir a chur ar an léibheann seo i ndiaidh thógáil an bhalla tacaíochta.

Is é Léibheann an Aireagail an léibheann is soiléire go raibh tionchar ag an ngeolaíocht thíos faoi ar a shuíomh, méid, cruth agus leagan amach. Cosúil le Léibheann an Aireagail Bhig sa phríomh-Mhainistir, is spás dea-ordaithe é seo, le roinnt mhaith de na gnéithe céanna, cé go bhfuil siad ar scála níos lú. Arís, bhí riochtaí éagsúla ar bhallaí coinneála an léibhinn ag brath ar a gcaidreamh leis an mbuncharraig thíos fúthu, ach bhí sé indéanta a thaispeáint go ndearnadh iarracht nach beag chun a chinntiú go mbeadh ar chumas daoine dul timpeall ar an aireagal féin. Úsáideadh dramhaíl ón gcairéal chun an léibheann a thógáil agus fágadh sliastán caol de bhuncharraig ar thaobh thuaidh an léibhinn, ag bun aghaidh na carraige, agus gearradh dhá shistéal uisce isteach sa sliastán sin. Léirigh tochailt go raibh plean beagnach cearnógach ag an aireagal féin ar dtús, agus é 2.32m i bhfad agus 2.28m i leithead. Bhí fad iomlán a bhalla thuaidh, formhór an bhalla thiar agus aghaidh inmheánach an bhalla theas nochta. Ní raibh ach aghaidh inmheánach an bhalla thoir fós ann toisc gur shleamhnaigh clocha isteach i bpoll a d’oscail nuair a chlis clocha a bhí ag clúdach scoilte thíos faoi. Nochtadh iarsmaí altóra bige, a bhí tógtha in aice le haghaidh inmheánach marthanach an bhalla thoir. Bhí uas-airde trí chúrsa fágtha den altóir seo agus bhí sé tar éis bogadh go deisealach toisc go raibh cuid de tar éis titim isteach sa pholl thíos faoi. Is cosúil go raibh sé c. 900mm thoir-thiar x 960mm thuaidh-theas ar dtús. Nochtadh limistéar beag pábhála os comhair na haltóra, lena n-áirítear leac mór cothrom a mheastar gur cloch sléachta é.





*Fig. 6 - Breac-chuntas ar Thochailtí, 1986-2001*

| Bliain | Uimhir Cheadúnais | | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 1986–7 | E338 | Ann Lynch | Tochailt ar Léibheann an Aireagail Bhig agus bealach isteach theas chuig an gclós inmheánach. |
| 1986–7 | E338 | Ann Lynch | Tochailt ar an Aireagal Mór, clós inmheánach. |
| 1988 | | Paddy O'Leary | Maoirseacht ar oibreacha ar an mbealach isteach theas chuig Gairdín Íochtarach na Manach. |
| 1990 | 90E0034 | Claire Cotter | Tochailt ar fhoirceann thiar Ghairdín Uachtarach na Manach. |
| 1993–6 | 93E0195 | Edward Bourke | Tochailt ar Ghairdín Íochtarach na Manach. |
| 1996–7 | 93E0195 | Edward Bourke | Tochailt ar shistéal, foirceann thiar an chlóis inmheánaigh. |
| 1998–9 | 93E0195 | Edward Bourke | Tochailt ar an dara bealach isteach theas chuig an gclós inmheánach, adhlacthaí agus leacht in aice leis an Aireagal Mór. |
| 2000 | 93E0195 | Edward Bourke | Tochailt ar bhealach isteach thoir go dtí an clós inmheánach, maoirseacht ar oibreacha caomhantas ar 'Reilig na Manach'. |
| 2001–2 | 93E0195 | Edward Bourke | Maoirseacht ar oibreacha tógála ar na Céimeanna Thoir agus Thuaidh. |
| 2003 | 93E0195 | Edward Bourke | Tochailt ar struchtúr luath a fuarthas ag bun na gCéimeanna Thoir. |
| 2004 | 93E0195 | Edward Bourke | Tochailt ar thrasnú faoi bhun 'Chró na Snáthaide', stáisiún paidreoireachta, tástáil tosaigh ar an Léibheann Gairdín agus roinnt gnéithe eile ar an mBinn Theas. |
| 2005–6 | 93E0195 | Alan Hayden | Tochailt ar an Léibheann Gairdín, Léibheann an Aireagail, an Trasnú agus gnéithe eile ar an mBinn Theas. |
| 2007 | 93E0195 | Alan Hayden | Tochailt ar an Léibheann Seachtrach, léibheann faoi bhun an Léibhinn Sheachtraigh agus an Trasnú thiar-thuaidh. |

Bhí an léibheann siar ón aireagal pábháilte céad lá agus bhí *leacht* 1.56m thoir-thiar x 1.14m thuaidh-theas suite 2.95m ón mbealach isteach chuig an aireagal. Rinneadh tochailt taobh istigh den *leacht* ach fuarthas gur chuir dhá pholl Coinín isteach air. Fuarthas lionsa d'ithir ocsaídithe le flioscaí fioghuail air ar an mbuncharraig faoin *leacht*. Fuarthas balla cloiche singile cuarach ag foirceann thiar an léibhinn, ag bun na haille, agus fuarthas an poll féideartha don leac croise a bhí ina sheasamh soir ón *leacht*. Rinneadh léibheann beag, fo-thriantánach a thochailt soir ó Léibheann an Aireagail, agus seans go bhfuil trí leac chothroma ina seasamh laistigh de limistéar dronuilleogach fálaithe mar na hiarsmaí fágtha de scrín bheag leice.

Rinneadh sraith de léibhinn chúnga ar aghaidh ghéar fhánánach na haille faoi Léibheann an Aireagail a thochailt freisin.  Ba léir go ndearnadh cairéalú sa limistéar seo. Meastar gur 'ardáin chéimnithe' iad dhá ardán cloiche singile a tógadh trí dhroichid a chur thart ar chlaiseanna in aghaidh na haille, agus gur úsáidtí iad chun cabhrú le hábhar cairéalaithe a iompar suas go dtí an léibheann lastuas.

Sula ndearnadh é a thochailt, bhí an chuma de shliastán cothrom ar an Trasnú, a théann go nádúrtha idir an Léibheann Gairdín agus Léibheann an Aireagail go dtí an Binn Theas. Trí Choireán Mara a ghlanadh, nochtadh líne aghaidh inmheánach bhalla an léibhinn, agus trí thochailt bhreise a dhéanamh ar an obair chloiche tite, nochtadh an balla coinneála bunaidh, le haghaidh inmheánach a bhí atógtha go páirteach ar a laghad. Nochtadh pábháil bhunaidh, an-díchumtha an léibhinn freisin. Ag foirceann theas an léibhinn éiríonn sé níos leithne agus cruthaítear spás fo-dhronuilleogach; seans gur úsáidtí é mar 'stáisiún paidreoireachta', cosúil leis an gceann díreach lastuas de Chró na Snáthaide. Tá roinnt céimeanna gearrtha as an gcarraig i gclais ghéar a théann ó áit lastuas de Chró na Snáthaide díreach chuig an mBinn Theas, agus tá trí léibheann fhíorbheaga níos déanaí ann freisin. Is léir go raibh an bealach seo ann sular tógadh an Trasnú, rud a léiríonn go raibh rochtain ar an mBinn Theas tábhachtach le linn tréimhse níos luaithe.

Is é an Léibheann Seachtrach an léibheann is iargúlta, is nochta agus is dorochtana. Téann a bhalla coinneála cuarach timpeall foirceann thiar theas na haille carraigí géire, le bonn a théann beagnach 7m in airde ag dul ó thaobh thuaidh go taobh thoir an léibhinn. Bhí an riocht is dea-chaomhnaithe ar bhalla an léibhinn sa chúinne thiar theas, ach bhí formhór de tite ar na taobhanna eile. Rinneadh cineál agus méid na mballaí fágtha a dheimhniú agus taifeadadh iarsmaí de phábháil sa chúinne thiar theas. Taifeadadh iarsmaí de *leacht* beag féideartha ar an léibheann buncharraige is airde ar thaobh theas an léibhinn.

### Taisí Daonna

Fuarthas taisí de thrí adhlacadh altacha agus taisí neamhaltacha de chúigear duine eile ar a laghad  sa phríomh-Mhainistir. Nuair a rinne Linda Lynch anailís ar an sampla beag seo, mhol sé go raibh claonadh i dtreo fir fhásta agus leanaí idir aois naoi agus aon bhliain déag d'aois. Fuarthas dhá cheann de na hadhlacthaí altacha ó theas ón *leacht*, gar don Aireagal Mór; bhí an tríú ceann curtha gar dó, cois láimhe

le haghaidh sheachtrach bhalla thoir Shéipéal Naomh Mhichíl. Rinneadh na hadhlacthaí seo a dhátú don tréimhse idir an deichiú agus an triú haois déag. Ba é gnáthairde na bhfear 170.60cm (5 throigh 6 orlach), bhí fiacla réasúnta maith acu, bhí roinnt galair mheathlúcháin altaigh acu agus léirigh duine de na leanaí ar a laghad easpa iarainn.

### Déantáin

Le cois líon beag cros beag garbhdhéanta agus méaróga rollta ag uisce is cinnte gur tógadh chuig an oileán iad, fuarthas thart ar 110 déantán le linn na dtochailtí. Fuarthas na déantáin uile sa phríomh-Mhainistir.

I measc na bhfríotha a tháinig ón tréimhse luath-mheánaoiseach, bhí cuid d'fháinne/briocht ligníte agus diosca bréifneach ligníte a fuarthas san Aireagal Mór. Fuarthas scian bheag iarainn le maide adhmaid san Aireagal Mór freisin, agus fuarthas cloch líofa sna leibhéil níos ísle de spruadar ar an sliastán faoin Aireagal Beag. Fuarthas cuid de phláta círe cnáimhe maisithe, le seamanna iarainn, ar an dromchla laistigh de Shéipéal Naomh Mhichíl, agus cruthaíodh é sa naoú/deichiú haois. Fuarthas biorán fáinne cré-umha (AD 1000-1075) sa bhalla coinneála ar thaobh clé an bhealaigh isteach thoir, agus fuarthas biorán maide le ceann spadalach (AD 1150-1250) sa bhrablach de bhalla tite i leibhéal uachtarach Ghairdín Íochtarach na Manach. Fuarthas líon beag sligí criadóireachta, lena n-áirítear gréithe Saintonge agus Bristol, fáinne cnáimhe, píosa imeartha cnáimhe, cloch líofa, roinnt sreang copair, luaidhe agus slaig i nGairdín Íochtarach na Manach freisin.



*Pl. 42 - An tAireagal Beag roimh thochailt agus oibreacha*



*Pl. 43 - Amharc ón aer de léibheann an Aireagail Bhig tar éis tochailte comhdhlúthaithe agus oibreacha caomhantais.*

Baineann formhór na ndéantán leis an tréimhse i ndiaidh na meánaoise, agus go háirithe, le háitiú naoú haois déag an tsuímh ag pearsanra na dtithe solais. I measc na ceirmeachta tá gréithe priontáilte le haistreoga, gréithe péarla agus gréithe uachtair a bhaineann le tréimhse dhéanach san ochtú/naoú haois déag. Fuarthas líon maith píopaí cré agus bróg leathair fir ón naoú haois déag/ó luath sa fichiú haois i measc phíosaí an bhalla coinneála ag an mbealach isteach príomhúil chuig an gclós inmheánach. Fuarthas gloine, iarann, slaig iarainn agus bricí i nGairdín Íochtarach na Manach. Fuarthas iarsmaí de chros céasta adhmaid garbhghreanta in altóir an Aireagail Mhóir agus cros céasta chré-umha agus adhmaid ón bhfichiú haois ar an dromchla i nGairdín Íochtarach na Manach, díreach faoin Aireagal Mór.

**Tábla 2: Tochailtí ar Sceilg Mhichíl 1986–2007.**

## 1. Oibreacha ar bun sular tugadh an suíomh faoi chúram an Stáit

Tharla an chéad idirghabháil aitheanta ar an suíomh sna 1820í. Cuireadh tús le tógáil na dtithe solais i lár na 1820í nuair a tógadh cé, bóthar agus dhá theach solais.

Bhí an Mhainistir ina bunáit chónaithe do na foirne tógála agus i rith an ama seo rinneadh a lán athruithe, go háirithe ar na pliontaí, céimeanna agus na léibhinn idir struchtúir na mainistreach. Tógadh léibhinn nua, chothroma ar barr na ngnéithe bunaidh chun léibhinn níos leithne agus níos sábháilte a dhéanamh agus cuireadh pábháil nua ar an taobh istigh de mhórán de na cillíní cónaithe. Bhí an tAireagal Mór ina shéipéal ag na fir oibre. Tógadh túr leithris *(necessarium)* i nGairdín Uachtarach na Manach, le rochtain ón taobh thuas, chun áiseanna leithris a sholáthar. Rinneadh na ballaí coinneála sin a bhí tar éis titim a dheisiú freisin.

Chun an ché agus an bóthar nua a thógáil, réabadh amach cuid íochtarach na gCéimeanna Thoir, agus uaidh sin amach, b'iad na Céimeanna Theas an príomhbhealach isteach go dtí an Mhainistir agus go dtí an Díseart. Bhí ar thógálaithe na dtithe solais rith nua céimeanna a thógáil ó Bhóthar an Tí Solais chun ceangal leis na Céimeanna Theas bunaidh. Nuair a bhí na hoibreacha tógála críochnaithe, agus sular imigh na fir oibre, dheisigh siad an Mhainistir. Bhí i gceist leis seo sraodbhallaí a thógáil idir roinnt de na cillíní chun an brablach tógála a chur as radharc. Bhí barr an bhealaigh isteach bunaidh chuig an Mainistir ag barr na gCéimeanna Thoir i mbail dhainséarach agus cuireadh bacainn anseo. Níor tháinig méid iomlán na n-oibreacha seo chun solais go dtí gur cuireadh an clár oibreacha caomhantais reatha i gcrích.

## 2. Luathoibreacha ar bun ag an Stát

Tógadh na séadchomharthaí ar Sceilg Mhichíl faoi chúram an Stáit go déanach i 1880 agus cúpla bliain ina dhiaidh sin rinneadh obair dheisiúcháin ar na ballaí coinneála cloiche singile. Bhí sé riachtanach go leor oibreacha atógála a dhéanamh ar an mballa coinneála áit a raibh balla theas Shéipéal moirtéil Naomh Mhichíl tar éis titim. Bhí orthu balla coinneála de choincréit threisithe a thógáil laistigh den séipéal chun cosc a chur ar thitim bhreise ballaí sa limistéar seo. Rinneadh roinnt mionoibreacha cothabhála i rith na 1930í freisin.

## 3. Clár oibreacha a rinneadh le déanaí

### 3.1 Oibreacha tosaigh

Thosaigh an clár oibreacha reatha i samhradh 1978 agus tá sé ar siúl gach séasúr ó shin. Bhí an chéad séasúr oibre mar fhreagra ar thitim píosa den bhalla coinneála siar ó Shéipéal Naomh Mhichíl. Nuair a bhí an obair seo críochnaithe, díríodh isteach ar dheisiú na gCéimeanna Theas. Chuathas i mbun roinnt obair shuirbhéireachta ag an am seo, ach toisc nach ndearnadh nuashonrú riamh ar Shuirbhé Ordanáis na 1840í agus nach raibh sé chomh cruinn sin, rinneadh suirbhé fótagraiméadrach den oileán iomlán a choimisiúnú. Chuir an léarscáil nua comhrianta mionsonracha ar fáil agus mar gheall air, bhí sé indéanta na gnéithe manachúla éagsúla a chur ina

láthair cheart ar an oileán.

## 3.2 Oibreacha ar struchtúir indibhidiúla

Thosaigh suirbhé mionsonrach ar an talamh ansin, ag taifeadadh na gcillíní cónaithe, séipéal, struchtúr eile agus na mballaí coinneála chomh maith leis an bpábháil, na céimeanna agus na léibhinn ar fad. Rinneadh taifead iomlán ar na crosa/leaca croise chomh maith. Faoin am seo bhí mórán de na struchtúir a bhí tógtha ag lucht tógála na dtithe solais i ndrochbhail chomh maith agus bhí an dá sraodbhalla a tógadh sa naoú haois déag ar tí titim. Baineadh iad seo i rith na séasúr ina dhiaidh sin agus fuarthas go raibh mórán den tógáil bunaidh thíos fúthu. Ba chúis iontais é go raibh mórán de na pliontaí agus léibhinn bhunaidh ann fós agus caomhnaíodh iad seo. Bhí an tseanphábháil ann fós, díreach faoi chré mhóinteach, bháite agus nuair a baineadh an chré sin fuarthas amach go raibh an clós inmheánach uile pábháilte.


Baineadh deisithe garbha a bhí déanta ar an taobh amuigh de chiseal seachtrach na gcillíní agus ar an Aireagal Mór toisc go raibh na foirgnimh ag ligean uisce isteach. Bhí na struchtúir slán den chuid is mó, go háirithe laistigh díobh.

## 3.3 Oibreacha ar Léibheann an Aireagail Bhig

Ó lár na 1980í, díríodh isteach ar staid na mballaí coinneála cloiche singile a bhí ag dul in olcas. Tá sé soiléir go bhfuil na ballaí seo ag titim ó aimsir na manach. Rinneadh staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar phatrúin tógála na mballaí éagsúla mar iarracht chun croineolaíocht choibhneasta a bhunú. Rinneadh go leor atógála i rith an naoú haois déag. Socraíodh plean ansin chun tosaíocht a thabhairt do na hoibreacha ar na ballaí coinneála.

I measc na mballaí bunaidh, bhí an balla ag bhí ag tacú le Léibheann an Aireagail Bhig i staid thar a bheith dainséarach. Bhí an obair a rinneadh chun an balla tacaíochta seo a chaomhnú ar an gcéad idirghábháil struchtúrach mhór a rinneadh. Bhí clár rialaithe go docht thar shéasúr iomlán i gceist leis na hoibreacha seo. Bhí an obair in áit éislinneach timpeall 160m os cionn na cé. De bharr na n-impleachtaí sábháilteachta, bhí sé riachtanach an t-oileán a dhúnadh ón  bpobal fad agus a bhí na hoibreacha seo ar siúl. Nuair a rinneadh an balla coinneála a chomhdhlúthú, rinneadh tochailt iomlán ar an léibheann a nocht pábháil agus *leacht*. Caomhnaíodh gach struchtúr ar an léibheann seo ansin.

### 3.4 Oibreacha ar an mBealach Isteach Íochtarach



*Pl. 44 An ceannbhrat cosantach ag Cuaínín na Croise.*

Rinneadh an chéad obair eile ar bhealach isteach bunaidh na Mainistreach, ag barr na gCéimeanna Thoir. Ba é sin an bealach isteach tite ar chuir tógálaithe an tí solais bacainn air. Tógadh balla 'nua-aimseartha' trasnánach sa ghairdín thuas, sa naoú haois déag is dócha, chun cuairteoirí a chosaint. Bhí an bonn bainte den struchtúr seo agus bhí sé i mbail an-dainséarach. Nuair a osclaíodh an limistéar seo agus nuair a rinneadh tochailt air, bhí mórán de ghnéithe bunaidh an gheata isteach fós slán, cé go raibh beagán damáiste déanta dóibh agus go raibh siad beagán claonta. Bhí ceann de na fardoirse fós in áit agus mar sin bhí sé indéanta tomhas na hoscailte bunaidh a dhéanamh amach. Thaispeáin tochailt ar thaobh uachtarach an bhealaigh isteach an fáth ar thit sé: bhí an balla tógtha ar bhollán mór, a bhí ag claonadh amach. Thar am, bhrúigh an t-ábhar taobh thiar den bhalla é agus shleamhnaigh sé, rud a bhí ina chúis leis an dtitim mhór. Deisíodh an bealach isteach seo agus daingníodh an balla taobh thuas de agus atógadh é ar líne an bhalla bunaidh.

### 3.5 Oibreacha ar Ghairdín Uachtarach na Manach

Dhírigh an clár oibreacha leanúnach a bhain le cobhsaíocht struchtúrach na mballaí coinneála isteach ar Ghairdín Uachtarach na Manach ina dhiaidh sin. Thit foirceann thoir an bhalla coinneála na cianta ó shin, cé go raibh an bonn fós ann. Tógadh balla tanaí cuarach sa naoú haois déag chun an limistéar éislinneach seo a dhéanamh sábháilte. Mar sin féin, faoi dheireadh na 1980í bhí sé seo ag tosú ag teip agus ag éirí dainséarach do chuairteoirí. Baineadh an balla seo ag taispeáint go raibh an talamh thíos faoi corraithe go maith. Thángthas ar aghaidh inmheánach an bhalla bunaidh cuid mhaith thíos faoi leibhéal an ghairdín, rud a thaispeáin scála na titime.

Bhí an balla seo 2.0m ar leithead ag a bhonn, agus bhí sé tógtha le bolláin mhóra a bhí fós ann. Chun méid mór na cré gairdín a choinneáil, bhí sé riachtanach balla beag de choincréit threisithe a chur taobh thiar den deisiú ar an mballa cloiche singile. Bhí bonn an bhalla bunaidh díchumtha sular thit sé, agus mar sin níorbh fhéidir balla díreach a thógáil ar aon dul leis an mballa bunaidh. Mar a rinneadh in áiteanna eile, coimeádadh gach tógáil bunaidh.

### 3.6 Oibreacha ar Ghairdín Íochtarach na Manach

Tionscadal an-mhór a bhí i gceist leis an gcéad tionscadal eile, an balla coinneála i nGairdín Íochtarach na Manach. Thóg an obair seo roinnt séasúr chun é a chríochnú agus bhí sé

dúshlánach ó thaobh na seandálaíochta, an struchtúir agus an chaomhantais de. Arís, bhí an balla seo ag titim ó aimsir na manach agus bhí srath de bhallaí coinneála tógtha i rith an naoú haois déag mar iarracht cosc a chur ar chaillteanas breise. Bhí difríochtaí suntasacha i leibhéil na talún trasna fhad an léibhinn seo. Bhí an 'gairdín' roinnte i dtrí pháirt ar mhaithe leis an tionscadal agus thosaigh obair ar an gcuid is ísle, agus is faide soir ar dtús, an chuid ba héislinní. Le linn na tochailte, tugadh cillín luath ciorclach chun solais chomh maith le cuid de struchtúr eile nár aithníodh. Bhí an limistéar lasmuigh pábháilte, rud a thugann le tuiscint nach raibh an chuid seo, ar a laghad, á húsáid mar ghairdín. Bhí sé riachtanach balla coinneála nua a thógáil chun an chuid seo den léibheann a dhaingniú. Bhí sé tógtha ar chomhthreo le bonn an bhalla bunaidh a bhí fós

| Speicis | Áireamh Sceilge[1] | Pobal Uile-Éireann | Foinse na Sonraí |
|---|---|---|---|
| Fulmaire | 806 AOS | 39,000 | Suirbhé 2000 na nÉan Mara |
| Cánóg Dhubh | 738 AOS | 44,000 | Suirbhé 2000 na nÉan Mara |
| Gearr Úisc[2] | 9,994 AOS | 100,000 | Suirbhé 2000 na nÉan Mara |
| Gainéad Tuaisceartach[3] | 29,863 AON | 36,000 | Suirbhé NPWS |
| Saidhbhéar | 944 AON | 49,000 | Suirbhé 2000 na nÉan Mara |
| Foracha | 1,709 p | 160,000 | Suirbhé 2000 na nÉan Mara |
| Puifín | 4,000 i | 21,000 | Suirbhé 2000 na nÉan Mara |

slán. Caomhnaíodh gach gné bunaidh den léibheann seo ansin.

Bhí sé an-deacair oibriú ar an gcuid láir de Ghairdín Íochtarach na Manach toisc an difríocht i leibhéil na talún ag dul thuaidh-theas trasna an tsuímh. Faoi mar a chuaigh an obair ar aghaidh, bhí gá le taca a chur faoi bhonn an Bhalla Coinneála Uachtaraigh chun tochailt a dhéanamh. Mar sin féin, ar mhaithe le cobhsaíocht agus sábháilteacht níorbh fhéidir tochailt síos go dtí leibhéal bunaidh an ghairdín. In ainneoin sin, bhíothas ábalta cuid de lár an Bhalla Coinneála Íochtaraigh a nochtadh agus é a chomhdhlúthú agus a thaispeáint. Nocht an tochailt titim fhorleathan an Bhalla Coinneála Uachtaraigh. Bhí bolláin mhóra tar éis titim ar an ngairdín laistíos, rud a bhí ina chúis le mórscrios. Tá na bolláin seo ar taispeáint anois chun léiriú a thabhairt ar an scrios sin.

Fágadh an chuid uachtarach den léibheann seo slán agus ceanglaíodh leis an gcuid láir é, rud a chuir ar ár gcumas céimeanna cuaracha a tógadh níos déanaí a choimeád, ag dul ón mBealach Isteach Íochtarach bunaidh go dtí an mBealach Isteach Uachtarach chuig an gclós inmheánach atá ann inniu. Ar mhaithe le sábháilteacht níl cead isteach ag an bpobal chuig Gairdín Íochtarach na Manach ach is féidir é a fheiceáil go hiomlán ó fhoirceann Ghairdín Uachtarach na Manach agus ón gclós inmheánach.

### 3.7 Oibreacha ar an mBealach Isteach Uachtarach 2

Tá an bealach isteach níos luaithe seo soir ó bhealach isteach an lae inniu agus beagán ó dheas ón Aireagal Mór. Tá an balla cloiche singile idir é agus Séipéal Naomh Mhichíl an-neamhghnách, le dromchla an-míchothrom, garbh, rud atá soiléir a rinneadh d'aon ghnó. Bhí taisí an bhealaigh seo ar eolas cheana féin agus bhí siad taifeadta. Thug an fiosrú seo leithead an bhealaigh isteach agus ceann de na fardoirse inmheánacha chun solais. Nocht sé freisin ursain thoir an dorais a bhí leath-thite agus cuireadh ar ais in áit í. Thug tochailt laistigh gnéithe suimiúla agus trí adhlacadh chun solais. Tá an bealach isteach seo níos sine ná an tAireagal Mór. Tá an limistéar seo ar taispeáint anois chun cur ar chumas cuairteoirí féachaint ar na gnéithe caomhnaithe uile.

### 3.8 Oibreacha ar an mBalla Coinneála Thoir agus ar an mBealach Isteach Uachtarach 1

Ba é an Balla Thoir an balla coinneála deireanach a deisíodh. Thit an balla seo agus atógadh é dhá uair, uair amháin le linn aimsir na manach agus uair amháin sa naoú haois deag. Bhí na deisiúcháin a rinneadh suite níos faide siar agus dá bhrí sin bhí limistéar an chlóis cuid mhaith níos lú ná mar a bhíodh sé.

Rinneadh an deisiú deireanach ar bhealach chomh holc agus bhí bail chomh dona sin air go raibh sé riachtanach é a bhaint i rith an chláir oibreacha reatha, ar mhaithe le sábháilteacht. Bhí fiosrú faoi leibhéal na talún laistigh den Mhainistir an-deacair, toisc go raibh gá le tacaí sábháilteachta i gcónaí. Mar sin féin, bhíothas ábalta limistéir thábhachtacha a oscailt, ach le rochtain theoranta. Nocht an fiosrú bealach eile isteach go dtí an clós inmheánach, ag cur lenár n-eolas ar conas a d'fhorbair an suíomh. Is léir ó na fiosruithe seo gur tréigeadh an bealach isteach seo go luath de bharr titim thromchúiseach. Tá sé comhdhlúthaithe anois ar shlí a chiallaíonn gur féidir le cuairteoirí féachaint air ó lastuas.

### 3.9 Oibreacha ar na Céimeanna Thoir agus Thuaidh

Nuair a tugadh na hoibreacha tábhachtacha ar na ballaí coinneála chun críche, bhain an chéad tionscadal eile le comhdhlúthú agus deisiú an dá rith céimeanna fágtha. Níor úsáideadh na Céimeanna Thoir ó bhí tógálaithe na dtithe solais ina gcónaí sa Mhainistir agus bhí siad clúdaithe le fásra. Bhí an chuid ar barr nochta go hiomlán, agus thosaigh na hoibreacha comhdhlúthaithe ansin. Nuair a baineadh an ithir agus ciseal tiubh de Choireán Mara faoi bhun an limistéir seo, fuarthas go raibh líon suntasach céimeanna ann fós cé go raibh cuid mhaith acu sleamhnaithe beagán ar an bhfána géar. Deisíodh iad píosa ar phíosa, síos go dtí an pointe ag a raibh siad réabtha ag tógálaithe na dtithe solais. Ag an leibhéal seo fuarthas taisí de struchtúr fadaithe a d'fhéadfadh a bheith ina fhothain stórála le haghaidh soláthairtí nó ina theach báid.

Deisíodh na Céimeanna Thuaidh ansin. Bhí na céimeanna seo athraithe agus in úsáid ag tógálaithe na dtithe solais agus bhí uchtbhalla tógtha ag leibhéal níos ísle. Bhí an rith staighre seo i mbail i bhfad níos measa ná na Céimeanna Thoir. Bhí an talamh ar a raibh na céimeanna tógtha creimthe go holc agus dá bhrí sin bhí mórán de na leaca móra cloiche sleamhnaithe síos le fána. Bhí sé riachtanach na clocha seo a fháil agus a chur ar ais. Mar sin féin, bhí roinnt mhaith den chloch caillte, agus in áiteanna níorbh fhéidir iad a chur ar ais; sna cásanna seo, cuireadh rampaí ar an talamh.

## 3.10 Oibreacha ar Dhíseart na Binne Theas

Taifeadadh na struchtúir ar an mBinn Theas go hiomlán i lár na 1980í agus tá monatóireacht leanúnach á déanamh orthu ó shin anuas. De bharr nádúr sceirdiúil an tsuímh, creimeadh an ábhair bunaidh agus dí-chobhsú struchtúrach, bhí sé riachtanach oibreacha a dhéanamh chun na taisí forleathana a chaomhnú. Thosaigh an tionscadal oibre seo in 2004.

Bhí an obair thosaigh ar na struchtúir ar an mBinn Theas dírithe ar an ardán rochtana (An Trasnú Íochtarach), díreach faoi bhun Chró na Snáthaide. Bhí cré iomarcach ó thrinse lastuas bailithe ag foirceann amháin agus nuair a baineadh é seo, nochtadh rith ghearr de chéimeanna bunaidh na manach i ndea-bhail. Rinneadh roinnt deisiúchán ar an mballa coinneála ag tacú leis an ardán, áit a raibh sé tar éis éirí éagobhsaí. Taobh thuas de Chró na Snáithaide, rinneadh stáisiún beag machnaimh nó paidreoireachta a thochailt agus a chaomhnú.

Glanadh ithir agus fásra den dreapadh rochtana géar ón bpointe seo go dtí an Léibheann Gairdín/Cónaithe agus nochtadh céimeanna gearrtha as an gcarraig agus limistéir ina ndearnadh cairéalú leathan. Bhí intitim shuntasach tar éis tarlú ag foirceann theas an léibhinn féin. Rinneadh tochailt ar an léibheann seo agus ardaíodh an balla coinneála anseo chun tacú leis an ábhar a bhí fágtha agus chun creimeadh breise a chosc. Níor thángthas ar aon struchtúr, ach seans go raibh sé sin mar gheall ar chaillteanas forleathan ábhair thar thréimhse fhada. Ón áit seo, tá dhá bhealach go dtí príomhléibheann an Dísirt, Léibheann an Aireagail.

Rinneadh tochailt iomlán ar Léibheann an Aireagail a nocht méid iomlán an tséipéil bhig, taisí d'altóir, *leacht*, binse, pábháil agus iarsmaí de bhallaí coinneála. Rinneadh scrín fhéideartha a thochailt freisin ar léibheann cúng fadaithe ag an bhfoirceann thoir. I bhfad síos ó Léibheann an Aireagail, ar an taobh theas, aithníodh cairéalú leathan thar limistéar fairsing agus fuarthas ardáin a bhí déanta ag na manaigh chun clocha cairéalaithe a stóráil. Fuarthas taisí d'ardán beag ardaithe ag bun an bhalla coinneála freisin. Is dóchúil gur thóg na manaigh an t-ardán seo chun cabhrú leo na clocha a ardú le hunlas d'fhonn an léibheann agus na struchtúir air a thógáil.

Tugtar an Trasnú Uachtarach ar an dtógáil dheireanach roimh an dreapadh suas deireadh chuig barr na binne. Rinneadh tochailt iomlán air seo agus nochtach uchtbhalla timpeall ar bhealach isteach pábháilte. Bhí drochbhail ar an bpábháil in áiteanna agus bhí sí tar éis titim in áiteanna ina raibh an chré thíos faoi glanta amach. Neartaíodh an trasnú agus deisíodh an phábháil.

Ón Trasnú Uachtarach, téann dreapadh géar suas céimeanna gearrtha as an gcarraig go dtí an barr, agus ansin ní mór dreapadh deacair a dhéanamh síos sraith sliastán ar an taobh thiar thuaidh chun an Léibheann Seachtrach a bhaint amach. Tá balla coinneála ar an léibheann seo a théann le cuar síos an carraig chéimnithe, ag fálú limistéir ar níos mó ná leibhéal amháin. Bhí an lán damáiste struchtúrach déanta don bhalla seo thar am, go háirithe ag an leibhéal íochtarach ag a raibh a lán de intite nó tite le fána. Bhí lear mór de chlocha tite tar éis titim chuig sliastán achar maith thíos; athghabháladh na clocha seo agus úsáideadh iad do na hoibreacha deisithe struchtúraigh agus caomhantais. Rinneadh tochailt ar an leibhéal uachtarach agus nochtadh cosán de shlinnte cloiche. Nochtadh agus caomhnaíodh iarsmaí de *leacht* freisin. Rinneadh cuid íochtarach an bhalla coinneála a chobhsú agus a dheisiú. Ní fios ar thug na manaigh tógáil an léibhinn seo chun críche riamh.

Baineann an obair dheireanach a rinneadh sa Díseart le gné nach raibh ar eolas againn roimhe seo. Tá pasáiste ann a théann ó thús an dreaptha ingearaigh faoi bhun Chró na Snáthaide i dtreo an iarthuaiscirt, ag tabhairt rochtana ar an taobh sin den oileán. Seans gur thóg na manaigh é chun rochtain ar éin agus a n-uibheacha a éascú. Mar sin féin, toisc go bhfuil sé ar scála neamhghnách, seans go raibh cuspóir eile leis. Tá an chuma air go raibh an pasáiste pábháilte. Rinneadh deisiú struchtúrach ar na ballaí atá fós ann. Tá balla coinneála beag agus ardán a bhaineann leis an bpasáiste seo gar do thús an dreaptha. Rinneadh damáiste dona don limistéar seo nuair a thit clocha ó lastuas. Rinneadh an limistéar seo a thochailt agus a dheisiú.

## Clár Cothabhála

### Ag tosach an tséasúir:

- déantar scrúdú ar an gcóiríocht, lena n-áirítear an córas fuinneamh gréine, an córas leictreachais etc. chun a fháil amach an ndearnadh damáiste dóibh le linn an gheimhridh agus tugtar iad suas leis an gcaighdeán is gá chun cur ar chumas pearsanra fanacht ar an oileán.

- déantar na struchtúir mhanachúla a sheiceáil d’aon damáiste, a chaithfear a dheisiú sula dtagann aon chuairteoirí chuig an oileán;

- déantar an fána géar os cionn an bhóthair a sheiceáil le haghaidh aon chloch mór a bhog nó a scaoileadh le linn an gheimhridh agus a d’fhéadfadh sábháilteacht na ndaoine ar Bhóthar an Tí Solais Íochtarach laistíos a chur i mbaol. Déanfar oibreacha feabhsaithe mar is cuí;

- déantar an ceannbhrat cosanta ag Cuainín na Croise a scrúdú agus deisítear aon damáiste don cheannbhrat láithreach.

## Liosta de Speicis

Tá ainmneacha eolaíocha na speiceas uile a luaitear i dtéacs an phlean seo san áireamh sna liostaí seo.

Taifeadadh na plandaí soithíocha seo a leanas ar Sceilg Mhichíl (i ndiaidh Lavelle 1977).

### Raithneach

| | |
|---|---|
| Fionncha Mara | *Asplenium marinum* |
| *Raithneach Leathan* | Dryopteris dilatata |
| Scim Chaol | *Polypodium vulgare* |

### Féara agus Iuachair

| | |
|---|---|
| Feorainn | *Agrostis stolonifera* |
| Beinteach Choiteann | *Agrostis capillaris* |
| Mionfhéar Luath | *Aira praecox* |
| Feisciú Dearg | *Festuca rubra* |
| *Féar an Chinn Bháin* | Holcus lanatus |
| Buafluachair | *Juncus bufonius* |
| Cuise Bliantúil | *Poa annua* |
| Cuise Garbh | *Poa trivialis* |

### Luibheanna

| | |
|---|---|
| Falcaire Fiáin | *Anagallis arvensis* |
| Rabhán | *Armeria maritima* |
| *Eilifleog Chladaigh* | Atriplex glabriuscula |
| Eilifileog Leathan | *Atriplex prostrata* |
| *Laíon na Trá* | Beta vulgaris |
| Cluas Luchóige Choiteann | *Cerastium fontanum* |
| *Sea Mouse-ear* | Cerastrium diffsum |
| Spear Thistle | *Cirsium vulgare* |
| *Common Scurvygrass* | Cochlearia officinalis |
| Sheep's-bit | *Jasione montana* |
| *Autumn Hawkbit* | Leontodon autumnalis |
| Buck's-horn Plantain | *Plantago coronopus* |
| *Sea Plantain* | Plantago maritima |
| Common Sorrel | *Rumex acetosa* |
| *Curled Dock* | Rumex crispus |
| Sea Pearlwort | *Sagina maritima* |
| *Procumbent Pearlwort* | Sagina procumbens |
| English Stonecrop | *Sedum anglicum* |
| *Buachalán Buí* | Senecio jacobaea |
| Coireán Mara | *Silene uniflora* |
| *Bleachtán Colgach* | Sonchus asper |

| | |
|---|---|
| Bleachtán Mín | *Sonchus oleraceus* |
| *Cabróis na gCloch* | Spergularia rupicola |
| Fliodh | *Stellaria media* |
| Seamair Bhán | *Trifolium repens* |
| Lus Bealtaine Mara | *Tripleurospermum maritimum* |
| Cornán Caisil | *Umbilicus rupestris* |

Taifeadadh na specis seo a leanas de mhamaigh:

| | |
|---|---|
| Rón Glas | *Halichoerus grypus* |
| Coinín | *Oryctolagus cuniculus* |
| Luch Thí | *Mus domesticus* |

Speicis d'éin nár luadh thuas:

| | |
|---|---|
| Fabhcún Gorm | *Falco peregrinus* |
| Cág Cosdearg | *Pyrrhocorax pyrrhocorax* |
| Fiach Dubh | *Corvus corax* |
| Riabhóg Chladaigh | *Anthus petrosus* |

# AGUISÍN 7:

## EOLAS GINEARÁLTA

### Cairteacha agus Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta

- An Chairt Idirnáisiúnta um Chaomhnú agus Athchóiriú Séadchomharthaí agus Suíomh (Cairt na Veinéise), 1964 .
- An Coinbhinsiún Oidhreachta Domhanda, 1972.
- An Chairt Eorpach d'Oidhreacht Ailtireachta (Comhairle na hEorpa), 1975.
- An Coinbhinsiún chun Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa a Chosaint (Coinbhinsiún Granada) - 1985
- An Chairt um Chosaint agus Bainistiú Oidhreacht Ailtireachta (Lausane) - 1990.
- An Coinbhinsiún Eorpach chun an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint (Athbhreithnithe) (Coinbhinsiún Valetta), 1992.
- Cáipéis Nara ar Fhíordheimhneacht (Comhdháil Nara ar Fhíordheimhneacht i nDáil leis an gCoinbhinsiún Oidhreachta Domhanda, Nara, an tSeapáin), 1994.
- An Chairt Idirnáisiúnta ar Thurasóireacht Chultúrtha, 1999.
- Cairt ICOMOS na hAstráile um Chaomhnú Áiteanna a mBaineann Suntas Cultúrtha Leo (Cairt Burra) (ICOMOS na hAstráile), 1999.

### Tagairtí Sábháilteachta

- *Ráiteas Sábháilteachta Sceilg Mhichíl*
- *Nósanna Imeachta Feidhmiúcháin Caighdeánacha Sceilg Mhichíl*
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 1993
- Na Rialacháin Tógála 2006
- Na Rialacháin maidir le hObair ar Airde, 2006
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Torann), 2006
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Creathadh), 2006

# AGUISÍN 8:

## ACHOIMRE AR AN bPRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN POIBLÍ

San iomlán, fuarthas 30 aighneacht mar chuid de chéim chomhairliúcháin phoiblí Dhréacht-Phlean Bainistíochta Sceilg Mhichíl 2007–2017. Bhain na haighneachtaí a fuarthas le réimse leathan agus éagsúil, agus fuarthas ionchur suntasach ó ghrúpaí leasmhara pobail, pearsanra gairmiúil agus teicniúil, institiúidí gairmiúla, comhlachtaí urraithe ag an Stát, ball de Dháil Éireann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údarás áitiúil, treoraithe, acadóirí agus an pobal níos leithne.

### Rangú na n-aighneachtaí a fuarthas

### Catagórú na nAighneachtaí

| Rangú | Líon na nAighneachtaí |
|---|---|
| Bádóirí | 8 (ag déanamh ionadaíochta ar 11 bádóir) |
| An pobal i gcoitinne | 4 |
| Comhlachtaí gairmiúla | 3 |
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha | 2 |
| Seandálaithe | 2 |
| Treoraí | 3 |
| Déantóir Scannán faoi Fhiadhúlra | 1 |
| Ball de Dháil Éireann | 1 |
| Grúpaí pobail agus turasóireachta áitiúla | 3 |
| Comhlachtaí urraithe ag an Stát | 2 |
| Údarás áitiúil | 1 |
| Iomlán | 30 |

Is féidir na haighneachtaí a chur sna catagóirí seo a leanas.

1. Caomhnú Oidhreachta Tógtha.
2. Beartas/Bainistíocht.
3. Seirbhísí do Chuairteoirí/Bainistíocht.
4. Oidhreacht Nádúrtha/Caomhnú Fiadhúlra.

## 1. Saincheisteanna maidir le Caomhnú Oidhreachta Tógtha

Go leathan, baineann na saincheisteanna sna haighneachtaí le:

- eolas ar thochailtí seandálaíochta;
- taighde seandálaíochta reatha agus sa todhchaí;
- beartas agus cleachtas caomhantais;
- an gá le sainghrúpa comhairleach;
- gné spioradálta an oileáin;
- rochtain ar an gcartlann;
- tionchar na n-oibreacha ar oidhreacht nádúrtha;
- bainistiú carta;
- straitéis taighde idir-dhisciplíneach.

## 2. Beartas/Bainistíocht.

Go leathan, baineann na saincheisteanna sna haighneachtaí le:

- Próiseas an Phlean Bainistíochta, e.g. comhairliúchán le páirtithe leasmhara áitiúla;
- cruthú an láithreáin ghréasáin;
- measúnachtaí ar riosca;
- athrú aeráide;
- léirmhíniú chairteacha UNESCO/ICOMOS;
- oideachas agus malartú eolais;
- tacú le turasóireacht áitiúil;
- glaoch ar mheasúnú neamhspleách ar an bplean/fiosrú.

## 3. Seirbhísí do Chuairteoirí/Bainistíocht.

Go leathan, baineann na saincheisteanna sna haighneachtaí le:

- beartais Bhainistíochta Suímh;
- sláinte agus sábháilteacht ag an suíomh agus ag fáil rochtana ar an suíomh (e.g. rochtain ar an mBinn Theas);
- easpa áiseanna do chuairteoirí, go háirithe easpa áiseanna leithris agus eolas roimh ré;
- ceadanna do bhádóirí áitiúla;
- líon na gcuairteoirí;
- sainiú fhad an tséasúir;
- rochtain ar an oileán (lena n-áirítear rochtain ag tumadóirí);
- easpa de straitéis turasóireachta;
- bainistíocht dramhaíola;
- tionchair ó amharc ar an tírdhreach;

- rochtain ar an oileán ag árthaí iasachta níos mó;
- ról na dtreoraithe;
- comhaontuithe rochtana agus comhairliúchán le Coimisinéirí Soilse na hÉireann.

## 4. Oidhreacht Nádúrtha/Caomhnú Fiadhúlra

Go leathan, baineann na saincheisteanna sna haighneachtaí le:

- ainmniúchán mar limistéar fiadhúlra/oidhreachta nádúrtha agus caomhnú, e.g. cóilíneacht na ngainéad ar an Sceilg Bheag, cosaint neadacha na gCánóg Dubh, geo-pháirceanna;
- suirbhé ar fhiadhúlra mara faoin uisce;
- tábhacht éaneolaíoch Sceilg Mhichíl;
- ról na timpeallachta nádúrtha sa Phlean Bainistíochta;
- fócas breise ar thábhacht éiceolaíoch sa phlean;
- monatóireacht neamhleor ar fhiadhúlra.

# Aguisín 9:

## Teagmhálacha agus Láithreáin Ghréasáin Úsáideacha

Ba chóir tuairimí nó ceisteanna faoin bPlean Bainistíochta seo a sheoladh chuig:

An tAonad Beartas Oidhreachta
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Átiúil
1 Lárionad Gnó Ard Chaomháin,
Ard Chaomháin,
Co. Loch Garman,
Poblacht na hÉireann

Teil: +353-1-8883036
Rphost: skelligm@environ.ie

### Láithreáin Ghréasáin Úsáideacha

**ICOMOS Éireann**
http://www.icomos.ie

**ICOMOS Idirnáisiúnta**
http://www.icomos.org

**The International Union for the Conservation of Nature and Natural Resources (IUCN).**
http://www.iucn.org

**Oidhreacht Éireann (OOP)**
http://www.heritageireland.ie


**An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Átiúil**
http:///www.environ.ie

**Oifig na nOibreacha Poiblí**
http://www.opw.ie

**An tIonad Oidhreachta Domhanda**
http://www.whc.unesco.org

**UNESCO**
http://www.unesco.org

# LEABHARLIOSTA



Adamnán, *Vita Sancti Columbae*. Eagraithe agus aistrithe le flúirseacht nótaí ag W. Reeves. Historians of Scotland 6. Dún Éideann, 1874.

*Adamnán's Life of Columba*, eag. A.O. Anderson agus M.Q. Anderson (1961). Eag. athbhreithnithe le M.O. Anderson (1991). Oxford University Press.

Allen, J. Romilly (1892) 'Notes on the Antiquities in Co. Kerry visited by the Royal Society of Antiquaries of Ireland and the Cambrian Archaeological Association, August 1891.' In Royal Society of Antiquaries of Ireland, 282–4.

*Annals of Inisfallen*. Eag. agus aistr. ag Sean MacAirt (1951). Athchló. Baile Átha Cliath, 1977.

*Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters, from the Earliest Period to 1616*. Eag. agus aistr. ag John O'Donovan (1851). 3 iml. Baile Átha Cliath.

*Annals of Ulster*. Eag. agus aistr. ag William M. Hennessy (1887). 2 iml. Baile Átha Cliath.

Archdall, M. (1786) *Monasticon Hibernicum*: nó *History of the Abbies, Priories and other Religious Houses in Ireland*. Baile Átha Cliath. Athchló: eag. P. Moran (1872). Iml. Ii. Baile Átha Cliath.

Athanasius, Saint. *The Life of Antony and the Letter to Marcellinus*. Aistr. ag Robert C. Gregg (1980). Classics of Western Spirituality. Nua Eabhrac.

Bede, the Venerable. *Historiam ecclesiasticam gentis Anglorum Historiam abbatum, Epistolam ad Ecgberctum, una cum Historia abbatum auctore anonymo, ad fidem codicum manuscriptorum denuo recognovit, commentario tam critico quam historico instruxit.* Eag. ag Carolus Plummer (1896). 2 iml. Oxford.

Bede, the Venerable. A *history of the English church and people*. Eag. agus aistr. ag L. Sherley-Price (1955) Londain; athbhreithnithe ag R.E. Latham (1983). Londain.

Berger, Rainer (1992) '14C Dating Mortar in Ireland'. In *Radiocarbon*, iml. 34, uimh. 3, 880–89.

Berrow, S.D., Mackie, K.L., O'Sullivan, O., Shepherd, K.B., Mellon, C. agus Coveney, J.A. (1993) *The second International Chough Survey in Ireland*, 1992. Irish Birds 5: 1–10.

Bourke, E. (1994) *Excavations 1993, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland*. In I. Bennett (eag.) 45. Baile Átha Cliath.

Bourke, E, 1995 *Excavations 1994, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland,* I. Bennett (eag.), 44–5. Dublin.

Bourke, E. (1996) *Excavations 1995, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland.* In I. Bennett (eag.) 41. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (1997) *Excavations 1996, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland.* In I. Bennett (eag.) 48. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (1998) *Excavations 1997, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland.* In I. Bennett (eag.) 86. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (2000) *Excavations 1998, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland.* In I. Bennett (eag.) 93. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (2003) *Excavations 2001, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland.* In I. Bennett (eag.) 170. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (2004) *Excavations 2002, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland*. In I. Bennett (eag.) 217. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (2005) 'A preliminary analysis of the inner enclosure of Skellig Michael, Co. Kerry'. In *Above and Beyond; essays in memory of Leo Swan*, T. Condit agus C. Corlett (eag.), 121–37. Baile Átha Cliath.

Bourke, E. (2006) *Excavations 2003, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland*. In I. Bennett (eag.) 220. Baile Átha Cliath.

*Calendar of Documents Relating to Ireland, 1302-04* (1875–86) Eag. H.S. Sweetman agus G.E. Handcock. Iml. 5, 294–9. Londain. Athchló: Londain, 1974.

*Calendar of Papal Registers relating to Great Britain and Ireland* (1893–1989). Iml 1–16. Londain.

Cambrensis, Giraldus, *Topographia Hibernica et Expugnatio Hibernica*. Eag. J.F. Dimock (1867). Rolls Series 21, Iml. 5 de Giraldi Cambrensis Opera. Londain.

Giraldus Cambrensis, *The History and Topography of Ireland*. Eag. agus aistr. ag John J. O'Meara (1951). Dún Dealgan. Eag. athbhreithnithe. Londain, 1982.

Champneys, Arthur C. (1910) *Irish Ecclesiastical Architecture*. Londain.

Chatterton, Lady (1839) *Rambles in the South of Ireland*. 2 iml. Londain.

Cotter, C. (1992) *Excavations 1991, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland*. In I. Bennett (eag.) 25. Baile Átha Cliath.

de Paor, Liam (1955) 'A Survey of Skellig Michael.' In *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, 85, 174–87.

de Paor, Maire agus Liam de Paor (1958) *Early Christian Ireland*. Athchló: Londain, 1967.

Dunning, P.J. (1945) 'The Arroasian Order in Medieval Ireland.' In *Irish Historical Studies* 4 (Samhain 16), 297–315.

Dunraven, Edwin Richard Windham Wyndham-Quin, Third Earl of Dunraven (1875 agus 1877) *Notes on Irish Architecture*. Eag. Margaret Stokes. 2 iml. Londain.

Edwards, Nancy (1985) 'Origins of the Free-standing Cross in Ireland: Imitation or Innovation?' In *Bulletin of the Board of Celtic Studies*. Cardiff.

Etchingham, Colmán (1999) *Church Organisation in Ireland AD 650 to 1000*. Maigh Nuad.

Fanning, Thomas (1981) 'Excavation of the Early Christian Cemetery and Settlement at Reask, County Kerry.' In *Proceedings of the Royal Irish Academy* 81 C, 65–163.

Foley, Patrick (1903) *The Ancient and Present State of the Skelligs, Blasket Islands, Donquin, and the West of Dingle*. Baile Átha Cliath.

Gogarty, Thomas (1912–13) 'Documents concerning Arch. Dowdall.' In *Archivium Hibernicum*, iml. 1–2. Baile Átha Cliath.

Gwynn, Aubrey agus R. Nevill Hadcock (1970) *Medieval Religious Houses in Ireland*. Sasana.

Harbison, Peter (1976) 'John Windele's Visit to Skellig Michael in 1851.' In *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society*, 125–48.

Harbison, Peter (1991) *Pilgrimage in Ireland: The Monuments and the People*. Londain.

Hayden, A. (Le teacht) *Excavations 2005, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland*. In I. Bennett (eag.).

Hayward, Richard (1946) *In the Kingdom of Kerry*. Athchló: Dún Dealgan, 1976.

Henry, Françoise (1940) *Irish Art in the Early Christian Period*. Eag. athbhreithnithe. Londain, 1965.

Henry, Françoise (1957) 'Early Monasteries, Beehive Huts and Dry-stone Houses.' In *Proceedings of the Royal Irish Academy* 58, 127–79.

Henry, Françoise (1963) *L'Art Irlandais*. 3 iml. Páras.

Horn, Walter (1973) 'On the Origins of the Medieval Cloister.' In *Gesta* 12, 14–52.
Horn, Walter agus Ernest Born (1979) *The Plan of St. Gall*. 3 iml. University of California Press.

Horn, Walter, Jenny White Marshall agus Grellan D. Rourke (1990) *The Forgotten Hermitage of Skellig Michael*. University of California Press.

Hughes, Kathleen (1966) *The Church in Early Irish Society*. Londain. Athchló: Londain, 1980.

Hughes, Kathleen (1972) *Early Christian Ireland: Introduction to the Sources. Sources of History: Studies In the Uses of Historical Evidence 6*. Londain.

Hughes, Kathleen agus Ann Hamlin (1977) *The Modern Traveller to the Early Irish Church*. Londain. Athchló: Baile Átha Cliath, 1997.

Lamb, H.H. (1972–7) *Climate: Present, Past and Future*. 2 iml. Londain.

*Landscape Archaeology in Ireland*. Eagraithe ag Terence Reeves-Smyth agus Fred Hammond. British Archaeological Research, British Series 116, 1983.

Lavelle, Des (1977) *Skellig: Island Outpost of Europe*. Baile Átha Cliath. Athchló: Baile Átha Cliath, 2006.

Leask, Harold (1955) *Irish Churches and Monastic Buildings.* 3 iml. Dún Dealgan.

*Lebor Gabála Érenn*. Eag. agus aistr. ag R.A.S. Macalister (1938–56). 5 chuid. Irish Texts Society. Baile Átha Cliath.

Lionard, Pádraig (1961) 'Early Irish Cross-Slabs' eag. Françoise Henry. In *Proceedings of the Royal Irish Academy* 61 C, 95–169.

Lynch, A. (1987) *Excavations 1986, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland.* In C. Cotter (eag.), 21. Baile Átha Cliath.

Lynch, A. (1988) *Excavations 1987, Summary Accounts of Archaeological Excavations in Ireland*. In I. Bennett (eag.) 17-18. Baile Átha Cliath.

Macauley, Kenneth (1764) *The Story of St. Kilda*. Londain.

Maclean, Charles (1980) *Island on the Edge of the World: The Story of St. Kilda*. Nua Eabhrac.

Martin, Martin (1698) *A Voyage to St. Kilda*. Londain; athchlóite a lán uaireanta i ndiaidh sin.

*Martyrology of Tallaght, The. Ó Book of Leinster agus MS 5100-4 sa Leabharlann Ríoga, An Bhruiséil*, MS 5100-104. Eag. ag R.I. Best agus H.J. Lawlor (1931). Londain.

Mason, Thomas (1936) *The Islands of Ireland*. Londain.

Merne, O.J. & A. Walsh (2005) Breeding seabirds of the Skelligs, County Kerry. In *Irish Birds 7*, 461–74.

*Monastery of Tallaght* (1911). Eag. agus aistr. ag E.J. Gwynn agus W.J. Purton. In *Proceedings of the Royal Irish Academy* 29, 115–79.

Marshall, Jenny White agus Grellan D. Rourke (2000) *High Island: An Irish Monastery in the Atlantic*. Baile Átha Cliath.

Marshall, Jenny White and Claire Walsh (2005) *Illaunloughan Island: An Early Medieval Monastery in County Kerry*. Éire.

Mitchell, P.I., S.F. Newton, N. Ratcliffe, agus T.E. Dunn (2004) *Seabird Populations of Britain and Ireland*. Londain.

Nicol, Donald M. (1963) *Meteora: The Rock Monasteries of Thessaly*. Londain.

O'Connor, Thomas. *Ordnance Survey Letters of 1841, Kerry 403 and 405-13*. Baile Átha Cliath: Cartlanna na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta.

Ó'Criónín, Dáibhí (1995) *Early Medieval Ireland 400-1200*. Londain agus Nua Eabhrac.

O'Dwyer, Peter (1981) *Célí Dé: Spiritual reform in Ireland: 750-900*. Baile Átha Cliath.

O'Kelly, M.J. (1958) 'Church Island near Valentia, Co. Kerry.' In *Proceedings of the Royal Irish Academy* 59 C, 57–136.

Ó'Maídín, Uinseann (1996) *The Celtic Monk: Rules & Writings of Early Irish Monks*. Cistercian Studies Series No. 162. Michigan.

*Ordnance Survey Map of 1841, Kerry 104*. Baile Átha Cliath: Cartlanna na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta.

O'Sullivan, A. agus J. Sheehan (1996) *'The Iveragh Peninsula: an archaeological survey of south Kerry*. Corcaigh.

O'Sullivan, Bráthair i Mainistir Mhucrois, 'Ancient History of the Kingdom of Kerry.' Eag. an tAthair Jarlath Prendergast (1898–1900). In *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 4–6.

O'Sullivan, Michael (1987) 'Geological Aspects of the Constructions above the Needle's Eye on the South Peak of Skellig Michael.' In *Report to the Commissioners of Public Works*.
Roe, Helen (1965) 'The Irish Cross, Morphology and Iconography.' In *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 95, 213–18.

Roe, Helen (1976) 'The Cult of St. Michael in Ireland.' In *Folk and Farm*, eag. C. O'Danachair. Royal Society of Antiquaries of Ireland.

Rourke, Grellan D. (1987) 'Works to the Small Oratory terrace on Skellig Michael.' In *Public Works: the Architecture of the Office of Public Works, 1831-1987*. Architectural Association of Ireland, 111–13.

Rourke, Grellan D. (1997) 'The Stabilisation of the Early Christian Monastery on the Island of Skellig Michael, Co. Kerry, Ireland.' In *Studies in Ancient Structures: Proceedings of The International Conference, an Tuirc, 14–18 Iúil 1997*. YTU Faculty of Architecture Publication, 585–94. Istanbul.

Rourke, Grellan D. (2002) 'Preserving the Monuments on Skellig Michael for the Future.' In *Antiquity*, 76.292, 542–52.

*Rule of St. Columba* (1873). Eag. agus aistr. ag Arthur W. Haddan agus William Stubbs. Iml. 2, Airt. 1, Aguisín A. Councils and Ecclesiastical Documents Relating to Great Britain and Ireland. Oxford.

*Rule of Tallaght, The* (containing The Teaching of Máel-ruain and The Rule of the Célí Dé) (1927). Eag. agus aistr. ag Edward Gwynn. In *Hermathena* uimh. 44, 2d iml. forlíontach Baile Átha Cliath agus Londain.

*Sancti Columbani Opera* (1957). Eag. agus aistr. ag G.S.M. Walker. Scriptores Latini Hiberniae 2. Dublin Institute for Advanced Studies.

Severus Sulpicius. *The Works of Sulpicius Severus* (1890–1900). Aistr. ag Alexander Roberts. Select Library of Nicene and Postnicene Fathers of the Church 11, 1–122.

Smith, Charles (1756) *The Ancient and Present State of the County of Kerry*. Baile Átha Cliath. Athchló: Corcaigh, 1969.

Stokes, Margaret (1978) *Early Christian Architecture in Ireland*. Londain.

*Thesaurus Palaeohibernicus: A Collection of Old-Irish Glosses, Scholia, Prose and Verse* (1901). Eag. agus aistr. ag Whitley Stokes agus John Strachan. 2 iml. Athchló: Oxford, 1975.

Thomas, Charles (1971) *Britain and Ireland in Early Christian Times, a.d. 400-800*. Londain.

Thomas, Charles (1971) *The Early Christian Archaeology of North Britain*. Londain.

*Two Lives of Saint Cuthbert: A Life by an Anonymous Monk of Lindisfarne and Bede's Prose Life* (1940). Eag. agus aistr. ag Bertram Colgrave. Cambridge University Press.

*Vitae Sanctorum Hiberniae, Partim Hactenus Ineditae ad Fidem Codicum Manuscriptorum Recognovit Prolegonimis Notis Indicibus Instruxit* (1910). Eag. Charles Plummer. 2 iml. Oxford.

Wakeman, W.F. (1886) 'A Survey of the Antiquarian Remains of the Island of Inishmurray.' In *Journal of the Royal Historical and Archaeological Association of Ireland.* Iml. 7, 4ú sraith. Baile Átha Cliath. Athchló: Londain agus Dún Éideann, 1893.

Walsh, Rev. T.J. agus Denis O'Sullivan (1949) 'St. Malachy, the Gill Abbey of Cork, and the Rule of Arrouaise.' In *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 54, 40–61.

Wanless, S., S. Murray agus M.P. Harris (2005) 'The status of the Northern Gannet in Britain & Ireland in 2003 / 04'. In *British Birds*, 98: 280–94.

*War of the Gaedhil with the Gaill; or, the Invasion of Ireland by the Danes and Other Norsemen* (1867). Eag. James Henthorn Todd. Londain.

Wessel, Klaus (1963) *Koptische Kunst: Die Spätantike in Ägypten*. Rechlinghausen.

*Western Asceticism* (1958). Aistr. ag Owen Chadwick. Library of Christian Classics 12. Philadelphia.

Westropp, T.J. (1897) 'Cruise in Connection with the Munster Meeting, a Descriptive Sketch of Places Visited.' In *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 17, 265–358. (Cuimsithe freisin i *The Antiquarian Handbook* (1904), eag. R. Cochrane. Royal Society of the Academy of Ireland.)

Wilson, T.G. (1968) *The Irish Lighthouse Service*. Baile Átha Cliath.

Windele, John (1826–51) *Journals on Travels in Cork and Kerry*. Lámhscríbhinn i leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann: MS 12C.11. (Le haghaidh athchló luachmhar, ach neamh-chríochnaithe de théacs Windele, féach Harbison, 1976.)

Ionad Oidhreachta Domhanda (2008), *Operational Guidelines for the Implementation of the World Heritage Convention* (http://www.whc.unesco.org).

Arna phriontáil ar pháipéar
athchúrsáilte a bhfuil 75% ar a laghad